European Asylum Support Office

# EASO Tuarascáil Ghinearálta Bhliantúil 2019

Meitheamh 2020



European Asylum Support Office

# EASO Tuarascáil Ghinearálta Bhliantúil 2019

**Meitheamh 2020**

SUPPORT IS OUR MISSION

Cuirtear síos sa tuarascáil ghinearálta bhliantúil seo ar na gníomhaíochtaí ar thug EASO fúthu sa bhliain 2019 agus ullmhaíodh í i gcomhréir le hAirteagal 29(1)(c) de Rialachán (AE) Uimh. 439/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 2010 lena mbunaítear Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn.

Ghlac Bord Bainistíochta EASO an tuarascáil seo an 9 Meitheamh 2020 agus seoladh chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach agus chuig an gCúirt Iniúchóirí í.

Is doiciméad poiblí í an tuarascáil ghinearálta bhliantúil agus aistrítear go gach teanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh í.

Níl an Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn (EASO) ná aon duine a ghníomhaíonn thar ceann EASO freagrach as an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis seo a leanas.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2020

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Print | ISBN 978-92-9485-588-6 | ISSN 2467-3501 | doi:10.2847/202345 | BZ-AD-20-001-GA-C |
| PDF | ISBN 978-92-9485-563-3 | ISSN 2314-9825 | doi:10.2847/23612 | BZ-AD-20-001-GA-N |

© An Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn, 2020

Údaraítear atáirgeadh ar choinníoll go n-aithnítear an fhoinse.

Chun grianghraif nó ábhar eile nach bhfuil faoi chóipcheart EASO a úsáid nó a atáirgeadh, ní mór cead a lorg go díreach ó shealbhóirí an chóipchirt.

# Clár Ábhar

**Liosta giorrúchán** ..... **4**
**Brollach** ..... **5**
**1. Tacaíocht oibríochtúil** ..... **7**
*1.1 An Ghréig* ..... *7*
*1.2 An Iodáil* ..... *10*
*1.3 An Chipir* ..... *12*
*1.4 Málta* ..... *14*
*1.5 An ghné sheachtrach* ..... *16*
**2. Pleanáil oibríochtaí, meastóireacht agus uirlisí tacaíochta** ..... **20**
*2.1 Tacaíocht oibríochtúil agus uirlisí oibríochtúla* ..... *20*
*2.2 Pleanáil, faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar oibríochtaí* ..... *21*
*2.3 Oiliúint oibríochtúil* ..... *21*
*2.4 Tacaíocht cháilíochta d'oibríochtaí* ..... *22*
**3. Faisnéis, anailís agus forbairt eolais** ..... **25**
*3.1 Faisnéis faoin tír thionscnaimh* ..... *25*
*3.2 Treoir thíre* ..... *26*
*3.3 Mol Sonraí EASO* ..... *27*
*3.4 Clár taighde ar réamhrabhadh agus taighde ar bhunchúiseanna* ..... *29*
*3.5 Anailís straitéiseach* ..... *30*
*3.6 Córas faisnéise agus cáipéisíochta* ..... *31*
*3.7 An tuarascáil bhliantúil ar staid an tearmainn san Aontas* ..... *32*
**4. Oiliúint** ..... **33**
*4.1 Curaclam oiliúna EASO* ..... *33*
*4.2 Deimhniú agus creidiúnú* ..... *35*
*4.3 Ríomhfhoghlaim agus tacaíocht theagascach* ..... *35*
*4.4 Tacaíocht oiliúna eile* ..... *36*
**5. Tacaíocht tearmainn** ..... **37**
*5.1 Próisis tearmainn* ..... *37*
*5.2 Líonraí comhair phraiticiúil* ..... *38*
5.2.1 Líonra EASO um Ghrúpaí Leochaileacha ..... 38
5.2.2 Líonra EASO um Aonaid Bhaile Átha Cliath ..... 40
5.2.3 Líonra EASO um Údaráis Ghlactha ..... 41
5.2.4 Líonra EASO um Eisiamh ..... 43
*5.3 Comhar le comhaltaí na gcúirteanna agus na mbinsí* ..... *43*
**6. Gníomhaíochtaí cothrománacha** ..... **46**
*6.1 An fóram comhchomhairleach agus an tsochaí shibhialta* ..... *46*
*6.2 Cumarsáid agus ócáidí EASO* ..... *46*
*6.3 Caidreamh le geallsealbhóirí* ..... *47*
**7. Rialachas** ..... **49**
**Iarscríbhinní** ..... **51**
*A.I.: Cairt eagrúcháin EASO* ..... *51*
*A.II.: Buiséad EASO sa bhliain 2019* ..... *52*
*A.III. Foireann EASO* ..... *54*

# Liosta giorrúchán

| | |
|---|---|
| **AE** | An tAontas Eorpach |
| **AE+** | Ballstáit AE agus tíortha comhlachaithe |
| **AIP** | An Díorma um Idirghabháil Tearmainn |
| **AST** | foireann tacaíochta do chúrsaí tearmainn |
| **CAWG** | An Mheitheal um Dheimhniú agus um Chreidiúnú |
| **CEAS** | An Comhchóras Eorpach Tearmainn |
| **CEPOL** | Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí |
| **CGB** | ceartas agus gnóthaí baile |
| **CJEU** | Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh |
| **COI** | faisnéis faoin tír thionscnaimh |
| **CSO** | eagraíocht sochaí sibhialta |
| **DGMM** | An Ard-Stiúrthóireacht um Bainistíocht Imirce (an Tuirc) |
| **EASO** | An Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn |
| **EMN** | Gréasán Imirce na hEorpa |
| **EPRA** | Ardán Eorpach na nGníomhaireachtaí um Ghlacadh |
| **EPS** | Córas Réamhrabhaidh agus Ullmhachta |
| **EUAA** | Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann |
| **eu-LISA** | An Ghníomhaireacht Eorpach chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais |
| **Eurojust** | Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil |
| **FRA** | Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha |
| **Frontex** | An Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta |
| **GAS** | Seirbhís Tearmainn na Gréige |
| **IDS** | Córas Faisnéise agus Cáipéisíochta |
| **IOM** | An Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce |
| **MedCOI** | faisnéis leighis faoin tír thionscnaimh |
| **NCP** | pointe teagmhála náisiúnta |
| **PSP** | cláir urraíochta príobháidí |
| **RIS** | Seirbhís Glactha agus Sainaitheanta |
| **SOP** | buan-nós imeachta oibríochta |
| **SSP** | plean tacaíochta speisialta |
| **UAM** | mionaoisigh neamhthionlactha |
| **UNHCR** | Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe |

# Brollach



**Nina Gregori**
Stiúrthóir Feidhmiúcháin EASO

Nuair a chuaigh mé i mbun an róil mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar an Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn (EASO) an 16 Meitheamh 2019, bhí mé cinnte go bhféadfadh EASO teacht chun cinn agus cur chun feidhme a chláir oibre uaillmhianaigh a chur ar aghaidh ach leas a bhaint as prionsabail an dea-rialachais. Ar aon dul leis an bhfís sin, agus bunaithe ar na tosaíochtaí a sainaithníodh do EASO, mhol mé struchtúr eagrúcháin nua don Ghníomhaireacht, rud a cheadaigh Bord Bainistíochta EASO ina dhiaidh sin an 26 Samhain 2019.

Tá an struchtúr nua sin, a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2020, ag teacht leis na trí réimse tosaíochta le haghaidh fhorbairt EASO sa todhchaí: ról oibríochtúil EASO a neartú; géarú ar an oiliúint agus ar an bhforbairt ghairmiúil a sholáthraíonn sé do shaineolaithe tearmainn; agus an ról atá ag EASO mar fhíor-lárionad eolais agus saineolais ar chúrsaí tearmainn a chruthú. Tá an struchtúr nua bunaithe ar chur chuige bunaithe ar riachtanais maidir le pleanáil, lena n-áirítear na hacmhainní daonna agus airgeadais a theastaíonn chun rialachas inmheánach EASO a threisiú, amhail pleanáil chorparáideach, rialú inmheánach agus rialú *ex post*, iniúchtaí, gnóthaí dlí, agus cáilíocht, i measc réimsí eile.

Tá 10 mbliana imithe thart anois ó glacadh an rialachán lena mbunaítear EASO ar an 19 Bealtaine 2010, a fhágann gur am maith é seo le féachaint siar ar an dul chun cinn a rinneamar mar ghníomhaireacht ar an sainordú atá againn a chomhlíonadh. Mar lárionad saineolais, is é an sprioc atá ag EASO feabhas a chur ar chomhar praiticiúil, malartú faisnéise a spreagadh, agus cóineasú a áirithiú le linn measúnú a dhéanamh ar na riachtanais chosanta sna Ballstáit agus le linn cúnamh oibríochtúil agus teicniúil a thabhairt do Bhallstáit a bhfuil a gcórais tearmainn agus ghlactha faoi bhrú.

Bhí gníomhaíochtaí EASO sa bhliain 2019 deartha agus saincheaptha chun freastal ar riachtanais ar an talamh – ar leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta – agus chun freagairt go héifeachtach do na treochtaí athraitheacha i réimse na himirce agus an tearmainn. Cuireadh na riachtanais sin san áireamh i gcláir oibre bhliantúla agus ilbhliantúla EASO freisin.

Tá tacaíocht oibríochtúil ar cheann de na príomh-chomhpháirteanna de ghníomhaíochtaí EASO go fóill, agus í freagrach as breis agus 40 % de bhuiséad EASO don bhliain 2019. Lean EASO leis an tacaíocht oibríochtúil a thugann sé do na Ballstáit a leathnú de réir a chéile, maidir le leibhéal an chúnaimh a thugann sé agus maidir le méid a chuid oibríochtaí araon. Sa bhliain 2019 amháin, chomhordaigh EASO breis agus 900 pearsa a imscaradh in 88 láthair ar fud na Gréige, na hIodáile, na Cipire agus Mhálta. Thacaigh EASO le hiarrachtaí athlonnaithe na mBallstát a chur chun feidhme faoi chuimsiú na scéimeanna athlonnaithe Eorpacha, ag obair dó i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach, le hOifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe agus le gníomhaithe eile.

Is foinse luachmhar aschuir iad na saineolaithe a fhostaítear chun tacaíocht theicniúil a sholáthar, lena n-áirítear trí ábhair i réimse na faisnéise faoin tír thionscnaimh agus ábhair threorach a fhoilsiú; trí shonraí tearmainn a bhailiú, a anailísiú agus a dháileadh; trí uirlisí praiticiúla a fhorbairt chun caighdeáin choiteanna agus próisis ar ardchaighdeán a bhaint amach; trí chomhairle a thabhairt ar oibleagáidí dlíthiúla; trí chleachtais i mBallstáit éagsúla a léarscáiliú; agus trí líonraí saineolais a éascú i réimsí éagsúla an tearmainn.

Lean EASO le modúil oiliúna nua a tháirgeadh agus le modúil atá ann cheana a nuashonrú freisin, ar nithe iad lena bhfreagraítear d’fhorbairtí nua agus d’athruithe i réimse tearmainn an Aontais. Mar

thoradh ar oiliúint a chur ar oifigigh thearmainn náisiúnta, áirithíodh go bhfuil cur i bhfeidhm coiteann ardleibhéil chaighdeáin an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn (CEAS) ann. Lean EASO le hoiliúint a sholáthar, lenar áiríodh trí sheisiúin oiliúna don oiliúnóir, bunaithe ar chomhchóras gairmoiliúna lena gcumhdaítear na príomhghnéithe den nós imeachta tearmainn. Chuir sé oiliúint ar thart ar 6 630 duine sa bhliain 2019 amháin.

Ag an am céanna, leanann EASO le hullmhú don sainordú nua a bheidh aige faoin rialachán amach anseo maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann chun a áirithiú go mbeidh an ghníomhaireacht feidhmiúil a luaithe a thiocfaidh an rialachán nua i bhfeidhm. Beidh cúraimí nua ag gabháil leis an sainordú nua, rud a threiseoidh ról na gníomhaireachta mar lárionad saineolais agus tacaíochta agus a chumasóidh di ról níos láidre a imirt sa Chomhchóras Eorpach Tearmainn a chur chun feidhme.

# 1. Tacaíocht oibríochtúil

Taisceadh breis agus 714 200 iarratas ar chosaint idirnáisiúnta i dtíortha AE+ sa bhliain 2019: cothrom le méadú 13 % ar an bhfigiúr don bhliain 2018 ([1]). Breathnaíodh an treocht aníos sin cheana féin i bhfómhar na bliana 2018, agus lean sí ar aghaidh sa bhliain 2019. Ar aon dul le treochtaí san am atá thart, ba mhó i bhfad an líon iarratas a fuarthas ar thearmann ná an líon daoine a braitheadh ag an teorainn sheachtrach (cóimheas 5:1). Tríd is tríd, is féidir leis an líon mór iarratasóirí atá díolmhaithe ó cheanglais víosa ar theacht isteach i limistéar Schengen dóibh bheith ina chúis leis an méadú sin, rud a mhíníonn an méadú a tháinig ar an líon iarratas ar chosaint idirnáisiúnta agus an laghdú a tháinig ar an líon imirceach neamhdhleathach a braitheadh ag an teorainn sheachtrach. Ba as Meiriceá Laidineach d'fhormhór na n-iarratasóirí a bhí saor ó víosa agus, mar aon le Veiniséalaigh, áiríodh leo náisiúnaigh de chuid na Colóime, na Salvadóire agus Hondúras.

Ar an iomlán, taisceadh seacht n-iarratas as gach deich gcinn i gcúig cinn de thíortha AE+ amháin agus, i gcomparáid leis an bhfigiúr don bhliain 2018, tháinig méadú ar an líon iarratas a fuair formhór na dtíortha AE+ le linn na bliana. Bhí sé sin ar an gcéad uair riamh a tháinig méadú (bliantúil) ar an líon iarratas ar thearmann ón mbliain 2015 amach. Beag beann ar an méadú sin, bhí an líon iarratas a taisceadh fós an-íseal i gcomparáid leis na figiúirí le linn na géarchéime idir 2015-2016.

Ag gníomhú dó laistigh den sainordú atá aige ([2]), lean EASO le tacaíocht oibríochtúil shaincheaptha a thabhairt do Bhallstáit a bhfuil brú ar leith ar a gcórais tearmainn agus ghlactha. Ar iarratas ón nGréig, ón Iodáil, ón gCipir agus ó Mhálta, cuireadh bearta tacaíochta de chuid EASO chun feidhme bunaithe ar bhearta comhaontaithe a leagadh amach i bpleananna oibriúcháin tíre a comhaontaíodh go frithpháirteach.

I dteannta na tacaíochta a soláthraíodh trí na pleananna oibriúcháin sin, ghabh EASO do chleachtaí díbhordála agus athshocraithe dheonaigh *ad hoc* freisin. Cuireadh na gníomhaíochtaí sin i gcrích san Iodáil agus i Málta le linn na bliana. Ar fud an phróisis, d'oibrigh EASO go dlúth faoi chuimsiú an chreata a bhunaigh an Coimisiún Eorpach.

D'éirigh le EASO "samhail Messina" a fhorbairt in éineacht leis an gCoimisiún Eorpach, lena sainítear an bunús dlí d'oibríochtaí den sórt sin (faoi Airteagal 17(2) de Rialachán Bhaile Átha Cliath) agus lena n-áirítear comhaontú ar an gceanglas go ndéanfaí gach inimirceach a chlárú mar iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta laistigh de na córais náisiúnta faoi seach agus den Bhunachar Sonraí Dachtalascópachta Tearmainn Eorpach (Eurodac). Cumhdaítear leis an tsamhail freisin cur i bhfeidhm na gcritéar roghnúcháin agus meaitseála a úsáidtear chun cabhrú le hiarratasóirí a mheaitseáil le gealltanais ó na Ballstáit.

Cuireadh buan-nósanna imeachta oibríochta teicniúla i gcrích le cúnamh ó EASO tar éis Dhearbhú Mhálta freisin, lenar sainíodh tuilleadh, agus lenar daingníodh, na róil agus na freagrachtaí faoi seach de chuid na ngníomhaithe uile i réimse na díbhordála agus an athshocraithe dheonaigh. Thug EASO tacaíocht shonrach i leith 24 imeacht den sórt sin sa bhliain 2019, a raibh 2 716 iarratasóir i gceist leo.

## 1.1 An Ghréig

**Plean Oibriúcháin don Ghréig don bhliain 2019**
Leanadh le tacaíocht a thabhairt don Ghréig i gcomhréir leis an raon feidhme agus na gníomhaíochtaí a sainíodh sa Phlean Oibriúcháin don bhliain 2019. A bhuí leis na Foirne Tacaíochta do Chúrsaí Tearmainn de chuid EASO a imscaradh chuig Seirbhís Tearmainn na Gréige agus chuig an Údarás Achomhairc, cruthaíodh tuilleadh éifeachtúlachta i gcur chun feidhme an nóis imeachta tearmainn. Tacaíodh leis an tSeirbhís Glactha agus Sainaitheanta freisin lena hionaid ghlactha a chomhordú, a bhainistiú agus a oibriú i gcoitinne.

Thug EASO tacaíocht mhéadaitheach d'údaráis na Gréige le hiarratais ar chosaint idirnáisiúnta a phróiseáil; feabhas a chur ar rochtain ar nós imeachta; agus cur leis an gcumas atá acu na láithreacha glactha atá leithdháilte ar fud na tíre a bhainistiú. Chomh maith leis sin, chabhraigh EASO le próiseáil a dhéanamh ar líon méadaitheach iarratas

([1]) Sa bhliain 2019, bhí AE+ comhdhéanta de na 28 Ballstát den Aontas móide an Iorua agus an Eilvéis. Bhí sonraí míosúla faoi iarratais ar chosaint idirnáisiúnta ar fáil do 30 tír AE+ go mí Mheán Fómhair agus do 29 tír AE+ ó mhí Dheireadh Fómhair amach.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 439/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 2010 lena mbunaítear Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn, IO L 132, 29.5.2010.

amach faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath agus le faisnéis riachtanach a sholáthar d'iarratasóirí ar thearmann.



Foirne Tacaíochta do Chúrsaí Tearmainn de chuid EASO, an Ghréig Thuaidh.

Thug EASO tacaíocht shuntasach do Sheirbhís Tearmainn na Gréige agus don Údarás Achomhairc faoin bPlean Oibriúcháin don bhliain 2019, agus cúnamh éifeachtach tráthúil á thabhairt aige maidir leis na nósanna imeachta tearmainn ag an teorainn agus na ngnáthnósanna imeachta tearmainn is infheidhme ar mhórthír na Gréige agus ar na hoileáin a chur chun feidhme. Chuir oifigigh chlárúcháin de chuid EASO breis agus 40 000 (³) clárú – lenar áiríodh réamhchláruithe – i gcrích sa bhliain 2019, agus, ar an mbealach sin, d'éascaigh siad rochtain ar an nós imeachta tearmainn. Agus iad comhdhéanta de shaineolaithe de chuid na mBallstát agus de phearsana a earcaíodh go háitiúil, rinne Foirne Tacaíochta do Chúrsaí Tearmainn de chuid EASO breis agus 8 000 agallamh agus dhréachtaigh siad níos mó ná 9 000 (⁴) ceann de thuairimí conclúideacha ar chásanna tearmainn.



Foirne Tacaíochta do Chúrsaí Tearmainn de chuid EASO, Oileáin na Gréige

Ina theannta sin, ag an gcéad chéim, chuir EASO leis an gcumas atá ag Aonad Bhaile Átha Cliath i Seirbhís Tearmainn na Gréige trí bhaill foirne leabaithe a imscaradh chuige, áit ar láimhseáil siad iarratais a raibh 3 000 duine i gceist leo. Ag an dara céim, rinne EASO oifigigh thaighde (rapóirtéirí dlí) a imscaradh mar chuid den tacaíocht a tugadh don Údarás Achomhairc. A bhuí leis an tacaíocht uathu, b'amhlaidh, i gcomparáid leis an mbliain 2018, gur tháinig méadú ar an líon aistí ar achomhairc (thart ar 2 000 achomharcóir) a seachadadh in aghaidh cinntí céadchéime ó na Coistí Achomhairc neamhspleácha inniúla de chuid EASO.

## Soláthar faisnéise

Tá faisnéis ina huirlis thábhachtach maidir le rochtain a éascú ar nósanna imeachta tearmainn. Arís eile sa bhliain 2019, d'imir EASO ról lárnach maidir le faisnéis a sholáthar. Thug na saineolaithe de chuid na mBallstát a imscaradh mar fhoirne faisnéise taistil breis agus 300 cuairt ar an láthair agus thacaigh siad leis an mbeolíne thiomnaithe, agus thug siad freagra ar níos mó ná 30 000 (⁵) ceist. I mí na Bealtaine 2019, chuir EASO de chúram ar na húdaráis fhreagracha de chuid na Gréige a bhí i láthair ar na cúig oileán faisnéis a sholáthar agus chuir sé oiliúint ar 16 bhall foirne a earcaíodh go háitiúil.


Soláthar faisnéise ar an mórthír, 2019

Agus breis agus 500 (⁶) pearsa imscartha aige faoi phróifílí éagsúla, d'áirithigh EASO gur tugadh tacaíocht leanúnach d'údaráis na Gréige le linn na bliana 2019. Ag an am céanna, chuir sé idir-inoibritheacht i bhfeidhm agus chuir sé an tacaíocht oibríochtúil uaidh in oiriúint ionas go gcoinneofaí an bhéim ar dhea-thorthaí a bhaint amach.

Ceann de na príomhdhúshláin a tháinig chun cinn le linn an phlean oibriúcháin don bhliain 2019 a chur chun feidhme ba ea an meath ar an líon saineolaithe náisiúnta a d'ainmnigh na Ballstáit chun próifílí sonracha a líonadh, mar a sainíodh agus a tuairiscíodh sa Ghlao ar Shaineolaithe. Dúshlán eile ba ea nach raibh saineolaithe de chuid na mBallstát ar fáil le

(³) Anailís Oibríochtúil EASO – An Ghréig 2019.
(⁴) Sonraí Oibríochtúla EASO.
(⁵) Anailís Oibríochtúil EASO – An Ghréig 2019.
(⁶) Sonraí Oibríochtúla EASO.

haghaidh imscaradh fadtéarmach (thar roinnt míonna), go háirithe le linn tréimhsí ina raibh ardlíon inimirceach.

## Glacadh

Lean EASO le tacaíocht a thabhairt d'údaráis ghlactha náisiúnta maidir le sainoifigigh chosanta leanaí agus sainoifigigh ghlactha leanaí a imscaradh ar fud na n-oileán. Rannchuidigh saineolaithe ar mhionaoisigh neamhthionlactha leis an gCreat Faireacháin ar an gCóras Glactha Náisiúnta a fhorbairt agus thacaigh siad le deasc chabhrach glactha a thionscnamh.

Den chéad uair riamh, ba é a bhí sa phlean oibriúcháin don bhliain 2019 dhá bheart shonracha a raibh mar aidhm leo an córas glactha náisiúnta a fheabhsú trí shaineolaithe de chuid na mBallstát agus pearsana eatramhach a imscaradh agus trí oiliúint ghaolmhar a sholáthar ar leibhéal na talún agus ar leibhéal lárnach. Rannchuidigh EASO le huirlis an Chreata Faireacháin ar an gCóras Glactha Náisiúnta a thabhairt chun críche agus a thriail freisin. Ar leibhéal straitéiseach, thacaigh EASO le fothú acmhainneachta sa Ghréig ionas go bhféadfaí straitéis ilbhliantúil cistiúcháin agus soláthair a chur chun feidhme. Rinne EASO saineolaithe de chuid na mBallstát a shainaithint agus rinne sé iad a imscaradh chuig an tSeirbhís Glactha agus Sainaitheanta náisiúnta, i gcás gur chuir siad le dréacht-tograí tionscadail, gur thacaigh siad le faireachán a chur chun feidhme agus gur chuir siad oiliúint ar bhaill foirne náisiúnta ar mhaithe le hinbhuanaitheacht a fheabhsú. Maidir le glacadh céadlíne, bhí bunú na Deisce Cabhrach Glactha ar cheann de na rudaí ba thábhachtaí a rinneadh le linn na bliana 2019.

- Chuir oifigigh de chuid EASO breis agus 40 000 clárú (lenar áiríodh réamhchláruithe) i gcrích.
- Agus iad comhdhéanta de shaineolaithe de chuid na mBallstát agus de phearsana a earcaíodh go háitiúil, rinne Foirne Tacaíochta do Chúrsaí Tearmainn breis agus 8 000 agallamh agus dhréachtaigh siad níos mó ná 9 000 tuairim chonclúideach ar chásanna tearmainn.
- Tacaíodh le hAonad Bhaile Átha Cliath sa Ghréig cur lena chumas próiseáil a dhéanamh ar iarratais amach faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath. Próiseáladh níos mó ná 230 iarratas gach mí agus tháinig méadú faoi thrí ar aschur an Aonaid i gcomparáid leis an aschur sa bhliain 2018.

Ina theannta sin, rinneadh an chéad chuid den lámhleabhar glactha a thabhairt chun críche agus a aistriú, rud trínar éascaíodh rochtain ar an reachtaíocht maidir le glacadh sa Ghréig. Ar leibhéal na talún ar na hoileáin, rinneadh foirne tacaíochta sainphearsan (i.e. oifigigh chosanta leanaí, oifigigh ghlactha leanaí) a imscaradh chun saineolas a sholáthar ar shaincheisteanna cosanta agus leochaileachta leanaí, agus cumarsáid leis na pobail laistigh de na campaí á héascú acu ag an am céanna. Rinne EASO saineolaithe ar chásanna mionaoiseach neamhthionlactha a imscaradh trí threoirthionscadail a bhí ar siúl i gCrios Sábháilte Shamas agus i gCrios Sábháilte Chíos, rud a chuir leis an gcumas a bhí ag foireann na nIonad Glactha agus Sainaitheanta sna Criosanna Sábháilte seirbhísí a fhorbairt do mhionaoisigh neamhthionlactha agus feabhas a chur ar reáchtáil fhoriomlán na nIonad Glactha agus Sainaitheanta. Tá sé sin ina ghné thábhachtach den tacaíocht a thugann EASO, toisc go ndíríonn sé ar fheabhas foriomlán a chur ar choinníollacha glactha agus ar leas mionaoiseach neamhthionlactha.

Chun tacú le glacadh dara líne, rinne EASO pearsana a imscaradh chun cabhrú le haistriú daoine sa Ghréig thuaidh agus in Epirus, le hatreoruithe chuig cóiríocht phríobháideach, le seirbhísí iompair agus/nó le nósanna imeachta tearmainn.



Soláthar faisnéise, an Ghréig (Thessaloniki).

**Comhar amach anseo**
An 20 Nollaig 2019, comhaontaíodh Plean nua um Chúnamh Oibríochtúil agus Teicniúil don bhliain 2020 idir EASO agus údaráis na Gréige. Foráiltear leis an bplean don tacaíocht oibríochtúil ó EASO a dhúbailt trí shamhail leabaithe nuálach atá bunaithe ar chomhphleanáil idir Seirbhís Tearmainn na Gréige agus an tSeirbhís Glactha agus Sainaitheanta.

## 1.2 An Iodáil

**Plean Oibriúcháin don Iodáil don bhliain 2019**
Faoin bplean don bhliain 2019, lean EASO le cúnamh teicniúil agus oibríochtúil a thabhairt don Iodáil, go háirithe maidir le hiarratais ar chosaint idirnáisiúnta a phróiseáil agus maidir le cur leis an gcumas atá ag údaráis na hIodáile an riaráiste cásanna ar feitheamh a chuimsiú. Tugadh tacaíocht maidir le próiseáil a dhéanamh ar iarratais faoi nósanna imeachta Bhaile Átha Cliath agus maidir le hAonad na hIodáile um Fhaisnéis faoin Tír Thionscnaimh agus bainistíocht a córais ghlactha a neartú. Lean EASO le tacaíocht a thabhairt d'Ombudsman na hIodáile do Leanaí agus d'Ógánaigh freisin, agus gníomhaíochtaí fothú acmhainneachta á reáchtáil do chaomhnóirí deonacha.

Tá EASO ag tabhairt tacaíocht don Iodáil le níos mó ná sé bliana anuas. Rinne sé amhlaidh ar dtús trí phlean tacaíochta speisialta, a bhí i bhfeidhm suas go deireadh mhí an Mhárta 2016, agus ansin trí phleananna oibriúcháin bliantúla a comhaontaíodh go frithpháirteach.

Faoin bPlean Oibriúcháin don Iodáil don bhliain 2019, rinneadh gníomhartha chun cur le saineolas údaráis na hIodáile agus chun cur lena cumas an riaráiste cásanna ar feitheamh ag na céimeanna clárúcháin agus cinnidh a chuimsiú trí iarratais ar chosaint idirnáisiúnta a phróiseáil agus trí chásanna Bhaile Átha Cliath a láimhseáil. Chabhraigh EASO freisin le sreafaí oibre agus modheolaíochtaí inbhuanaithe tearmainn agus glactha a fhorbairt, le hAonad na hIodáile um Fhaisnéis faoin Tír Thionscnaimh agus gníomhaíochtaí roghnaithe de chuid an Choimisiúin Náisiúnta Tearmainn a neartú, agus, tríd an Roinn um Shaoirsí Sibhialta agus Inimirce, le forbairt a dhéanamh ar chreataí le haghaidh bainistíocht agus faireachán a dhéanamh ar an gcóras glactha náisiúnta.


- Thacaigh Foirne Tacaíochta do Chúrsaí Tearmainn de chuid EASO le 19 722 chlárú tearmainn
- Próiseáladh 26 933 chomhad don phróiseas cinnteoireachta i gCoimisiúin Chríche agus próiseáladh 38 761 chomhad don chéim réamhagallaimh.
- Bhí laghdú os cionn 30 000 cás ann sa líon cásanna ar feitheamh a tugadh ar aghaidh ó lár na bliana 2016 amach.

Lean EASO agus Ombudsman na hIodáile do Leanaí agus d'Ógánaigh orthu ag obair le chéile ar ghníomhaíochtaí fothú acmhainneachta do chaomhnóirí deonacha.

Faoi Chlásal Solúbthachta an Phlean Oibriúcháin don Iodáil, chabhraigh EASO freisin le díbhordáil agus athshocrú deonach *ad hoc* le linn 17 n-imeacht ar leith, ag gníomhú dó i gcomhréir le "Samhail Messina" agus leis na buan-nósanna imeachta oibríochta teicniúla a rinneadh ina dhiaidh sin faoi Dhearbhú Mhálta.

Ar mhaithe leis an riaráiste cásanna ar feitheamh a laghdú, chabhraigh Foirne Tacaíochta do Chúrsaí Tearmainn de chuid EASO le 19 722 iarratasóir ar thearmann a chlárú i 25 oifig póilíní áitiúla (Questure). Ina theannta sin, thacaigh Foirne Tacaíochta do Chúrsaí Tearmainn a imscaradh i 35 Coimisiún Críche le 26 933 comhad a ullmhú agus a phróiseáil don phróiseas cinnteoireachta agus le 38 761 comhad a ullmhú agus a phróiseáil don chéim réamhagallaimh. Tugadh an leibhéal céanna tacaíochta sa chéim dlíthíochta, inar cumhdaíodh thart ar 14 000 duine ([7]). Le linn na bliana 2019, b'airde go seasta an líon cinntí céadchéime a eisíodh ná an líon iarratas a comhdaíodh. Ba é an toradh a bhí air sin gur tháinig mearlaghdú ar an riaráiste cásanna ar feitheamh a tugadh ar aghaidh ó lár na bliana 2016 amach. Faoi dheireadh mhí na Nollag 2019, baineadh laghdú tábhachtach de thart ar 30 000 cás amach le tacaíocht ó EASO. Bhí sé sin cothrom le laghdú os cionn aon triain ar an riaráiste sa bhliain 2018 ([8]), tráth a bhí an Iodáil rangaithe sa chéad áit i measc na dtíortha AE+ maidir leis an líon cásanna ar feitheamh (82 311 chás ([9])). Comhlánaíodh an obair sin le tacaíocht struchtúrach bhreise ó EASO, rud a raibh mar aidhm leis feabhas a chur ar cháilíocht na sreafaí oibre agus na modheolaíochtaí a úsáidtear ar bhonn áitiúil. Chuige sin, chuir EASO dhá Lámhleabhar le chéile maidir le *Dea-chleachtais chlárúcháin* agus maidir le *Bainistíocht cásanna ag an gcéad chéim, lena n-áirítear cásanna Bhaile Átha Cliath*.

([7]) Anailís Oibríochtúil EASO – An Iodáil 2019.
([8]) Anailís Oibríochtúil EASO – An Iodáil 2019.
([9]) Sonraí a fuarthas ón Iodáil faoi chóras bailiúcháin sonraí an Chórais Réamhrabhaidh agus Ullmhachta.




Éabhlóid na tacaíochta a thug EASO don chinnteoireacht sa bhliain 2019

I gcomhar le hOifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe, chuir EASO oiliúint ar 351 oifigeach poiblí de chuid na hIodáile i gcéim clárúcháin an nós imeachta tearmainn agus i gcásanna Bhaile Átha Cliath a shainaithint agus a phróiseáil. Ina theannta sin, d’fhreastail 49 oifigeach poiblí ar 12 sheisiún oiliúna don oiliúnóir ar sholáthar faisnéise, ar gháinneáil ar dhaoine agus ar chinneadh stádais, i measc réimsí téamacha eile.

| Eagraíodh 12 ghníomhaíocht oiliúna do 351 oifigeach poiblí de chuid na hIodáile.

| Eagraíodh 12 sheisiún oiliúna don oiliúnóir do 49 oifigeach poiblí.

| Eagraíodh sé sheisiún oiliúna ar nósanna imeachta glactha agus cáilíocht na seirbhísí glactha do mhionaoisigh neamhthionlactha.

Lean EASO le tacaíocht struchtúrach a thabhairt le haghaidh údaráis ghlactha na hIodáile agus na córais náisiúnta ghaolmhara a neartú tuilleadh agus le haghaidh forbairt leanúnach a dhéanamh ar chreataí faireacháin ar an gcóras glactha náisiúnta. Thug EASO tacaíocht do *Struttura di Missione* le sé sheisiún oiliúna a eagrú le haghaidh nósanna imeachta glactha agus cáilíocht na seirbhísí glactha do mhionaoisigh neamhthionlactha a chomhchuibhiú ar fud na críche náisiúnta. D’fhreastail 217 rannpháirtí san iomlán ar na seisiúin sin. Chomh maith leis sin, thug EASO tacaíocht d’Ombudsman na hIodáile do Leanaí agus d’Ógánaigh trí sheisiún oiliúna a eagrú d’iarrthóirí ar róil mar chaomhnóirí deonacha do mhionaoisigh neamhthionlactha. Forbraíodh ardán ríomhfhoghlama chun an oiliúint sin a chaighdeánú ar bhealach inbhuanaithe.

Sa bhliain 2019, thacaigh EASO le 17 gcinn d’imeachtaí díbhordála/athshocraithe dheonaigh *ad hoc* thar ceann na mBallstát a thug gealltanas, ag gníomhú dó i gcomhar le húdaráis na hIodáile agus faoi chomhordú an Choimisiúin Eorpaigh. Taispeánadh an cumas atá ag EASO oiriúnú do thimpeallacht a bhíonn ag athrú go mear le linn na n-imeachtaí sin, áit ar chuir sé thart ar 1 300 agallamh i gcrích agus a ndearna sé Foirne Tacaíochta do Chúrsaí Tearmainn a imscaradh laistigh de 24 uair/48 uair an chloig ón iarratas tosaigh. Seachas an ról a bhí aige sa nós imeachta clárúcháin, áiríodh leis na príomhchúraimí eile a chuir EASO i gcrích tacaíocht a thabhairt le linn forbairt agus cur i bhfeidhm a dhéanamh ar bhuan-nósanna imeachta oibríochta teicniúla lenar tugadh an bonn le liostaí dáileacháin a mholadh don Choimisiún Eorpach, a bhí freagrach as comhordú foriomlán a dhéanamh ar na gealltanais ó na Ballstáit agus as an bpróiseas athshocraithe a seoladh ina dhiaidh sin.

Mar gheall ar an líon neamhdhóthanach saineolaithe de chuid na mBallstát agus ar fhad neamhdhóthanach imscaradh na saineolaithe i gcomparáid leis na riachtanais a leagadh amach sa Phlean Oibriúcháin don Iodáil, agus mar gheall ar na bacainní teanga a bhí os comhair na saineolaithe sin le linn dóibh obair go díreach le húdaráis áitiúla, ba ghá do EASO brath go mór ar sheirbhísí eatramhacha a úsáid chun na gníomhaíochtaí comhaontaithe a chur chun feidhme. As an 295 duine a imscaradh san Iodáil le linn na bliana 2019, bhí 64 duine ina saineolaithe ó 16 thír AE+, bhí 11 duine ina mbaill foirne de chuid EASO agus bhí an 220 duine eile ina n-oibrithe eatramhacha. Thacaigh 360 idirghabhálaí cultúrtha le hiarratais ar thearmann a chlárú agus a phróiseáil agus le cleachtaí díbhordála/athshocraithe dheonaigh *ad hoc* a chur i gcrích freisin.




Foireann de chuid EASO, agus í ag tacú leis an nós imeachta athshocraithe dheonaigh

Ó thús na bliana amach, d'fhreagair EASO go mear d'imeachtaí nua díbhordála a luaithe a bunaíodh athshocruithe deonacha *ad hoc* tar éis dheireadh chlár athshocraithe an Aontais sa bhliain 2018. Ba é an príomhdhúshlán a bhí le sárú sreabhadh oibre nua a dhearadh agus nós imeachta nua a chomhaontú leis na gníomhaithe ábhartha uile, lenar áiríodh an Coimisiún Eorpach, na Ballstáit agus údaráis na hIodáile. Chun go bhféadfadh sé freagairt go mear, rinne EASO acmhainní daonna a imscaradh chun cúnamh a thabhairt do *Questure* maidir le nósanna imeachta díbhordála agus, de bharr roinnt imeachtaí a bheith ar siúl ag an aon am amháin uaireanta (go háirithe ó mhí Lúnasa go mí na Samhna 2019), cuireadh brú ar chur chun feidhme lóistíochúil na mbeart a bhí laistigh den phlean oibriúcháin cheana. Rinneadh treoirlínte agus sreafaí oibre soiléire a dhearadh agus a chur chun feidhme le haghaidh thacaíocht EASO, ar nithe iad lena n-éascaítear an leithdháileadh acmhainní nua ar an bhfoireann agus lena n-áirithítear cáilíocht agus comhsheasmhacht na ngníomhaíochtaí ag an am céanna. Sannadh foireann bhreisithe taistil *ad hoc* don ghníomhaíocht sin faoin bPlean Oibriúcháin don Iodáil don bhliain 2020.

**Comhar amach anseo**
Síníodh Plean Oibriúcháin nua don Iodáil an 11 Nollaig 2019. Sa phlean don bhliain 2020, cuirtear arís eile leis an tacaíocht oibríochtúil atá á tabhairt ag EASO don Iodáil cheana agus dírítear ar thacaíocht nua a thabhairt chun an riaráiste iarratas dara céim a laghdú trí thacaíocht mhéadaithe a thabhairt do na binsí ar fud na hIodáile agus trí fhothú acmhainneachta agus feabhsú cáilíochta a chothú i measc córais tearmainn agus ghlactha. Tacaítear leis an obair seo a leanas leis an bplean, mar sin: nósanna imeachta tearmainn a chaighdeánú; feabhas a chur ar cháilíocht chóras glactha na hIodáile; an riaráiste cásanna tearmainn a laghdú i sainrannóga binsí; sásraí comhordúcháin a éascú i measc údaráis tearmainn na hIodáile; agus feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus caighdeánú nósanna imeachta agus bailiúcháin sonraí trí chórais faisnéise.

## 1.3 An Chipir

**Síníonn EASO agus an Chipir Comhaontú Óstála**
An 19 Meán Fómhair 2019, shínigh EASO agus an Chipir Comhaontú Óstála lena léirítear raon feidhme agus cineál na tacaíochta oibríochtúla a thugann EASO don Chipir, ar aon dul leis an bPlean Oibriúcháin comhaontaithe. Leis an gComhaontú Óstála, cumasaítear do EASO leanúint le tacaíocht inláimhsithe a thabhairt d'údaráis na Cipire chun freagairt do bhrúnna méadaithe ar a córas tearmainn agus tugtar soiléire dhlíthiúil maidir leis an stádas atá ag EASO sa Chipir, lena n-áirítear an stádas atá ag a chuid ball foirne agus pearsanra. Tá an comhaontú fós le daingniú ag an bParlaimint.


Mar gheall ar bhrúnna imirceacha méadaithe, tá an cúnamh teicniúil agus oibríochtúil a thugann sé don Chipir á leathnú ag EASO ón mbliain 2014 amach. I mí na Nollag 2018, chomhaontaigh EASO agus an Chipir Plean nua um Chúnamh Oibríochtúil agus Teicniúil don bhliain 2019. Leis an bplean sin, chuirfí borradh eile faoin gcúnamh a thugann EASO don Chipir i bhfianaise an mhéadaithe mhóir ar iarratais ar thearmann. Faoin bplean comhaontaithe, síníodh Comhaontú Óstála idir EASO agus údaráis na Cipire ina dhiaidh sin an 19 Meán Fómhair 2019.

Taisceadh thart ar 13 000 iarratas ar chosaint idirnáisiúnta sa Chipir sa bhliain 2019, rud a d'fhág – don dara bliain as a chéile – go raibh méadú de thart ar 70 % ar an líon iarratas a fuarthas i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. D'fhág sé sin freisin go bhfuair an Chipir an dara líon is airde iarratas in aghaidh an duine i measc na mBallstát uile.

- Chuir saineolaithe de chuid EASO 7 804 clárú (70 % den líon iomlán) i gcrích i gceithre dhúiche.
- Seoladh 746 agallamh agus dréachtaíodh 532 thuairim mar thoradh ar an tacaíocht bhreisithe a tugadh do phróiseáil chéadchéime agus mar thoradh ar an nós imeachta brostaithe.
- Tugadh tacaíocht shóisialta do dhaoine aonair, forbraíodh buan-nósanna imeachta oibríochta agus comhordaíodh oibrithe deonacha in ionad cóiríochta Kofinou trí láithreacht iomlán EASO ar an láthair.

Cuireadh an chéad Phlean Oibriúcháin iomlán riamh don Chipir chun feidhme sa bhliain 2019. Rinneadh bearta chun feabhas a chur ar chomhleanúnachas agus cáilíocht na bpróiseas clárúcháin sa Chipir agus, i ndlúthchomhar leis an tseirbhís tearmainn agus leis na póilíní inimirce, athbhreithníodh buan-nósanna imeachta oibríochta le haghaidh clárú iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta agus soláthraíodh oiliúint ábhartha ina leith. Ina theannta sin, a bhuí le cúntóirí clárúcháin agus ateangairí de chuid EASO a bheith i láthair go tráthrialta sna hAonaid Náisiúnach Eachtrach agus Inimirce, cabhraíodh le faisnéis a sholáthar agus le hiarratais ar chosaint idirnáisiúnta a chlárú.

Le tacaíocht ó sheisear saineolaithe clárúcháin, cláraíodh 7 804 iarratas ar chosaint idirnáisiúnta i gceithre láthair le linn na chéad bhliana seo inar tacaíodh leis an nós imeachta clárúcháin. Tá an figiúr sin cothrom le seacht gclárú as gach deich gcinn a rinneadh sa Chipir. Is ionann é sin agus méadú 15 % ar an bhfigiúr don bhliain 2018.




Bileoigín faisnéise do chónaitheoirí san ionad glactha in Kofinou

Lean EASO le tacaíocht a thabhairt don tseirbhís tearmainn sa Chipir le cásanna tearmainn a phróiseáil ag an gcéad chéim agus, ar an mbealach sin, mhaolaigh sé an méadú leanúnach ar an riaráiste. Sa chomhthéacs sin, rinne EASO saineolaithe a imscaradh go dtí an Niocóis, i gcás gur sheol siad 746 agallamh agus gur dhréachtaigh siad 532 tuairim chonclúideach inar cumhdaíodh 27 saoránacht ar leith.

Sa dara cuid den bhliain, tar éis iarratas a fháil ó Sheirbhís Tearmainn na Cipire, sheol saineolaithe de chuid EASO 44 agallamh eile agus dhréachtaigh siad 42 moladh faoi nós imeachta brostaithe do shaoránaigh na Seoirsia, a meastar gur tír thionscnaimh shábháilte í.

Thairis sin, d'oibrigh EASO i gcomhar le Seirbhís Tearmainn na Cipire agus le hOifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe chun dearbhú cáilíochta agus caighdeáin a neartú. Chuir EASO agus Seirbhís Tearmainn na Cipire tús le hobair ullmhúcháin ar cháschomhaid a dhigitiú freisin. Chomh maith leis sin, rinne EASO dhá sheisiún oiliúna ar tháscairí leochaileachta agus eisiaimh a sholáthar do shaineolaithe de chuid EASO agus d'oifigigh de chuid Sheirbhís Tearmainn na Cipire.

D'fhill EASO ar ghníomhaíochtaí san ionad glactha dara líne in Kofinou ag deireadh na bliana 2018. Chomhdhlúthaigh sé a láithreacht san ionad ach foireann bhuan saineolaithe a chur i bhfeidhm ann sa bhliain 2019. Sholáthair an fhoireann an obair

shóisialta agus an fothú acmhainneachta a raibh géarghá leo sna réimsí seo a leanas: an t-ionad glactha a bhainistiú; tacaíocht shóisialta a thabhairt, atreoruithe a dhéanamh agus nósanna imeachta a chur i bhfeidhm mar ghníomhaíocht leantach i gcásanna aonair; faisnéis a sholáthar; agus gníomhaíochtaí pobail agus gníomhaíochtaí oibrithe deonacha a chomhordú.

Mar thoradh ar mhoilleanna ar oibreacha tógála agus athchóirithe a chur i gcrích, cuireadh isteach go mór ar an tacaíocht a beartaíodh a thabhairt don ionad glactha céadlíne nuabhunaithe in Pournara. Beag beann air sin, rinne EASO baill foirne a imscaradh chun faisnéis a sholáthar agus chun measúnuithe leochaileachta a dhéanamh. Thug EASO tacaíocht lóistíochúil le haghaidh crios sábháilte do ghrúpaí leochaileacha freisin (atá le cur i mbun feidhme sa bhliain 2020).


Chomh maith leis sin, thosaigh EASO leis an mbealach a réiteach do réimsí nua oibre sa Chipir, lena n-áirítear tacaíocht a thabhairt don Chúirt Riaracháin nuabhunaithe um Chosaint Idirnáisiúnta agus bainistíocht sonraí agus comhordú a neartú, mar shampla trí chóras glactha dul isteach/imeachta a éascú. Chuige sin, rinne EASO ceithre mhisean measúnaithe bunaithe ar riachtanais agus trí thionscnamh oiliúna a chur i gcrích agus a éascú. Comhaontaíodh Plean nua um Chúnamh Oibríochtúil agus Teicniúil don bhliain 2020 idir EASO agus údaráis na Cipire freisin.

**Comhar amach anseo**
I mí na Nollag 2019, comhaontaíodh Plean nua um Chúnamh Oibríochtúil agus Teicniúil don bhliain 2020 idir EASO agus údaráis na Cipire. Beartaítear sa phlean sin an tacaíocht oibríochtúil a thugann EASO do Sheirbhís Tearmainn na Cipire a dhúbailt agus beart nua a thabhairt isteach chun tacú leis an riaráiste iarratas dara céim a laghdú.

## 1.4 Málta

**Chomhaontaigh Málta agus EASO Plean um Chúnamh Oibríochtúil agus Teicniúil don bhliain 2019**
Ar an 24 Meitheamh 2019, tháinig EASO ar chomhaontú le húdaráis Mhálta maidir leis na sreafaí oibre agus na próisis a theastaíonn chun tacaíocht a thabhairt do Mhálta sna réimsí seo a leanas: clárú iarratas ar chosaint idirnáisiúnta; soláthar faisnéise; tacaíocht d'Aonad Bhaile Átha Cliath; agallaimh agus an dréachtú gaolmhar tuarascálacha meastóireachta d'Oifig an Choimisinéara le haghaidh Dídeanaithe. Comhaontaíodh go gcuirfí na bearta tacaíochta i bhfeidhm de réir a chéile, agus ailíniú iomlán á áirithiú leis na bearta eile atá i bhfeidhm ag údaráis Mhálta.


Taisceadh 1 890 iarratas ar chosaint idirnáisiúnta le linn na chéad seacht mí den bhliain 2019, arbh ionann le méadú 83 % é sin ar an líon iarratas a taifeadadh le linn na tréimhse céanna sa bhliain 2018. Dá réir sin, tháinig méadú ar an meánlíon iarratas a fuarthas gach mí, ó 148 cinn go 270 ceann.




Inimircigh de mhuir (barraí) agus iarratais ar thearmann (líne), Eanáir – Deireadh Fómhair 2019

Léiríodh i sonraí ó Eurostat inar cuimsíodh na cásanna uile a bhí ar feitheamh ag gach céim gur tháinig údarás tearmainn Mhálta faoi bhrú méadaithe arís eile le linn na bliana 2019. Cé go raibh cinneadh ar feitheamh

i leith 1 505 iarratas ag deireadh mhí Eanáir 2018, mhéadaigh an figiúr sin go 2 905 iarratas faoi mhí Iúil 2019. Tháinig méadú suntasach ar an riaráiste freisin, ó 47 cás breise ar an meán in aghaidh na míosa sa bhliain 2018 go 126 cás breise ar an meán in aghaidh na míosa sa bhliain 2019.




Éabhlóid na gcásanna a bhí ar feitheamh ó mhí Eanáir 2018 go mí Iúil 2019

Tar éis iarratais a fháil ó údaráis Mhálta i mí an Mheithimh 2019, agus bunaithe ar an tacaíocht a tugadh d'imeachtaí díbhordála *ad hoc* sna sé mhí roimhe sin, shínigh EASO Plean Oibriúcháin do Mhálta don tréimhse sé mhí ó mhí Iúil go mí na Nollag 2019. Bhí an plean bunaithe ar thrí bheart inar díríodh ar thacaíocht a thabhairt maidir le clárú, ar thacaíocht a thabhairt maidir le hagallaimh thearmainn chéadchéime agus maidir le tuairimí gaolmhara a dhréachtú, agus ar thacaíocht a thabhairt d'Aonad Bhaile Átha Cliath. De réir sonraí ón Aireacht náisiúnta um Ghnóthaí Baile, Slándáil Náisiúnta agus Forfheidhmiú an Dlí, tharla sé, idir mí Eanáir agus mí Dheireadh Fómhair 2019, gur mhéadaigh an líon inimirceach de mhuir i Málta faoi níos mó ná a dhá oiread i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Taifeadadh 1 445 imirceach sa bhliain 2018 agus taifeadadh 3 115 imirceach sa bhliain 2019.

Thug EASO tacaíocht d'údaráis Mhálta maidir le gach gníomhaíocht athshocraithe dheonaigh, agus é ag plé leis na nithe seo a leanas: iarratais ar chosaint idirnáisiúnta a chlárú; liostaí dáileacháin a ullmhú; tacaíocht a thabhairt do thoscaireachtaí na mBallstát maidir lena n-agallaimh leantacha; agus tacaíocht a thabhairt d'Aonad Bhaile Átha Cliath maidir le gníomhaíochtaí nós imeachta do gach cás athshocraithe.

Thug EASO tacaíocht oibríochtúil trí 18 saineolaí de chuid na mBallstát agus 18 n-oibrí gníomhaireachta shealadacha (oibrithe eatramhacha) a imscaradh ar feadh 2 229 lá san iomlán. Chláraigh EASO 2 008 iarratasóir ar thearmann faoi na téarmaí a comhaontaíodh sa phlean oibriúcháin. Ba as an tSúdáin, as an Eiritré agus as an tSúdáin Theas faoi seach d'fhormhór na n-iarratasóirí sin.

Cuireadh obair shuntasach isteach freisin ar shreafaí oibre a bhunú agus a thriail chun tacú leis an laghdú beartaithe ar an riaráiste a bhí ann cheana. Ag teacht sna sála air sin, sceidealaigh EASO 284 agallamh, ar tugadh 176 ceann díobh chun críche. Eisíodh 71 tuairim chonclúideach san iomlán.

Ar deireadh, chun tacú le hAonad Bhaile Átha Cliath, fuair 1 827 duine cúnamh agus dréachtaíodh 1 003 tuarascáil scrúdaithe faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath.

Cuireadh an plean oibriúcháin chun feidhme mar a bhí beartaithe agus, i measc na dtorthaí a bhí air, cuireadh arís eile leis an gcomhar rathúil a bhí ann sa chéad sé mhí den bhliain mar chuid de na sreafaí oibre díbhordála *ad hoc*.

**Comhar amach anseo**
Síníodh Plean Oibriúcháin nua do Mhálta i mí na Nollag 2019, rud a bhfuil i gceist leis tacaíocht oibríochtúil a dhúbailt agus na bearta atá sa Phlean a leathnú chun go n-áireofar leo beart sonrach ar Ghlacadh, lena n-áirítear tacaíocht a thabhairt do shreafaí oibre a bhaineann le cásanna leochaileacha a tharchur agus a mheasúnú i réimse an ghlactha agus tacaíocht a thabhairt do sheirbhísí glactha i Málta i gcoitinne.

## 1.5 An ghné sheachtrach

| Ghlac Bord Bainistíochta EASO leagan athbhreithnithe de Straitéis Comhair Sheachtraigh EASO.

| D’oibrigh EASO i gcomhar leis an Tuirc/an Ard-Stiúrthóireacht um Bainistíocht Imirce, leis an tSeirbia agus leis an Macadóin Thuaidh trí Threochláir a chur chun feidhme.

| Seoladh Saoráid Tacaíochta Athlonnaithe EASO in Iostanbúl, an Tuirc.

Imríonn EASO ról tábhachtach sa ghné sheachtrach den Chomhchóras Eorpach Tearmainn trí thacú le córais tearmainn agus ghlactha a bhunú agus/nó a neartú agus trí thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit le linn a gcuid iarrachtaí athlonnaithe.

Baineadh forbairtí ábhartha amach sa bhliain 2019, lenar áiríodh an straitéis comhair sheachtraigh a athbhreithniú, tacaíocht fothú acmhainneachta a mhéadú do limistéir gheografacha phríomhthosaíochta, agus treoirthionscadal na Saoráide Tacaíochta Athlonnaithe a sheoladh.



### An Straitéis Gníomhaíochta Seachtraí agus an Líonra Gné Seachtraí

| Athbhreithniú ar Straitéis Comhair Sheachtraigh EASO. Ghlac Bord Bainistíochta EASO an Straitéis nua i mí Feabhra 2019.

| Próiseas comhairliúcháin chun an Líonra Gné Seachtraí a athstruchtúrú. Thángthas ar chomhaontú ar dhá líonra ar leith a bhunú: an Líonra um Chomhar le Tríú Tíortha agus an Líonra um Athlonnú agus um Ligean Isteach ar Fhoras Daonnúil.

### An straitéis comhair sheachtraigh

Mar gheall ar na hathruithe i mórchreat beartais an Aontais um chaidreamh seachtrach, agus i bhfianaise na tacaíochta ar iarr tríú tíortha í nó a ndearnadh plé uirthi leis na Ballstáit, sheol EASO **próiseas comhairliúcháin fairsing leis na Ballstáit agus le geallsealbhóirí ábhartha** sa bhliain 2019 chun an straitéis gníomhaíochta seachtraí a athbhreithniú agus a nuashonrú. Ghlac Bord Bainistíochta EASO an straitéis nua – ar a dtugtar **Straitéis Comhair Sheachtraigh EASO** anois – i mí Feabhra 2019.



Maidir leis an leagan athbhreithnithe de **Straitéis Comhair Sheachtraigh EASO**:

- sainítear leis an cur chuige agus an creat ginearálta ar laistigh díobh a fhorbraíonn EASO a chuid oibre a bhaineann leis an ngné sheachtrach den Chomhchóras Eorpach Tearmainn;
- soláthraítear leis an treo straitéiseach do ghníomhaíocht sheachtrach EASO;
- leagtar síos leis na tosaíochtaí agus an fócas le haghaidh gníomhaíochtaí amach anseo a phleanáil;
- mionsonraítear leis an cineál tacaíochta agus an raon tacaíochta a fhéadfaidh EASO a thabhairt, mar aon leis na tosaíochtaí geografacha.

## Gníomhaíochtaí an Líonra Gné Seachtraí

Tá sé mar aidhm ag Líonra Gné Seachtraí EASO cumarsáid éifeachtúil réidh a áirithiú leis na Ballstáit, le hinstitiúidí an Aontais, le tríú tíortha agus le geallsealbhóirí eile ar nithe a bhaineann le gníomhaíocht sheachtrach EASO.

Cuireadh roinnt gníomhaíochtaí chun feidhme faoin mbrat sin sa bhliain 2019, lenar áiríodh dhá chruinniú de chuid an Líonra Gné Seachtraí, ceann amháin i mí Feabhra agus ceann amháin i mí na Samhna. Ina theannta sin, tar éis na n-aschur a fuarthas ó na Ballstáit, bhunaigh EASO trí mheitheal thiomnaithe:

- An mheitheal um chomhar idir EASO agus Ard-Stiúrthóireacht na Tuirce um Bainistíocht Imirce;
- An mheitheal um chomhar idir EASO agus na Balcáin Thiar;
- An mheitheal um Uirlisí bainistíochta eolais Ghné Sheachtrach EASO a Fhorbairt.

Is é cuspóir na meithleacha sin grúpaí beaga Ballstát a thabhairt le chéile i gcás ina bhfuil spéis ar leith acu i rannchuidiú go gníomhach le hobair EASO i réimsí sonracha. Thionóil EASO ceithre chruinniú meithle san iomlán sa bhliain 2019.

## An Líonra Gné Seachtraí a athstruchtúrú

Bunaithe ar na conclúidí ón gcruinniú de chuid an Líonra Gné Seachtraí an 1 Feabhra 2019 agus ón naoú Fóram Athlonnaithe de chuid an Aontais a tionóladh an 11 Meitheamh 2019, sheol EASO próiseas comhairliúcháin le geallsealbhóirí ábhartha ar an Líonra Gné Seachtraí a athstruchtúrú ina dhá líonra ar leith: an Líonra um Chomhar le Tríú Tíortha agus an Líonra um Athlonnú agus um Ligean Isteach ar Fhoras Daonnúil.

Tháinig an gá atá ann le líonra atá sonrach don athlonnú chun cinn le linn an phróisis chomhairliúcháin. Ar thaobh amháin, is gá na gealltanais athlonnaithe ó na Ballstáit a chomhlánú le hardán tacaíochta agus malartúcháin lena gcumasófaí dóibh na gealltanais uathu le haghaidh dlúthpháirtíocht idirnáisiúnta a chomhlíonadh ar bhealach níos fearr. Ar an taobh eile, tharraing oifigigh de chuid na mBallstát aird ar an ngá atá ann le hardán trínar féidir roinnt saincheisteanna atá sonrach don Aontas a phlé agus aghaidh a thabhairt orthu, amhail airgead ón gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht a úsáid le haghaidh cleachtais athlonnaithe nó oibriúcháin i misin athlonnaithe.

Maidir le *Comhar le Tríú Tíortha*, is féidir le líonra atá dírithe go hiomlán ar chomhar teicniúil agus ar thacaíocht fothú acmhainneachta a sholáthar do thríú tíortha aghaidh a thabhairt ar an ngá atá ann le ról níos éifeachtaí a thabhairt do na Ballstáit agus do gheallsealbhóirí eile le linn creataí um chomhar idir EASO agus tríú tíortha a shainiú agus a chur chun feidhme. Ina theannta sin, d'fhéadfaí breisluach an líonra a mhéadú arís eile trí chomhroinnt faisnéise agus cumarsáid a fheabhsú trí dheiseanna a chruthú le haghaidh sineirgí a aimsiú agus le haghaidh dúbailt a sheachaint.

Rinneadh an dá Líonra a sheoladh go hoifigiúil sa chéad ráithe den bhliain 2020.

## Tacaíocht do thríú tíortha

**Céim 2 den tionscadal réigiúnach atá á chistiú faoi IPA II ("Tacaíocht Réigiúnach do Bhainistíocht Imirce atá Íogair ó thaobh Cosanta de sna Balcáin Thiar") a chur chun feidhme**

- Cuireadh dhá Threochlár i bhfeidhm leis an tSeirbia agus leis an Macadóin Thuaidh.
- Seoladh 39 gníomhaíocht fothaithe acmhainneachta i gcomhar le húdaráis na mBalcán Thiar.

**An Treochlár idir EASO agus Ard-Stiúrthóireacht na Tuirce um Bainistíocht Imirce a athnuachan agus a chur chun feidhme**

- Seoladh 28 gníomhaíocht fothaithe acmhainneachta i gcomhar leis an Tuirc/an Ard-Stiúrthóireacht um Bainistíocht Imirce.

**Tús a chur le comhar idir EASO agus an Éigipt**

- Rinneadh tionscadal fothaithe acmhainneachta ar scála beag a fhorbairt agus a thionscnamh i gcomhar leis an Éigipt.

## Tugadh tacaíocht um fhothú acmhainneachta do thríú tíortha ar nithe a bhaineann le tearmann agus le glacadh

Tá sé mar aidhm leis an Tacaíocht a thugann EASO do Thríú Tíortha rannchuidiú le córais tearmainn agus ghlactha a bhunú agus/nó a neartú agus bainistíocht imirce atá íogair ó thaobh cosanta de a chothú i dtríú tíortha tábhachtacha. Cuirtear an tacaíocht sin chun feidhme trí leibhéil dhifriúla fothaithe acmhainneachta a chuirtear in oiriúint do na riachtanais agus na leasanna atá i dTríú Tír ar leith, do thosaíochtaí na mBallstát agus don chumas atá ag EASO freagairt a thabhairt. Cuirtear gníomhaíochtaí beartaithe i gcrích ar bhealaí éagsúla (oiliúint, ceardlanna, cuairteanna staidéir/oibre, cóitseáil ar an bpost, ionchur i ndoiciméid theicniúla, etc.).



Le linn na bliana (agus i gcomparáid leis an mbliain 2018), thug EASO faoi deara go raibh spéis mhéadaithe ann i dtacaíocht fothaithe acmhainneachta do na limistéir gheografacha seo a leanas agus go raibh gá méadaithe ann leis an tacaíocht sin iontu: tíortha na mBalcán Thiar, an Tuirc agus réigiún an Mheánoirthir agus na hAfraice Thuaidh.

Ag gníomhú dó i gcomhar le Frontex, le hOifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe agus leis an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce, chuir EASO an **tionscadal réigiúnach atá á chistiú faoi IPA II** ("Tacaíocht Réigiúnach do Bhainistíocht Imirce atá Íogair ó thaobh Cosanta de sna Balcáin Thiar") chun feidhme sna Balcáin Thiar. Tá an tionscadal dírithe ar na sé thír sna Balcáin Thiar agus ar an Tuirc. Cuireadh Céim I den Tionscadal (Meán Fómhair 2016 – Meitheamh 2019) i gcrích agus tá Céim II (Iúil 2019 – Meitheamh 2021) á cur chun feidhme faoi láthair.



Tá EASO ag tacú leis **an tSeirbia agus leis an Macadóin Thuaidh** trí dhoiciméid mhionsonraithe Treochláir atá dírithe ar ghníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta a sheoladh de réir meon comhúinéireachta agus comhpháirtíochta. Tá plé á dhéanamh ar threochláir a chur i bhfeidhm leis **an Albáin** agus leis **an mBoisnia agus an Heirseagaivéin** freisin.

Sa Tuirc, lean EASO le **tacaíocht a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht um Bainistíocht Imirce**. Cuireadh an comhar chun feidhme trí dhoiciméad Treochláir lenar cumhdaíodh an tréimhse idir Feabhra 2018 agus Meitheamh 2019. Tar éis athbhreithniú agus comhairliúcháin a dhéanamh leis an Ard-Stiúrthóireacht um Bainistíocht Imirce, **rinneadh an Treochlár a athnuachan go rathúil** go ceann dhá bhliain eile (Meán Fómhair 2019 – Lúnasa 2021). Mar chuid den chur chuige sin, tá an comhar idir EASO agus an Tuirc bunaithe ar dhearcadh fadtéarmach agus soláthraíonn sé bonn láidir chun tacú leis an Ard-Stiúrthóireacht um Bainistíocht Imirce agus chun cumas na hArd-Stiúrthóireachta a neartú.

Maidir le réigiún an Mheánoirthir agus na hAfraice Thuaidh, chuir údaráis náisiúnta na hÉigipte spéis in iúl ina reachtaíocht tearmainn féin a fhorbairt i gcomhar le EASO. Comhaontaíodh **tacaíocht fothaithe acmhainneachta ar scála beag** ansin. Bhí tús maith leis an gcomhar, agus dhá ghníomhaíocht fothaithe acmhainneachta á n-eagrú i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna 2019. Eagrófar tuilleadh gníomhaíochtaí sa bhliain 2020.

## Athlonnú agus conairí dlíthiúla eile i dtreo cosaint idirnáisiúnta

**Treoirthionscadal na Saoráide Tacaíochta Athlonnaithe atá lonnaithe in Iostanbúl, an Tuirc, a bhunú**

| Tríd an tSaoráid Tacaíochta Athlonnaithe, tacaíodh le sé Bhallstát lena gcuid oibríochtaí athlonnaithe a chur i gcrích.

| Cuireadh cúig mhisean roghnúcháin i gcrích, agus 474 dídeanaí á bpróiseáil.

| Cuireadh trí mhisean treoshuímh chultúrtha i gcrích, agus 466 dídeanaí á bpróiseáil.

**Tacaíocht bhuan a thabhairt do na Ballstáit i réimse an Athlonnaithe agus na gconairí dlíthiúla eile i dtreo cosaint idirnáisiúnta**

| Seoladh ceithre ghníomhaíocht a raibh mar aidhm leo cúnamh a thabhairt do na Ballstáit scéimeanna *ad hoc* de chuid an Aontais a chur chun feidhme.

| Eagraíodh trí chruinniú comhair phraiticiúil ar athlonnú agus ar chonairí dlíthiúla i dtreo cosanta i gcomhar le geallsealbhóirí ábhartha.

Is é atá i gceist le hathlonnú chuig an Aontas dídeanaithe leochaileacha a aistriú ó thír óstach chuig Ballstát den Aontas, áit a ligfear isteach iad agus a dtabharfar dóibh an ceart chun fanacht agus aon chearta eile is inchomparáide leo siúd a thugtar do thairbhithe cosanta idirnáisiúnta. **Tacaíonn EASO le hiarrachtaí athlonnaithe na mBallstát** a chur chun feidhme faoi chuimsiú na scéimeanna athlonnaithe Eorpacha, ag obair dó i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach, le hOifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe agus le gníomhaithe ábhartha eile.

## Treoirthionscadal na Saoráide Tacaíochta Athlonnaithe

Ag teacht sna sála ar mheasúnú indéantachta a rinneadh sa bhliain 2018 agus ar ghrinnchomhairliúcháin a rinneadh leis na Ballstáit, leis an gCoimisiún Eorpach agus le geallsealbhóirí eile, sheol EASO treoirthionscadal le haghaidh **Saoráid Tacaíochta Athlonnaithe a bhunú** in Iostanbúl chun tacú le hoibríochtaí athlonnaithe na mBallstát ón Tuirc ar feadh tréimhse 18 mí. Tá an tSaoráid Tacaíochta Athlonnaithe **i mbun feidhme ó mhí an Mheithimh 2019 amach**, agus seirbhísí athlonnaithe á soláthar aici do na Ballstáit trí sholáthraí seirbhíse – an Coimisiún Imirce Caitliceach Idirnáisiúnta (ICMC), an Eoraip.




Tríd an tSaoráid Tacaíochta Athlonnaithe, cumasaítear do EASO tacú ar bhealach comhoibríoch nuálach le hoibríochtaí athlonnaithe na mBallstát ón Tuirc trí **raon éagsúil seirbhísí athlonnaithe** a sholáthar arna n-iarraidh sin ag na Ballstáit. Áirítear leis na seirbhísí a sholáthraítear tacaíocht lóistíochúil le haghaidh phróisis roghnúcháin agus treoshuímh chultúrtha/treoshuímh réamhimeachta na mBallstát, amhail iompar agus cóiríocht dídeanaithe, seomraí le haghaidh agallamh agus oiliúna, cúram leanaí agus araile.

Fuarthas aiseolas dearfach ó na Ballstáit, lenar cuireadh in iúl go raibh an tacaíocht lóistíochúil a fuair siad ón tSaoráid Tacaíochta Athlonnaithe éifeachtúil agus leordhóthanach maidir le haghaidh a thabhairt ar a riachtanais.

## Tacaíocht bhuan do na Ballstáit

Sa bhliain 2019, thacaigh EASO le hiarrachtaí athlonnaithe na mBallstát trí chur chun feidhme a dhéanamh ar roinnt gníomhaíochtaí a raibh mar aidhm leo cabhrú le scéimeanna *ad hoc* de chuid an Aontais agus trí chruinnithe comhair phraiticiúil a eagrú ar athlonnú agus ar chonairí dlíthiúla i dtreo cosanta.

Ina theannta sin, ag gníomhú dó faoi chuimsiú thionscadal an Aontais um Athlonnú agus Ligean Isteach Dídeanaithe a Éascú trí Eolas Nua (EU-Frank), d'fhorbair EASO uirlisí praiticiúla chun cur leis an gcumas atá ag na Ballstáit i réimse an athlonnaithe.

# 2. Pleanáil oibríochtaí, meastóireacht agus uirlisí tacaíochta

## 2.1 Tacaíocht oibríochtúil agus uirlisí oibríochtúla

**Treisiú leis an gcumas atá ag EASO freagairt d'éilimh oibríochtúla agus tuairisciú orthu**

- Rinneadh modheolaíocht bainistíochta tionscadal agus timthriall bainistíochta tionscadal EASO a chur chun feidhme agus a fhorbairt tuilleadh do gach oibríocht sna Ballstáit agus sa ghné sheachtrach.
- Baineadh leibhéal méadaithe sástachta amach i measc Líonra Pointí Teagmhála Náisiúnta Dhíorma EASO um Idirghabháil Tearmainn trí na gníomhaíochtaí comhoibríocha agus na feidhmiúlachtaí bainistíochta imscartha (EAIPS) a forbraíodh lena n-úsáid acu.
- Forbraíodh coincheapa agus riachtanais tosaigh le haghaidh uirlisí cothrománacha nua, lena n-áirítear Uirlis Bainistíochta Imscartha EASO (EAIPS) a fhorbairt tuilleadh.

Éacht tábhachtach sa bhliain 2019 ba ea modheolaíocht chomhchuibhithe bainistíochta tionscadal a fhorbairt ina hiomláine, rud a cuireadh chun feidhme ar fud oibríochtaí EASO sa Ghréig, san Iodáil, sa Chipir agus i Málta agus sa ghné sheachtrach. Chuir sé sin leis an gcumas atá ag EASO freagairt d'éilimh oibríochtúla agus tuairisciú orthu agus, ar an mbealach sin, measúnú, dearadh, cur chun feidhme, faireachán agus meastóireacht pleananna oibriúcháin ábhartha, pleananna sonracha tionscadail agus treochlár a bhainistiú.

Rinneadh creataí cuimsitheacha an-éifeachtach faireacháin agus meastóireachta a fhorbairt agus a chur chun feidhme tuilleadh. Tugadh córais shofaisticiúla faireacháin bhuiséid isteach freisin, a fhágann gur féidir faireachán níos déine a dhéanamh ar bhuiséid agus ar chaiteachas gaolmhar san fhíor-am.

Feabhsaíodh arís eile Córas Díorma EASO um Idirghabháil Tearmainn (EAIPS). Is córas Gréasánbhunaithe é sin le haghaidh acmhainní oibríochtúla a bhainistiú. A bhuí leis na forbairtí nua, bhíothas in ann imscaradh saineolaithe ó na Ballstáit a bhainistiú go hiomlán tríd an ardán digiteach sin agus na sreafaí oibre le Pointí Teagmhála Náisiúnta Dhíorma EASO um Idirghabháil Tearmainn a éascú tuilleadh. I measc nithe eile, áiríodh leis na feabhsuithe ar an gcóras an cumas chun riachtanais fíor-ama a chur i láthair Pointí Teagmhála Náisiúnta agus giniúint uathoibrithe litreacha imscartha.

Forbraíodh comhpháirt eile a bhfuil bainistiú an imscartha oibrithe gníomhaireachta sealadacha i gceist léi agus cuireadh chun feidhme i gCóras Díorma EASO um Idirghabháil Tearmainn í i bhfianaise líon tábhachtach oibrithe gníomhaireachta sealadacha a bheith sna Foirne Tacaíochta do Chúrsaí Tearmainn. Is é an toradh a bheidh ar na forbairtí sin go gcuirfear leis an inniúlacht pleanála agus tuairiscithe atá ag EASO ó thaobh imscartha de.

Tionóladh dhá chruinniú comhair phraiticiúil de chuid Phointí Teagmhála Náisiúnta an Díorma um Idirghabháil Tearmainn sa bhliain 2019, agus na Ballstáit AE+, Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe agus an Coimisiún Eorpach páirteach iontu. Rinne na rannpháirtithe plé ar phleananna oibriúcháin EASO, ar imscaradh saineolaithe de chuid na mBallstát agus ar an bpleanáil amach anseo le haghaidh ainmniúchán agus saincheisteanna slándála, sábháilteachta agus sláinte, i measc topaicí eile.

Leanadh leis na hardáin oibríochtúla don Ghréig, don Iodáil agus don Chipir, atá ar fáil i gCóras Faisnéise agus Cáipéisíochta EASO, a nuashonrú chun gníomhaíochtaí, láithreacha agus treoir atá ábhartha do na pleananna oibriúcháin don bhliain 2019 a léiriú. Forbraíodh ardán le haghaidh oibríocht nua Mhálta freisin. Samhlaítear go ndéanfar athrú ar an ardán teicniúil agus go ndéanfar athbhreithniú ar thuilleadh forbartha a dhéanamh air sa bhliain 2020.

Rinneadh tuilleadh forbartha ar roinnt uirlisí tacaíochta cothrománacha eile freisin. Cuireadh dhá cheann de na huirlisí sin chun feidhme, a raibh córas dul isteach/imeachta don Chipir agus uirlis sceidealaithe cásanna i gceist leo. Bhí an córas dul isteach/imeachta ar an gcéad aistriú teicneolaíochta rathúil riamh ar éascaigh EASO é idir an Ungáir agus an Chipir. Sainíodh riachtanais eile le haghaidh uirlisí ábhartha agus féachfar orthu arís sa bhliain 2020.

## 2.2 Pleanáil, faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar oibríochtaí

- Neartaíodh bainistíocht timthriallta tionscadal bunaithe ar thortaí in oibríochtaí i dtíortha AE+.
- Foilsíodh Treoir Úsáideora maidir le Faireachán a Dhéanamh ar Oibríochtaí agus cuireadh cur chuige faireacháin dílseachta chun feidhme ar fud oibríochtaí EASO.
- Cuireadh 12 cheann san iomlán de mheastóireachtaí inmheánacha agus seachtracha i gcrích agus seoladh lúba aiseolais agus freagairtí bainistíochta ina leith ansin.

Cuireadh cur chuige pleanála bunaithe ar thorthaí níos láidre i bhfeidhm i leith cur chun feidhme a dhéanamh ar na pleananna oibriúcháin don bhliain 2019 don Ghréig, don Iodáil, don Chipir agus, den chéad uair riamh, do Mhálta. Ba é an toradh a bhí ar an gcur chuige sin gur méadaíodh trédhearcacht agus cuntasacht le linn dul chun cinn agus éachtaí á measúnú. Tar éis céim chuimsitheach measúnaithe riachtanas agus deartha a thabhairt isteach le haghaidh pleananna oibriúcháin nua a fhorbairt sa bhliain 2018 (agus Treoir Úsáideora ag gabháil léi), cuireadh cleachtadh den chineál céanna i gcrích go rathúil do na Pleananna Oibriúcháin don bhliain 2019, agus an mhodheolaíocht agus na cleachtais á gcur i bhfeidhm i leith idirghabhálacha eile de chuid EASO freisin.

Cuireadh córas nuálach faireacháin dílseachta i bhfeidhm ar fud na n-oibríochtaí uile de chuid EASO. Mar chuid den chóras sin, seoladh Treoir Úsáideora thiomnaithe maidir le Faireachán a Dhéanamh ar Oibríochtaí, pleananna faireacháin sonracha do gach idirghabháil agus struchtúr le haghaidh faireachán a dhéanamh ar thorthaí agus ar phróisis. Bhí sé sin ar an gcéad chur chuige comhdhlúite riamh a glacadh i leith faireachán a dhéanamh ar oibríochtaí de chuid EASO.

Chun cuntasacht a áirithiú agus chun lúb aiseolais athmhachnamhaigh a éascú i dtreo idirghabhálacha oibríochtúla atá níos ábhartha, níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla a bhaint amach, rinne EASO naoi meastóireacht inmheánacha (idir mheastóireachtaí foirmitheacha agus meastóireachtaí suimitheacha, lenar áiríodh athbhreithnithe lár téarma, treoirmheastóireachtaí agus meastóireachtaí deiridh) agus d’éascaigh sé trí mheastóireacht sheachtracha (ar na Pleananna Oibriúcháin don Iodáil agus don Ghréig don bhliain 2018 agus ar an bPlean Tacaíochta Speisialta don Chipir don tréimhse 2014-2018).


Tugadh córais faireacháin airgeadais atá bunaithe ar úsáid mhíosúil/íocaíochtaí míosúla isteach freisin agus rinneadh tuilleadh feabhsuithe ar na creataí foriomlána um bainistíocht buiséid, um athbhreithniú buiséid agus um fhaireachán buiséid a forbraíodh agus a cuireadh i bhfeidhm ar fud na n-oibríochtaí uile le linn na bliana.

## 2.3 Oiliúint oibríochtúil


- Sholáthair EASO 157 seisiún oiliúna oibríochtúla, inar cuireadh oiliúint ar 2 316 rannpháirtí. Is mó i bhfad an líon sin ná an réamhaisnéis bhliantúil, is é sin 80 seisiún a sholáthar do 1 000 rannpháirtí.
- Leanadh le hábhar oiliúna EASO a fhorbairt agus a athbhreithniú. Rinneadh seacht gcinn de chláir agus de chúrsaí oiliúna a fhorbairt/a athbhreithniú, a raibh cúig cinn díobh ina modúil/ina gcúrsaí nuafhorbartha. Cumhdaíodh na nithe seo a leanas iontu sin: Cumarsáid a Dhéanamh le hIarrthóirí Tearmainn agus Faisnéis a Sholáthar dóibh; Cásanna Féideartha Bhaile Átha Cliath a Shainaithint; Iarratais ar Chosaint Idirnáisiúnta a Chlárú; Cásanna Féideartha Eisiaimh a Shainaithint; agus Seisiún Ionduchtúcháin d’oibrithe eatramhacha agus do shaineolaithe imscartha de chuid na mBallstát i gcomhthéacs Oibríochtaí na Gréige.
- Rinneadh athbhreithniú ar dhá chúrsa oiliúna: Oiliúint Oibríochtúil do Cheannairí Foirne agus Oiliúint ar Chlárú.

Ar aon dul leis na pleananna oibriúcháin comhaontaithe, soláthraíodh seisiúin oiliúna oibríochtúla de chuid EASO sa Ghréig, san Iodáil, sa Chipir agus i Málta.

**An líon rannpháirtithe in oiliúint oibríochtúil**



**An líon rannpháirtithe in oiliúint oibríochtúil: miondealaithe de réir an Bhallstáit**




Mar fhreagairt do na brúnna méadaithe ar údaráis na Cipire, tá an cúnamh teicniúil agus oibríochtúil a thugann sé don tír á leathnú ag EASO ón mbliain 2014 amach. Sa bhliain 2019, lean EASO le tacaíocht a thabhairt d'údaráis na Cipire maidir le hiarratais ar chosaint idirnáisiúnta a chlárú agus chuir sé go mór leis an gcumas atá acu an riaráiste cásanna ar feitheamh a réiteach. Cuireadh oiliúint ar 232 rannpháirtí faoi chuimsiú an Phlean Oibriúcháin don Chipir. Ba mhéadú suntasach é sin ar an bhfigiúr don bhliain 2018. Bhí cásoibrithe eatramhacha de chuid EASO agus cúntóirí clárúcháin de chuid EASO faoi seach ar an dá spriocphobal is mó don oiliúint sin.

Sa Ghréig, lean EASO le tacaíocht a thabhairt do na húdaráis náisiúnta le raon leathan gníomhaíochtaí a chur i gcrích. Áiríodh leo oiliúint a chur ar oibrithe eatramhacha, ar shaineolaithe imscartha de chuid na mBallstát agus ar phearsana ó údaráis na Gréige. Cuireadh oiliúint ar 1 049 rannpháirtí faoi chuimsiú an phlean oibriúcháin don Ghréig. Ba mhéadú 20 faoin gcéad é sin, beagnach, ar an bhfigiúr don bhliain 2018. Bhí cásoibrithe eatramhacha de chuid EASO (420 duine), saineolaithe imscartha de chuid EASO (295 duine), oifigigh ghlactha (ón tSeirbhís Glactha agus Sainaitheanta) (175 duine) agus ceannairí foirne eatramhacha de chuid EASO (69 duine) faoi seach ar na ceithre spriocghrúpa is mó do na seisiúin oiliúna oibríochtúla sa Ghréig. Ghlac 29 oifigeach ó Sheirbhís Tearmainn na Gréige páirt i seisiúin oiliúna don oiliúnóir de chuid EASO ionas go bhféadfadh an tseirbhís an líon oiliúnóirí náisiúnta atá aici a mhéadú.

San Iodáil, lean EASO le tacaíocht a thabhairt do na húdaráis náisiúnta le hiarratais a phróiseáil agus cur leis an gcumas atá acu an riaráiste cásanna a ghlacadh, rud a carnadh mar gheall ar an méadú mór ar an líon inimirceach. Sainghné na bliana ba ea an dianiarracht a rinne údarás tearmainn náisiúnta na hIodáile an líon oiliúnóirí náisiúnta atá aige a mhéadú. Ghlac 49 oifigeach de chuid na hIodáile páirt i seisiúin oiliúna don oiliúnóir de chuid EASO. Lean EASO le seisiúin oiliúna oibríochtúla a sholáthar, inar cuireadh oiliúint ar 979 duine aonair, ba iad sin: 586 oifigeach tearmainn de chuid na hIodáile, 264 oibrí eatramhach de chuid EASO agus 129 duine de bhaill foirne eile de chuid EASO agus de shaineolaithe imscartha de chuid na mBallstát. Ba lú an figiúr sin ná an líon iomlán rannpháirtithe a d'fhreastail ar sheisiúin oiliúna de chuid EASO sa bhliain 2018. Is féidir an difríocht a chur síos do chur chun feidhme rathúil na straitéise bainistíochta riaráiste agus do straitéis imeachta EASO.

Síníodh plean oibriúcháin sé mhí le Málta i mí an Mheithimh 2019. Sular síníodh an plean oibriúcháin, ba í tacaíocht *ad hoc* an tacaíocht a bhí á tabhairt ag EASO d'údaráis tearmainn Mhálta maidir le hoiliúint a sholáthar do bhaill foirne áitiúla. Faoi chuimsiú na tacaíochta *ad hoc*, d'fhreastail seachtar rannpháirtithe ó Oifig an Choimisinéara le haghaidh Dídeanaithe ar mhodúil oiliúna de chuid EASO. Ag gníomhú dó faoin bplean oibriúcháin don bhliain 2019, d'eagraigh EASO tacaíocht oibríochtúil dá chuid ball foirne chun tacú le cur chun feidhme na mbeart a sainíodh sa Phlean Oibriúcháin do Mhálta.

D'fhorbair EASO trí phlean oiliúna *ad hoc* freisin: dhá cheann leis an Spáinn agus ceann amháin le Málta. Sa Spáinn, rannchuidigh EASO le hoiliúint a chur ar údaráis i réimse an tearmainn agus an ghlactha. Bhí an oiliúint sin riachtanach mar gheall ar an líon an-ard iarrthóirí tearmainn a raibh Leithinis na hIbéire á sroicheadh acu. Sa dara leath den bhliain 2019, thaifead an Spáinn an líon is airde iarratas san Eoraip, agus a bhformhór ag teacht ó thíortha Mheiriceá Laidinigh. Eagraíodh 50 seisiún *ad hoc* (níos mó ná na hocht gcinn a réamh-mheasadh) trí na pleananna *ad hoc* sin, agus 746 duine páirteach iontu.

Faoi chuimsiú an phlean oiliúna *ad hoc* do Mhálta, rud a raibh feidhm aige go mí an Mheithimh 2019, d'fhreastail seachtar rannpháirtithe ó Oifig an Choimisinéara le haghaidh Dídeanaithe ar na príomh-mhodúil de chuid EASO.

Thug EASO modheolaíocht le haghaidh riachtanais oiliúna a mheasúnú chun críche sa bhliain 2019 freisin, rud a fhágann go mbeidh sé in ann aon bhearnaí oiliúna a shainaithint ar bhealach níos fearr as seo amach.

## 2.4 Tacaíocht cháilíochta d'oibríochtaí

Chun tacú le cáilíocht in oibríochtaí de chuid EASO sa Ghréig, san Iodáil agus sa Chipir, d'fhorbair EASO uirlisí praiticiúla nua agus beachtaíodh uirlisí a bhí ann cheana chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais shonracha atá ag údaráis riaracháin tearmainn náisiúnta na dtrí thír.

**Tacaíocht cháilíochta do na hoibríochtaí de chuid EASO san Iodáil**

| Rinneadh uirlisí nua a fhorbairt agus a thabhairt isteach chun feabhas a chur ar cháilíocht an nós imeachta tearmainn.

| Soláthraíodh sainchomhairle agus saintreoir maidir le sásra náisiúnta measúnaithe cáilíochta a bhunú agus maidir le roinnt ionstraimí dlí. náisiúnta eile.

Thug an Earnáil Próiseas Tearmainn **tacaíocht cháilíochta don Iodáil**, lenar áiríodh cruinnithe leis an gCoimisiún Tearmainn Náisiúnta agus le hOifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe chun eispéiris agus saineolas a chomhroinnt maidir leis an tionscadal a bhí ar bun ag údaráis na hIodáile chun Sásra Measúnaithe Cáilíochta a bhunú. Ina theannta sin, tugadh tacaíocht dhíreach do na hoibríochtaí de chuid EASO trí chomhairle agus treoir a sholáthar maidir leis na dréachtionstraimí dlí náisiúnta a bhí le glacadh sa bhliain 2019.

Rinneadh na huirlisí nua seo a leanas a fhorbairt agus a thabhairt isteach chun feabhas a chur ar cháilíocht an nós imeachta tearmainn sa bhliain 2019.

- Treoir maidir le hiarratais ar thearmann a chlárú faoin nós imeachta brostaithe do chásoibrithe de chuid EASO.
- Treoirnóta maidir le faisnéis a sholáthar d’iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta, a bpróiseáiltear na hiarratais uathu sa nós imeachta brostaithe.
- Lámhleabhar maidir le Dea-Chleachtais sna Coimisiúin Chríche san Iodáil.
- Lámhleabhar maidir le Dea-Chleachtais chlárúcháin sna Questure san Iodáil.

Ar deireadh, thug an Earnáil Próiseas Tearmainn aiseolas maidir le Deasc Chabhrach a bhunú mar chuid den tacaíocht oibríochtúil a thugann EASO don Iodáil agus rannchuidigh sí le caighdeáin agus táscairí oibríochtúla a dhearadh don Iodáil.

Maidir leis an **tacaíocht cháilíochta a tugadh don Ghréig**, ghlac EASO páirt i gcruinnithe do cheannairí foirne ar an láthair ar mhaithe le treoir dhíreach a thabhairt dóibh agus ar mhaithe le freagra a thabhairt ar cheisteanna ar na dúshláin cháilíochta a mbíonn ceannairí foirne ag déileáil leo ina ngnáthobair laethúil. Cuireadh tuarascálacha aiseolais théamaigh cháilíochta agus Ceisteanna ábhartha Deisce Cabhrach i láthair le linn na gcruinnithe sin.

Chomh maith leis sin, ghlac EASO páirt ghníomhach i seisiúin oiliúna oibríochtúla ar an eisiamh agus ar an leochaileacht agus, i gcomhar le ceannairí foirne, ghlac sé páirt i dtrí mhisean allamuigh maidir le cur i bhfeidhm na mbuan-nósanna imeachta oibríochta nua agus maidir le comhar le saineolaithe na Deisce Cabhrach.

Athbhreithníodh 125 chás cosanta idirnáisiúnta i gcomhthéacs an nós imeachta tearmainn ag an teorainn agus an ghnáthnós imeachta tearmainn i réimsí an aiseolais théamaigh cháilíochta agus an aiseolais dearbhaithe cáilíochta.

Den chéad uair riamh, chuir EASO tuarascálacha aiseolais théamaigh cháilíochta agus tuarascálacha aiseolais cháilíochta le chéile don nós imeachta incháilitheachta. Ullmhaíodh 11 cheann san iomlán de thuarascálacha aiseolais cháilíochta (aiseolas téamach, aiseolas ar an nós imeachta tearmainn ag an teorainn agus aiseolas ar an nós imeachta incháilitheachta). Baineann ceannairí foirne úsáid as an uirlis Dearbhaithe Cáilíochta de chuid EASO chun meastóireacht a dhéanamh ar obair na gcásoifigeach.

**Tacaíocht cháilíochta do na hoibríochtaí de chuid EASO sa Ghréig:**

| Soláthraíodh treoir maidir le saincheisteanna cáilíochta trí Thuarascálacha Aiseolais Cháilíochta agus trí Cheisteanna Deisce Cabhrach (idir threoir nua agus treoir athbhreithnithe).

| Athbhreithníodh buan-nósanna imeachta oibríochta, teimpléid agallaimh agus tuairime agus modhanna rannpháirtíochta i seisiúin chóitseála agus oiliúna sna teophointí uile lena gcur chun feidhme.

| Tugadh Uirlis Dearbhaithe Cáilíochta de chuid EASO isteach lena n-úsáid ag ceannairí foirne.

| Athbhreithníodh 125 chás cosanta idirnáisiúnta i gcomhthéacs an nós imeachta tearmainn ag an teorainn agus an ghnáthnós imeachta tearmainn i réimsí an aiseolais théamaigh cháilíochta agus an aiseolais dearbhaithe cáilíochta.

Dhréachtaigh EASO buan-nós imeachta oibríochta maidir le nósanna imeachta leochaileachta i gcomhar le Seirbhís Tearmainn na Gréige. Dhréachtaigh sé teimpléid d’agallaimh agus do thuairimí freisin.

I mí Mheán Fómhair 2019, rinne EASO suirbhé ar úsáid agus tionchar na dtuarascálacha aiseolais cháilíochta agus ar bhealaí ina bhféadfaí feabhas a chur orthu. Tugadh aiseolas i mí na Samhna 2019 ar phlean gníomhaíochta le haghaidh feabhas a chur ar dhearbhú cáilíochta sa Ghréig freisin.

**Na hOibríochtaí de chuid EASO sa Chipir**

- Athbhreithníodh na buan-nósanna imeachta oibríochta maidir le Clárú agus forbraíodh buan-nós imeachta oibríochta nua maidir leis an nós imeacht tearmainn. Chomh maith leis sin, ceapadh teimpléid don agallamh pearsanta agus do mholtaí ar an iarratas ar chosaint idirnáisiúnta sa Chipir.
- Cuireadh feabhas ar an gcóras aiseolais cháilíochta.

**Maidir leis na hoibríochtaí de chuid EASO sa Chipi**, athbhreithníodh buan-nósanna imeachta oibríochta maidir le clárú. Ina theannta sin, athbhreithníodh 15 chás cosanta idirnáisiúnta ach an uirlis dearbhaithe cáilíochta a úsáid agus dréachtaíodh dhá thuarascáil aiseolais cháilíochta. Forbraíodh buan-nósanna imeachta oibríochta don Chipir maidir leis an nós imeachta tearmainn agus ceapadh teimpléid don agallamh pearsanta agus do mholtaí ar an iarratas ar chosaint idirnáisiúnta. Cuireadh meastóireacht ar an gcóras aiseolais cháilíochta i gcrích trí shuirbhé allamuigh. Cuireadh feabhas ar struchtúr agus tabhairt isteach na n-athbhreithnithe téamacha cáilíochta bunaithe ar an meastóireacht sin. In éineacht le hoifigigh ón Aonad Oiliúna, ghlac oifigigh thacaíochta tearmainn páirt i dtrí sheisiún cóitseála sa Chipir a raibh mar aidhm leo tacú le cásoifigigh nua-earcaithe de chuid EASO.

# 3. Faisnéis, anailís agus forbairt eolais

## 3.1 Faisnéis faoin tír thionscnaimh


Chun cinntí tearmainn atá eolasach, cóir agus dea-réasúnaithe a dhéanamh agus chun beartais a fhorbairt ar bhonn fianaise, baineann ríthábhacht le Faisnéis faoin Tír Thionscnaimh a tháirgeadh maidir le raon leathan tríú tíortha agus téamaí.

- Ullmhaíodh 65 táirge i réimse na faisnéise faoin tír thionscnaimh, lenar áiríodh freagraí ar cheisteanna, tuarascálacha foilsithe agus modheolaíocht le haghaidh faisnéis faoin tír thionscnaimh a tháirgeadh.
- Eagraíodh 24 ócáid théamach nó mhodheolaíocha i réimse na faisnéise faoin tír thionscnaimh, lenar áiríodh ócáidí inar pléadh tíortha tionscnaimh ar leith.
- Próiseáladh breis agus 500 ceist maidir le cóireálacha leighis (MedCOI).

Sa bhliain 2019, nuashonraigh EASO an mhodheolaíocht a úsáideann sé le haghaidh tuarascálacha ar fhaisnéis faoin tír thionscnaimh a tháirgeadh. Chuir sé chun feidhme na ceachtanna a foghlaimíodh ón gcomhar a bhí ar siúl ar feadh roinnt blianta maidir le faisnéis faoin tír thionscnaimh a tháirgeadh laistigh de chur chuige líonra EASO um fhaisnéis faoin tír thionscnaimh. Ceiliúradh foilsiú na modheolaíochta nuashonraithe sin i gcomhthráth le comóradh bliana ACCORD, arb í roinn Chumann Croise Deirge na hOstaire um Fhaisnéis faoin Tír Thionscnaimh í, trí chomhdháil chomheagraithe a cuireadh ar siúl ar an modheolaíocht le haghaidh faisnéis faoin tír thionscnaimh a tháirgeadh.

Chomh maith leis sin, d'fhoilsigh EASO *Treoir maidir le Faisnéis faoin Tír Thionscnaimh a Scríobh agus Tagairtí a Chur Léi* agus tháirg sé scata táirgí i réimse na faisnéise faoin tír thionscnaimh. Is féidir na táirgí sin a rochtain ar *Thairseach EASO um Fhaisnéis faoin Tír Thionscnaimh*. Ó thaobh an táirgthe de, is iad na tosaíochtaí atá ag EASO faisnéis faoin tír thionscnaimh a tháirgeadh chun tacú le forbairtí treorach tíre (féach rannán 3.2) agus chun tacú le gníomhaíochtaí oibríochtúla ar mhaithe leis na Ballstáit (e.g. an Iodáil agus an Ghréig).

Sa bhliain 2019, cuireadh cur chuige an líonra um fhaisnéis faoin tír thionscnaimh chun feidhme arís eile trí chruinnithe ar fhaisnéis faoin tír thionscnaimh a eagrú le comhaltaí thíortha AE+ den líonra. Áiríodh leo sin dhá chruinniú de chuid an líonra straitéisigh um fhaisnéis faoin tír thionscnaimh agus dhá chruinniú grúpa stiúrtha ar fhaisnéis leighis faoin tír thionscnaimh. Cuireadh roinnt ceardlann agus seimineár ar siúl ar thíortha tionscnaimh ar leith, ar réigiúin ar leith nó ar théamaí ábhartha i réimse na faisnéise faoin tír thionscnaimh freisin. Ba iad sin: Rochtain ar chúram sláinte; an Afganastáin; an Eiritré; an Aetóip; an Iaráin; an Iaráic; an Libia; an Phacastáin; an Phalaistín; an Rúis; an tSiria; an Úcráin; Veiniséala agus an Cholóim (a eagraíodh i gcomhar leis na Comhairliúcháin Idir-Rialtasacha maidir le Beartais a bhaineann le Tearmann, le Dídeanaithe agus le hImirce); agus an Afraic Thiar.




De bhreis air sin, d'eagraigh EASO cruinniú amháin le riarthóirí náisiúnta tairsí coitinne maidir le Tairseach EASO um Fhaisnéis faoin Tír Thionscnaimh. Laistigh de na líonraí speisialtóirí, comhroinneann taighdeoirí náisiúnta ar fhaisnéis faoin tír thionscnaimh faisnéis faoi riachtanais i ndáil le faisnéis faoin tír thionscnaimh, faisnéis faoi tháirgí náisiúnta i réimse na faisnéise faoin tír thionscnaimh a táirgeadh le déanaí agus a tháirgfear sa todhchaí agus faisnéis faoi mhisin aimsithe faisnéise. Tá sé mar aidhm leis an obair sin dúbláil agus forluí na n-iarrachtaí a sheachaint.

Maidir le cúram sláinte agus cóireálacha leighis i dtríú tíortha, lean EASO le gníomhaíochtaí tionscadail a aistriú i réimse na **faisnéise leighis faoin tír thionscnaimh**. Ba faoi chistí ón Aontas a rinne foirne tionscadail san Ísiltír agus sa Bheilg faisnéis leighis faoin tír thionscnaimh a thionscnamh agus a chur chun feidhme sa bhliain 2010. Bhí sé mar aidhm acu feabhas a chur ar an rochtain atá ag údaráis imirce agus

tearmainn náisiúnta san Eoraip ar fhaisnéis leighis faoin tír thionscnaimh. Le linn na bliana 2019, bhí EASO ag obair ar an tríú céim de cheannas an tionscadail a ghlacadh. Sa tréimhse sin, mhéadaigh EASO an cumas atá aige iarratais aonair ar fhaisnéis leighis faoin tír thionscnaimh ó na tíortha AE+ a phróiseáil. Is obair í sin lena mbaineann líonra domhanda teagmhálaithe áitiúla leighis. D'earcaigh EASO saineolaithe leighis speisialaithe chun go n-áiritheofaí cáilíocht na seirbhísí agus chun go mbeadh ardán ann ar a bhféadfadh stáit AE+ faisnéis cúraim sláinte faoin tír thionscnaimh a chomhroinnt lena chéile.

Chomh maith leis sin, leanadh leis an gcomhar le saineolaithe sochaí sibhialta i réimse na faisnéise faoin tír thionscnaimh ar fud na bliana 2019. Glacadh páirt i roinnt cruinnithe ar fhaisnéis faoin tír thionscnaimh, i gceardlanna agus i gcomhdháil ar mhodheolaíocht le haghaidh faisnéis faoin tír thionscnaimh a tháirgeadh. Chuathas i gcomhairle le gníomhaithe sochaí sibhialta a bhfuil saineolas speisialaithe acu ar réimse na faisnéise faoin tír thionscnaimh. Tugadh cuireadh dóibh freisin cabhrú le EASO faisnéis faoin tír thionscnaimh a tháirgeadh, ag fónamh dóibh mar athbhreithnitheoirí.




© An tAontas Eorpach (Peter Biro), Fothrach Mhosc Mór al-Nuri i Seanbhaile Mosul, atá lonnaithe ar bhruach thiar na Tígrise. Ba anseo a d'fhógair Abu Bakr al-Baghdadi, ceannaire ISIL, Cailifeacht an Stáit Ioslamaigh i mí an Mheithimh 2014. Athghabhadh Seanbhaile Mosul i mí Iúil 2017. Tógadh an grianghraf an 18 Iúil 2018.

## 3.2 Treoir thíre

Comhdhlúthaíodh an mhodheolaíocht le haghaidh treoir thíre a fhorbairt, a athbhreithniú agus a nuashonrú, rud lenar treisíodh creat le haghaidh comhair idir tíortha AE+. Fuarthas ionchur luachmhar ina leith freisin ón gCoimisiún Eorpach agus ó Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe.

- Foilseacháin nua ar an Treoir Thíre: an Nigéir (Feabhra 2019) agus an Treoir Thíre: an Iaráic (Meitheamh 2019).
- Cuireadh an chéad nuashonrú a rinneadh ar an treoir thíre i gcrích go rathúil nuair a foilsíodh an Treoir Thíre: an Afganastáin i mí an Mheithimh 2019.

Ag teacht sna sála ar fhoilsiú an treoirleagain den *Treoir Thíre: an Afganastáin* i mí an Mheithimh 2018, chuaigh EASO ar aghaidh chun tacú le tíortha AE+ anailís agus treoir choiteann a tháirgeadh ar dhá thír thionscnaimh nua, mar atá an *Treoir Thíre: an Nigéir*, a eisíodh i mí Feabhra 2019 agus ar ina diaidh a foilsíodh an *Treoir Thíre: an Iaráic* i mí an Mheithimh 2019. Agus iad leagtha amach i bhformáid chaighdeánach na treorach tíre, tugtar sa dá dhoiciméad measúnú cuimsitheach ar an staid sa tír thionscnaimh ar leith agus iniúchtar iontu na riachtanais chosanta idirnáisiúnta atá ag iarratasóirí faoi chuimsiú chreat dlíthiúil na Treorach maidir le Cáilitheacht.




Cuireadh an chéad nuashonrú a rinneadh ar an treoir thíre i gcrích i mí an Mheithimh 2019 freisin nuair a foilsíodh *an Treoir Thíre: an Afganastáin*. Díríodh sa nuashonrú sin ar na rannáin seo: "Airteagal 15(c) den Treoir maidir le Cáilitheacht (2011/95/AE)"; "Rogha eile ar chosaint inmheánach"; agus an measúnú ar phróifíl "Daoine d'eitneacht Hasárach".

Sna próisis sin, rinne EASO comhordú agus éascú ar obair an Líonra Treorach Tíre, atá comhdhéanta d'oifigigh shinsearacha bheartais ó thíortha AE+. Cuireadh an comhar sin ar aghaidh arís eile mar thoradh ar an ionchur luachmhar a fuarthas ón gCoimisiún Eorpach agus ó Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe. Ba é a bhí i gceist leis an obair ar threoir tíre a ullmhú gur eagraíodh cúig chruinniú líonra a bhí sonrach don tír mar aon le cruinniú straitéiseach amháin de chuid an Líonra Treorach Tíre, gur seoladh dhá shuirbhé ar an ualach cásanna náisiúnta, ar an mbeartas náisiúnta agus ar an gcleachtas náisiúnta, agus gur cuireadh cúig chomhairliúchán scríofa ar siúl leis an líonra. Rinneadh trí Fhoireann Dréachtaithe atá comhdhéanta de shaineolaithe náisiúnta roghnaithe a bhunú agus a chomhordú. Cuireadh naoi gcruinniú san iomlán de chuid na Foirne Dréachtaithe ar siúl sa bhliain.

Forbairt thábhachtach eile ba ea comhdhlúthú na modheolaíochta i leith na treorach tíre. Cheadaigh Bord Bainistíochta EASO an mhodheolaíocht sin i mí an Mheithimh 2019.

Chomh maith leis sin, tá EASO ag féachaint ar bhealaí nua atá áisiúil don úsáideoir a bhunú le haghaidh an treoir thíre atá ar fáil a chur in iúl don léitheoir. Tá an t-inneachar ar fáil anois i bhformáid idirghníomhach html ar shuíomh Gréasáin EASO *(chun na doiciméid is déanaí atá ar fáil a fheiceáil, téigh chuig https://www.easo.europa.eu/country-guidance).*

Táthar ag leanúint leis an obair ar threoir thíre a ullmhú sa bhliain 2020, ar lena linn a fhorbrófar treoir thíre ar an tSiria agus a nuashonrófar an treoir thíre ar an Afganastáin agus ar an Iaráic.


## 3.3 Mol Sonraí EASO

| Bainistíonn Mol Sonraí EASO sonraí oibríochtúla agus faisnéis oibríochtúil atá casta agus straitéiseach agus lena gcuirtear ar chumas EASO faireachán agus anailís a dhéanamh ar staid an tearmainn i dtíortha AE+ agus ar an tacaíocht oibríochtúil a thugann EASO.

| Chomh maith leis sin, táirgeann an Mol Sonraí Anailísí Oibríochtúla lena ndéantar amach méid na tacaíochta oibríochtúla a thugann EASO.

Bainistíonn Mol Sonraí EASO réimse casta sonraí agus faisnéise lena gcuirtear ar chumas EASO faireachán agus anailís a dhéanamh ar staid an tearmainn i dtíortha AE+ agus ar an tacaíocht oibríochtúil

a thugann EASO. Chuige sin, is amhlaidh, mar chuid den Chóras Réamhrabhaidh agus Ullmhachta, go gcomhroinneann tíortha AE+ (na Ballstáit, an Iorua agus an Eilvéis) staitisticí comhchuibhithe le EASO ar thopaicí tábhachtacha amhail cinneadh ag an gcéad chéim, feidhmiú chóras Bhaile Átha Cliath, cineál agus méid an phobail ghlactha agus an líon achomharc. Faigheann an Mol Sonraí na staitisticí sin, ar bhonn seachtainiúil go minic, agus próiseálann sé iad ina ndeaiseanna atá tarraingteach ó thaobh amhairc de. Is féidir le baill foirne ar fud EASO agus le tíortha AE+ a chomhroinn na sonraí ar dtús na deaiseanna sin a rochtain. Mar thoradh air sin, cruthaítear corpas aontaithe faisnéise le haghaidh feasacht ar an staid agus le haghaidh faireachán a dhéanamh ar fhreagairt oibríochtúil EASO. Is gnách go gcomhcheanglaítear na staitisticí tábhachtacha sin le sonraí eile a gcomhroinneann an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex) iad agus le sonraí a íoslódáiltear ó roinnt foinsí eile. Is é an aidhm atá leis sin a áirithiú go mbeidh rochtain ag anailísithe, taighdeoirí agus bainisteoirí EASO ar an bhfaisnéis is cothroime le dáta isan fhíor-am, a bheag nó a mhór. Ar mhaithe le dioscúrsa eolasach a spreagadh i measc an phobail, rinneadh an-chuid de na staitisticí sin a amharcléiriú sa bhliain 2019 ar leathanach EASO ar na Treochtaí Tearmainn is Déanaí agus i dTuarascáil Bhliantúil EASO ar staid an tearmainn.




Sa bhliain 2019, rinne EASO sonraí tearmainn a amharcléiriú gach mí ar a leathanach ar na Treochtaí Tearmainn is Déanaí

Tá freagracht ar Mhol Sonraí EASO freisin as bainistiú a dhéanamh ar shonraí a bhailítear le linn oibríochtaí EASO sa Chipir, sa Ghréig, san Iodáil agus i Málta. Sa chás sin, is eochairthásscairí ar cé chomh héifeachtúil is atá freagairt oibríochtúil EASO iad staitisticí ar an líon saineolaithe atá imscartha faoi mheirge EASO agus staitisticí ar an líon cásanna ar thacaigh na saineolaithe sin leo. Ina theannta sin, is féidir le EASO na staitisticí a úsáid chun tuiscint níos mine a ghnóthú ar staid an tearmainn sna Ballstáit óstacha chun críche measúnuithe riachtanas a dhéanamh. Sa bhliain 2019, bhain an Mol Sonraí úsáid as na sonraí sin chun Anailísí Oibríochtúla a chur le chéile inar léiríodh, mar shampla, gur thacaigh EASO le leath na n-iarratas ar thearmann a cuireadh isteach sa Ghréig sa bhliain 2019 a chlárú agus le níos mó ná 70 % de na hiarratais sin a cuireadh isteach sa Chipir a chlárú.

## 3.4 Clár taighde ar réamhrabhadh agus taighde ar bhunchúiseanna

- Tháirg EASO cúig Thuarascáil Réamhrabhaidh sa bhliain 2019, a óstáladh ar ardán an Aontais le haghaidh Socruithe Comhtháite maidir le Freagairt Pholaitiúil ar Ghéarchéimeanna.
- I mí na Nollag 2019, d'óstáil EASO an chéad chruinniú de chuid an Ghrúpa Chomhairligh um Réamhrabhadh. Le linn an chruinnithe sin, comhaontaigh tíortha rannpháirteacha AE+ le mionsonraí faoina gcuid oibre féin ar réamhrabhadh a chomhroinnt lena chéile agus bhreithnigh siad na féidearthachtaí a bhaineann leis na tionscadail sin a chomhtháthú isteach ina gcur chuige Eorpach comhdhlúite sa todhchaí.

I gcomhréir le hAirteagal 9(3) de Rialachán 439/2010 lena mbunaítear EASO, ba cheart do EASO úsáid a bhaint as córais agus sásraí réamhrabhaidh atá ann cheana agus, más gá, córas réamhrabhaidh a bhunú chun a chríoch féin. Chuige sin, baintear úsáid i gclár taighde EASO as ardteicneolaíocht chun faireachán a dhéanamh ar an staid i dtíortha tionscnaimh agus idirthurais agus chun meastachán "mórshonraí" a tháirgeadh ar thosca brú ar fud an domhain. Rud sonrach, comhcheanglaítear téarmaí cuardaigh Idirlín agus faireachán a dhéantar san fhíor-am, a bheag nó a mhór, ar theagmhais choinbhleachta agus shuaiteacha i dtíortha tionscnaimh agus idirthurais chun teagmhais díláithriúcháin aonair a shamhaltú agus a thuar agus, sa deireadh, chun a thuar cén uair a thiocfaidh pobail a dteastaíonn cosaint uathu isteach i dtíortha AE+. Chun anailís a dhéanamh ar na mórshonraí sin, baineann EASO úsáid as cineál Intleachta Saorga ar a dtugtar *meaisínfhoghlaim* chun comhghaolta ceilte a aimsiú agus chun a nochtadh cén cineál teagmhas a thiteann amach roimh dhíláithrithe agus roimh theacht na bpobal i dtíortha AE+. Sa bhliain 2019, baineadh úsáid as an bhfaisnéis sin ar bhonn rialta mar chreat le haghaidh an todhchaí a phlé. Ina theannta sin, bhí sí ina gné amháin d'fhoireann uirlisí réamhrabhaidh EASO chun go mbeadh tíortha AE+ ullamh d'aon phlóduithe tobanna isteach a d'fhéadfadh brú ar leith a chur ar sheirbhísí tearmainn agus glactha.




Baintear úsáid i gclár taighde EASO as mórshonraí chun faireachán a dhéanamh ar theagmhais choinbhleachta agus shuaiteacha i dtíortha tionscnaimh agus idirthurais agus chun innéacs "tosca brú" a chruthú chun críche pleanála agus ullmhachta.


Sa bhliain 2019, tháirg EASO cúig Thuarascáil Réamhrabhaidh, a scaipeadh ar thíortha AE+, ar Bhord Bainistíochta EASO agus ar an gCoimisiún Eorpach. Óstáladh na tuarascálacha sin ar ardán an Aontais le haghaidh Socruithe Comhtháite maidir le Freagairt Pholaitiúil ar Ghéarchéimeanna. Chuir obair EASO ar réamhrabhadh go mór le luach na díospóireachta ar an méid is féidir imirce a bhaineann le tearmann a thuar. Dá bharr sin, tugadh cuireadh do EASO i mí Dheireadh Fómhair 2019 a mhodheolaíocht a chur i láthair ag an Meitheal Ardleibhéil um Thearmann agus Imirce agus ag roinnt comhdhálacha i dtíortha AE+ inar pléadh an topaic chéanna. Ag an deireadh ar fad, d'óstáil EASO, i mí na Nollag 2019, an chéad chruinniú de chuid an Ghrúpa Chomhairligh um Réamhrabhadh. Le linn an chruinnithe sin, chomhaontaigh tíortha rannpháirteacha AE+ le mionsonraí faoina gcuid oibre féin ar réamhrabhadh a chomhroinnt lena chéile agus bhreithnigh siad na féidearthachtaí a bhaineann leis na tionscadail sin a chomhtháthú isteach ina gcur chuige Eorpach comhdhlúite sa todhchaí.

## 3.5 Anailís straitéiseach

| Lean anailísithe EASO leis na Treochtaí Tearmainn is Déanaí a fhoilsiú gach mí. Chomh maith leis sin, d'fhoilsigh siad deich gCoimre Anailíseacha.

| Rinneadh anailís ar chásanna freisin ar thodhchaí na cosanta idirnáisiúnta i dtíortha AE+.

Cuirtear de chúram ar anailísithe EASO na sonraí agus an fhaisnéis ar fad atá ar fáil a chíoradh chun tuiscint iomlán a fháil ar staid an tearmainn agus ar chur chun feidhme an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn agus ansin teachtaireachtaí beachta soiléire a chur in iúl do raon an-leathan geallsealbhóirí agus cinnteoirí. Ar an gcéad dul síos, is amhlaidh, chun dioscúrsa fianaisebhunaithe a spreagadh i measc an phobail agus chun a áirithiú go mbeidh faisnéis atá cothrom le dáta ag iriseoirí, taighdeoirí agus déantóirí beartas faoin líon iarratas ar thearmann a bhítear ag cur isteach i dtíortha AE+, d'fhoilsigh an fhoireann na Treochtaí Tearmainn is Déanaí gach mí sa bhliain 2019, rud a bhfuil an-éileamh air, agus scríobh sí caibidlí do lear foilseacháin éagsúla, amhail Tuarascáil Bhliantúil EASO ar Staid an Tearmainn agus Anailís Riosca Frontex don bhliain 2019. Ag an am céanna, seachadadh Coimre Anailíseach EASO d'fhóraim Eorpacha éagsúla amhail an Chomhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile agus an Coiste Straitéiseach um Inimirce, um Theorainneacha agus um Thearmann. Anuas air sin, chuir EASO anailísí luachmhara gach seachtain le gníomhachtú imirce Shocruithe Comhtháite an Aontais maidir le Freagairt Pholaitiúil ar Ghéarchéimeanna.




Ós rud é gur saothar fadbhreathnaitheach í anailís, is gá go bhfuil níos mó i gceist léi ná insint lom faoi theagmhais san am atá thart. Go deimhin, caitheann cinnteoirí i bhfad níos mó ama ar phleanáil don todhchaí. Chun aghaidh a thabhairt ar an ngá sin, chuaigh an fhoireann Anailíse Straitéisí i gcomhpháirt le Z-punkt, ar cuideachta aithnidiúil fadbhreathnaitheachta straitéisí í, sa bhliain 2019 chun

cleachtadh cásanna a sheoladh ar thodhchaí na cosanta idirnáisiúnta i dtíortha AE+ sa bhliain 2030. Agus úsáid á baint aige as suirbhéanna agus as ceardlanna, thug EASO saineolaithe le chéile chun cúig fhéidearthacht an-difriúil don todhchaí a shainaithint. Áiríodh leo saineolas ó acadóirí, ó eagraíochtaí neamhrialtasacha, ón gCoimisiún Eorpach, ó Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe, ón Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce, ón Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta, ón Airmheán Comhpháirteach Taighde, ó thíortha AE+, ó Frontex agus ó Europol. Mar mhodheolaíocht le haghaidh féidearthachtaí a iniúchadh go córasach agus le haghaidh smaointe na gcleachtóirí agus na gcinnteoirí araon a spreagadh, bhí an cleachtadh ina chreat comhtháite le haghaidh ciall a bhaint as saol a bhíonn ag éirí níos casta i gcónaí.

## 3.6 Córas faisnéise agus cáipéisíochta

- Is é is Córas Faisnéise agus Cáipéisíochta EASO ann ardán ar líne a bhfuil mar aidhm leis pointe aonair d'fhaisnéis atá cuimsitheach agus cothrom le dáta a sholáthar faoin dóigh a n-eagraítear córais tearmainn agus ghlactha thíortha AE+ maidir le beartais, le cleachtais, leis an reachtaíocht ábhartha agus le dlí-eolaíocht. Aidhm eile atá leis is ea forbhreathnú a thabhairt ar fheidhmiú praiticiúil na n-eochairghnéithe uile den Chomhchóras Eorpach Tearmainn.
- I mbunachar sonraí cásdlí EASO, rud atá ar fáil don phobal, tugtar faisnéis thráthúil chruinn faoi dhlí-eolaíocht nua. Tá breis agus 700 cás cláraithe ann.

Ós rud é gur bunachar sonraí fíorasach, dlíthiúil agus cásdlí é ar ionstraimí tearmainn náisiúnta agus idirnáisiúnta agus ar ionstraimí tearmainn an Aontais, tugtar leis an gCóras Faisnéise agus Cáipéisíochta forbhreathnú cuimsitheach agus cur síos cruinn ar reachtaíocht agus cleachtais i réimse an tearmainn in 31 tír AE+, agus é ag leanúint na -eochairchéimeanna den phróiseas tearmainn. Áirítear leo sin: rochtain ar nósanna imeachta; Nós Imeachta Bhaile Átha Cliath; cinneadh ag an gcéad chéim; cinneadh ag an dara céim; glacadh; coinneáil; cineálacha cosanta; filleadh; athlonnú; agus scéimeanna um ligean isteach ar fhoras daonnúil. Is féidir le húsáideoirí cláraithe ó údaráis riaracháin tearmainn thíortha AE+ (níos mó ná 50 údarás náisiúnta faoi láthair) logáil isteach sa Chóras Faisnéise agus Cáipéisíochta chun é a rochtain. Leis an gcóras, tugtar aghaidh ar an ngá sonrach atá ag tíortha AE+ le faisnéis toisc go dtugtar rochtain réidh dóibh ar fhaisnéis chuimsitheach a bhfuil spéis acu inti. Is faisnéis í sin a nuashonraítear ar bhonn rialta, a mbailíonn na geallsealbhóirí ábhartha í agus atá ag teacht le caighdeáin cháilíochta ó thaobh na tagartha agus an fhoinsithe de. Is é an toradh atá air sin go sáraítear an dúshlán a bhaineann le forbhreathnú atá fadréimseach, cothrom le dáta agus soiléir a ghnóthú ar staid reatha na gcóras náisiúnta tearmainn ar fud thíortha AE+ agus ar leibhéal AE+. Chuir baill de Ghrúpa Comhairleach an Chórais Faisnéise agus Cáipéisíochta in iúl roinnt uaireanta go mbaineann faisnéis ón gCóras Faisnéise agus Cáipéisíochta le hábhar go mór nuair a bhíonn forbhreathnuithe ón Aontas á n-ullmhú ar dhlíthe, ar bheartais agus ar chleachtais chun go mbeifear in ann na comhthéacsanna náisiúnta a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena chéile.

Mar thionscadal tiomnaithe idir an t-ardán fillidh ar líne de chuid EASO agus Frontex/an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh, cruthaítear leis an *bhFeidhmchlár Bainistíochta Comhtháite maidir le Filleadh (IRMA)* sineirgí breise idir an dá chóras ar nithe leathana a bhaineann le tearmann agus le filleadh araon.

Eagraíodh acmhainní cásdlí ina mbunachar sonraí cásdlí de chuid EASO, rud a bhfuil rochtain ag an bpobal air. Sa bhunachar sonraí sin, tugtar faisnéis thráthúil chruinn faoi dhlí-eolaíocht nua trí bhainistiú agus stóráil a dhéanamh ar chásdlí a bhaineann leis an gComhchóras Eorpach Tearmainn a chur chun feidhme ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal Eorpach (Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine). Ba ní tráthúil é sin go háirithe toisc go mbíonn ag méadú ar an líon cásanna a bhíonn ag sroicheadh chéim an achomhairc ar leibhéal AE+ agus toisc go bhfuil gá ann le forbhreathnú atá so-úsáidte agus ar fáil i bhformáid chaighdeánach ar an dlí-eolaíocht náisiúnta.

Déantar cultúr an chomhair i réimse na comhroinnte faisnéise a chur chun cinn agus a bhreisiú arís eile trí chóras ceisteanna EASO. Leis an gcóras sin, is féidir le tíortha AE+ ceisteanna scríofa a phostáil faoi ghnéithe praiticiúla den Chomhchóras Eorpach Tearmainn agus faoi nithe eile a bhaineann le beartais agus cleachtais i réimse an tearmainn i dtíortha AE+ a bhfuil spéis ag údaráis riaracháin tearmainn iontu agus is féidir leo freagraí a fháil ar na ceisteanna sin leis. Leis an gcóras ceisteanna, tugtar freagraí comhdhlúite ar cheisteanna sonracha téamacha laistigh de thréimhse ghairid, áit a ndréachtaíonn EASO tuarascálacha achoimre ardábhair ina gcuirtear faisnéis chomhthéacsúil bhreise leis na príomhfhionnachtana ón gceist. Cuirtear feabhas ar shineirgí tríd an gcumarsáid leanúnach agus an comhar leanúnach (Braisle Ceisteanna) atá ar bun le geallsealbhóirí eile a riarann

córais cheisteanna. Áirítear leo sin na Comhairliúcháin Idir-Rialtasacha maidir le Beartais a bhaineann le Tearmann, le Dídeanaithe agus le hInimirce, Gréasán Imirce na hEorpa agus Comhdháil Stiúrthóirí Ginearálta na Seirbhísí Inimirce.

## 3.7 An tuarascáil bhliantúil ar staid an tearmainn san Aontas

| Fuair breis agus 6 200 léitheoir rochtain ar an Tuarascáil Bhliantúil.

| Rinneadh breis agus 620 ábhar tagartha a léamh agus a chur ar áireamh sa leabharliosta.


| Foilsíodh an Achoimre Feidhmiúcháin i 24 teanga.

Ghlac Bord Bainistíochta EASO Tuarascáil bhliantúil EASO ar staid an tearmainn san Aontas Eorpach 2018 i mí an Mheithimh 2019.

Tugtar forbhreathnú cuimsitheach sa tuarascáil ar fhorbairtí ar an leibhéal Eorpach agus ar leibhéal na gcóras tearmainn náisiúnta. Tá an tuarascáil bunaithe ar raon leathan foinsí éagsúla. Iniúchtar inti na príomhthreochtaí staitistiúla agus na hathruithe anailíse i dtíortha AE+ maidir lena reachtaíocht, lena mbeartais agus lena gcleachtais, chomh maith lena gcásdlí náisiúnta. Is é an aidhm atá leis an tuarascáil faisnéis oibiachtúil agus anailís fhianaisebhunaithe a sholáthar maidir le staid an tearmainn, agus forbairtí ábhartha an-tábhachtach sa bhliain tagartha á léiriú. Cé go ndírítear sa tuarascáil ar phríomhghnéithe den Chomhchóras Eorpach Tearmainn, déantar a lán tagairtí riachtanacha inti don mhór-chomhthéacs imirce agus ceart bunúsach freisin. Mar chuid den tuarascáil, déanann EASO anailís chomparáideach chuimsitheach ar mhaithe le feabhas a chur ar cháilíocht, comhsheasmhacht agus éifeachtacht an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn.

Le linn tréimhse ina bhfuil forbairtí móra ag teacht chun cinn agus ina bhfuil nithe tearmainn agus imirce i mbéal an phobail, baineann ríthábhacht le tuairisciú atá oibiachtúil agus bunaithe ar fhíricí, lena gcoisctear míthuiscintí agus lena n-éascaítear idirphlé cuiditheach agus conclúidí oibiachtúla. De réir na modheolaíochta bunaithe, is amhlaidh, ar mhaithe le forbairtí a ghabháil ar bhealach comhtháiteach sintéiseach, go bhfuiltear ag déanamh iarracht dearcthaí éagsúla a chur ar áireamh lena mealltar ionchur ó lear gníomhaithe difriúla, a gcomhlíonann gach duine díobh róil dhifriúla i réimse an tearmainn.

Anuas ar fhaireachán seasmhach a dhéanamh ar fhorbairtí trí thaighde deisce a dhéanamh ar fud na bliana tagartha ar fhoinsí atá ann cheana, d’fhéach an fhoireann a dhréachtaigh Tuarascáil Bhliantúil EASO leis an méid sin a dhéanamh trí thús a chur le roinnt próisis ionchuir a bhí le cur isteach sa tuarascáil, i gcomhairle le príomh-chomhpháirtithe. Áiríodh leo sin Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe, Gréasán Imirce na hEorpa, an lucht léinn agus meithleacha machnaimh. Iarradh ar an tsochaí shibhialta go sonrach ábhar a chur ar fáil don tuarascáil bhliantúil. De bharr na hiarrata sin, fuarthas ábhar ó 27 eagraíocht. Liostáítear i leabharliosta foriomlán na tuarascála breis agus 620 ábhar a léadh le linn í a dhréachtú.




Is féidir an tuarascáil a léamh ar líne freisin i bhformáid tharraingteach atá áisiúil don úsáideoir, lena n-áirítear achoimre feidhmiúcháin ar na príomhfhionnachtana i 24 teanga Eorpach.

# 4. Oiliúint

## 4.1 Curaclam oiliúna EASO

**Curaclam Oiliúna EASO**
Córas coiteann gairmoiliúna lena gcumhdaítear na príomhghnéithe den nós imeachta tearmainn. Áirítear leis modheolaíocht foghlama cumaisc lena gcomhcheanglaítear ríomhfhoghlaim agus seisiúin aghaidh ar aghaidh le cur chuige teoiriciúil agus praiticiúil.


Lean EASO lena churaclam oiliúna a chomhdhlúthú trí ábhar oiliúna nua agus trí ábhar oiliúna nuashonraithe, ar nithe iad lena bhfreagraítear d'fhorbairtí nua agus d'athruithe i réimse tearmainn an Aontais.

- Cuireadh oiliúint ar 6 622 rannpháirtí i seisiúin bhliantúla oiliúna don oiliúnóir ar eagraigh EASO iad go díreach agus i seisiúin náisiúnta oiliúna ar eagraigh na Ballstáit iad.
- Soláthraíodh 421 seisiún náisiúnta i dtíortha AE+ agus i dtríú tíortha.
- Forbraíodh trí mhodúl oiliúna nua agus uasghrádaíodh dhá mhodúl oiliúna.

Cuireadh trí mhodúl oiliúna i gcrích sa bhliain 2019 mar chuid den phróiseas comhdhlúthúcháin: MedCOI (Faisnéis leighis faoin tír thionscnaimh); Faisnéis faoin tír thionscnaimh; agus Bainistíocht i gcomhthéacs an tearmainn. Chomh maith leis sin, forbraíodh modúil oiliúna nua maidir le glacadh do dhaoine leochaileacha; le clárú na n-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta; agus le huasghrádú na modúl ar mheasúnú fianaise agus ar eisiamh. Chothaigh EASO dlúthchomhairliúcháin le tíortha AE+ chun faireachán agus anailís a dhéanamh ar a riachtanais oiliúna agus ar a bpleananna oiliúna.

Bíonn éifeacht iolraitheora ag seisiúin oiliúna don oiliúnóir, i gcás go bhféadfadh sé go gcuirfeadh gach rannpháirtí oiliúint ar 12 rannpháirtí ar an meán ar an leibhéal náisiúnta. Le linn na bliana, soláthraíodh 39 seisiún oiliúna don oiliúnóir ar 21 modúl difriúil i gCeanncheathrú EASO i Málta (23 ceann), ar an leibhéal réigiúnach sa Róimh (ceithre cinn) agus san Aithin (ceithre cinn), agus ar an leibhéal náisiúnta sa Ghearmáin (sé cinn), sa Bheilg (ceann amháin) agus san Ísiltír (ceann amháin). Ghlac 556 oifigeach tearmainn páirt sna seisiúin oiliúna don oiliúnóir. Is ionann é sin agus méadú 6 % ar an bhfigiúr sa bhliain 2018.

**An líon rannpháirtithe sa churaclam ón mbliain 2012 go dtí an bhliain 2019**





B'ionann agus 6 622 rannpháirtí an líon iomlán daoine a ghlac páirt i seisiúin Churaclam Oiliúna EASO (idir sheisiúin oiliúna don oiliúnóir agus seisiúin náisiúnta). Is iad na príomh-mhodúil ar *Chuimsiú*, ar *Theicnící Agallaimh* agus ar *Mheasúnú Fianaise* na trí mhodúl is mó éileamh fós. Mheall siad 54 % d'iomlán na rannpháirtithe. Tá éileamh chomh mór sin fós ar na modúil sin i measc rannpháirtithe toisc gurb amhlaidh, ar aon dul leis an gComhchóras Eorpach Tearmainn, gur cuid dhílis de chóras éifeachtúil tearmainn é eolas ar cháilitheacht do chosaint idirnáisiúnta, ar theicnící le haghaidh agallaimh le hiarrthóirí tearmainn agus ar an modheolaíocht le haghaidh measúnú fianaise.

Is ar iarratasóirí a bhfuil riachtanais speisialta acu a dhíríonn an dara modúl is mó éileamh. Is treocht í sin atá ag teacht chun cinn le roinnt blianta anuas. Sa bhliain 2019, ba é an modúl ar *Dhaoine Leochaileacha a Chur faoi Agallamh* an ceathrú modúl ba mhó éileamh (559 rannpháirtí). Ina dhiaidh sin, ba iad *Leanaí a Chur faoi Agallamh* (480 rannpháirtí) agus *Inscne, Féiniúlacht Inscne agus Gnéaschlaonadh* (393 rannpháirtí) na modúil ba mhó éileamh. Ina theannta sin, bhí méadú ar an ráta rannpháirtíochta sa *mhodúl ar Gháinneáil ar Dhaoine* i gcomparáid le blianta roimhe sin (+191 %).

Is le rannpháirtíocht i modúil eolais speisialaithe EASO a bhaineann rud eile a tugadh faoi deara maidir le cur chun feidhme an churaclaim oiliúna. Ba i ndáil leis an *modúl ar Dheireadh Cosanta* (+530 % i gcomparáid leis an mbliain 2018) agus an modúl ar an *Ardchúrsa sa Chuimsiú* (+262 %) a chonacthas an méadú is géire sa líon daoine ar cuireadh oiliúint orthu. Ina theannta sin, mhéadaigh an líon rannpháirtithe sa *mhodúl ar Ghlacadh* go 511 rannpháirtí sa bhliain 2019, suas ó 317 duine sa bhliain 2018 (+61 %).


### Rannpháirtíocht sa churaclam oiliúna sa bhliain 2019




Lean EASO le hobair i gcomhar le tríú tíortha freisin. San iomlán, úsáideadh 16 mhodúl dhifriúla oiliúna de chuid EASO i gcreat na gné seachtraí. Den chéad uair riamh, chuir EASO oiliúint ar údaráis tearmainn ón Éigipt. Rinne sé amhlaidh laistigh de thionscadal leathan a raibh mar aidhm leis tacú leis an Éigipt a córas tearmainn a bhunú.

D'áirithigh EASO freisin gur cuireadh oiliúint ar a fhoireann féin i modúil an churaclaim oiliúna ar *Thús Eolais ar Chosaint Idirnáisiúnta* agus ar an *gComhchóras Tearmainn Eorpach*.

### An líon rannpháirtithe i modúil Churaclam Oiliúna EASO sa bhliain 2019



## 4.2 Deimhniú agus creidiúnú

Leis an gCreat Eorpach um Cháilíochtaí Earnála d'Oifigigh Thearmainn agus Ghlactha, a forbraíodh sa bhliain 2019, bunaítear creat le haghaidh mapáil fhairsing a dhéanamh ar chúraimí poist ar oifigigh thearmainn agus le haghaidh sainaithint a dhéanamh ar an eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí a theastaíonn ó oifigigh chun go mbeidh siad in ann a gcúraimí (caighdeáin ghairme) a chomhlíonadh, lena n-áirítear an fhoghlaim a theastaíonn (caighdeáin oideachais).

Tháinig an Mheitheal um Dheimhniú agus Creidiúnú le chéile roinnt uaireanta sa bhliain 2019 chun caighdeáin ghairme agus oideachais d'oifigigh thearmainn agus ghlactha a mhapáil isteach ina gCreat Eorpach um Cháilíochtaí Earnála d'Oifigigh Thearmainn agus Ghlactha, rud ar bhailíochtaigh na Ballstáit é faoi dheireadh na bliana.

Mar chreat tagartha, éascaítear leis an gCreat Eorpach um Cháilíochtaí Earnála comparáid a dhéanamh idir cúrsaí oiliúna d'oifigigh thearmainn agus ghlactha ar fud an Aontais, rud a rannchuidíonn le cur chun feidhme comhchuibhithe a dhéanamh ar an gComhchóras Eorpach Tearmainn agus ar oiliúint a thacaíonn le hidir-inoibritheacht. Is féidir é a úsáid freisin i gcórais oiliúna náisiúnta na mBallstát chun cabhrú le hoiliúint a dhearadh agus chun tacaíocht a thabhairt d'fheidhmeanna éagsúla acmhainní daonna. Dearadh an Creat Eorpach um Cháilíochtaí Earnála leis na Ballstáit do na Ballstáit ar mhaithe le hoiliúint atá oiriúnach don fheidhm a sholáthar d'oifigigh thearmainn agus ghlactha. Is creat cuimsitheach é agus cuimsítear ann gach ceann de na cúraimí difriúla poist agus an fhoghlaim ghaolmhar a theastaíonn ó na hoifigigh i ngach Ballstát, beag beann ar an gcóras náisiúnta atá i bhfeidhm.

| Forbraíodh Creat Eorpach um Cháilíochtaí Earnála d'Oifigigh Thearmainn agus Ghlactha

| Cruthaíodh bonnlíne le haghaidh Dearbhú Cáilíochta san oiliúint, mar aon le plean gníomhaíochta le haghaidh Córas Rialachais Oiliúna a fhorbairt

Ina theannta sin, chruthaigh EASO bonnlíne le haghaidh dearbhú cáilíochta san oiliúint i gcomhar leis na Ballstáit. Rinne siad amhlaidh trí chóras reatha EASO a mhapáil in aghaidh na ndeich gcaighdeán cáilíochta de chuid na gcaighdeán agus na dtreoirlínte Eorpacha um dhearbhú cáilíochta (ESG 2015). Mar thoradh air sin, bunaíodh plean gníomhaíochta le haghaidh córas rialachais oiliúna a fhorbairt. Thug an Mheitheal um Dheimhniú agus Creidiúnú aghaidh ar na gnéithe difriúla den Chóras Rialachais Oiliúna. Ar an mbealach sin, rannchuidigh sí go gníomhach le mionsonraí an chéad dréachta chomhdhlúite den chóras, a tugadh chun críche faoi dheireadh na bliana. Cuimsítear sa téarma "dearbhú cáilíochta" na gníomhaíochtaí uile laistigh den timthriall feabhais leanúnaigh, rud a eascraíonn go príomha as an idirghníomhaíocht idir oiliúnóirí, oiliúnaithe, EASO agus na Ballstáit. Is é an aidhm atá le dearbhú cáilíochta timpeallacht foghlama a áirithiú ina bhfuil ábhar na gclár, na deiseanna foghlama agus na saoráidí oiriúnach don fheidhm.

Mar thoradh ar an gcóras rialachais oiliúna, soláthrófar tuilleadh cuntasachta agus cuirfear feabhas ar cháilíocht churaclam oiliúna EASO.

## 4.3 Ríomhfhoghlaim agus tacaíocht theagascach

Maidir le modheolaíocht foghlama cumaisc EASO, rud lena gcomhcheanglaítear formáid ríomhfhoghlama agus seisiúin aghaidh ar aghaidh, faigheann sé tacaíocht ó Chóras Bainistíochta Foghlama EASO agus ó Chóras Comhtháthúcháin Oiliúna EASO (ETIS), a fheidhmchlár comhtháite clárúcháin.

Sa bhliain 2019, leanadh le Córas Bainistíochta Foghlama EASO a úsáid chun tacaíocht a thabhairt do sheisiúin oiliúna don oiliúnóir ar líne agus do sheisiúin oiliúna náisiúnta ar líne. Le linn na bliana, osclaíodh 39 seisiún oiliúna don oiliúnóir agus 421 seisiún oiliúna náisiúnta. Próiseáladh 6 994 rollú san iomlán i seisiúin oiliúna an Chórais Bhainistíochta Foghlama. Ina theannta sin, forbraíodh ábhar 20 modúl oiliúna ar an gCóras Bainistíochta Foghlama. Áiríodh leo sin modúil nua, modúil nuashonraithe agus modúil aistrithe.

| Cuireadh cruinnithe teicniúla ar siúl sa ghníomhaireacht agus ar fud Gníomhaireachtaí de chuid an Aontais chun dea-chleachtas a mhalartú agus eolas a dhéanamh do chinntí EASO ar an mbonneagar TFC sa todhchaí lena dtacófar le ríomhfhoghlaim.

| Cuireadh ábhar oiliúna atá nua, nuashonraithe agus aistrithe ar fáil trí 20 modúl a fhorbairt ar Chóras Bainistíochta Foghlama EASO.

Le linn na bliana 2019, chuir EASO feabhas eile ar a eispéireas ríomhfhoghlama trí fhorbairtí nua TFC agus modheolaíochtaí foghlama breisithe a chur san áireamh.

I mí Feabhra 2019, d'óstáil EASO cruinniú teicniúil do riarthóirí ríomhfhoghlama ar ghlac roinnt gníomhaireachtaí de chuid an Aontais páirt ann. Mhalartaigh na rannpháirtithe dea-chleachtais maidir le bonneagar agus riarachán an Chórais Bhainistíochta Foghlama agus chabhraigh siad le heolas a dhéanamh do chinntí EASO ar an mbonneagar TFC dá chuid sa todhchaí lena dtacófar le ríomhfhoghlaim. Seoladh suirbhé i measc na ndaoine uile a úsáideann Córas Bainistíochta Foghlama EASO chun a thuairimí ar an gCóras Bainistíochta Foghlama a fháil. Ar bhonn an aiseolais a fuarthas, roghnaigh EASO go gcoinneofaí an tArdán Foinse Oscailte, mar atá Moodle, mar réiteach reatha do Chóras Bainistíochta Foghlama EASO agus go gcuirfí Córas Bainistíochta Foghlama EASO ar bhord an bhonneagair theicniúil atá ag EASO é féin.

I mí na Nollag 2019, sheol EASO gairm oscailte nua tairiscintí le haghaidh an t-ábhar oiliúna atá le cur isteach i gCóras Bainistíochta Foghlama EASO a scríobh ar líne. Áiríodh leis an ngairm nua sin sonraíochtaí ar dhearbhú cáilíochta breisithe agus ar úsáid a bhaint as na huirlisí is cothroime le dáta le haghaidh an t-ábhar ar líne a fhorbairt.

## 4.4 Tacaíocht oiliúna eile

Sa bhliain 2019, d'fhorbair EASO trí phlean oiliúna *ad hoc*: dhá cheann leis an Spáinn agus ceann amháin le Málta. Sa Spáinn, baineadh leas as na pleananna sin nuair a bhí oiliúint á cur ar údaráis i gcúrsaí tearmainn agus glactha. Bhí an oiliúint sin riachtanach mar gheall ar an líon an-ard iarrthóirí tearmainn a raibh Leithinis na hIbéire á sroicheadh acu. Ba san áit sin a taifeadadh an líon b'airde iarratas san Eoraip sa dara leath den bhliain 2019, go háirithe ó iarratasóirí arb as tíortha Mheiriceá Laidinigh dóibh. Eagraíodh 50 seisiún *ad hoc* (níos mó ná na hocht gcinn a réamhaisnéisíodh) trí na pleananna *ad hoc* sin, agus 746 duine páirteach iontu.

Faoi chuimsiú an phlean oiliúna *ad hoc* go Málta, a tháinig chun deiridh i mí an Mheithimh 2019, chuaigh seachtar rannpháirtithe ó Oifig an Choimisinéara le haghaidh Dídeanaithe faoi oiliúint sna príomh-mhodúil de chuid EASO.

# 5. Tacaíocht tearmainn

## 5.1 Próisis tearmainn


**Seoladh dhá uirlis phraiticiúla ar phróisis tearmainn**

- Treoir Phraiticiúil EASO maidir le Caighdeáin Oibríochtúla agus Táscairí Oibríochtúla don Nós Imeachta Tearmainn (arna foilsiú i mí Mheán Fómhair 2019);
- Aip EASO ar na príomh-Threoracha Praiticiúla: Agallamh Pearsanta, Measúnú Fianaise, agus Cáilitheacht do Chosaint Idirnáisiúnta.

Lean EASO le páirt éifeachtach a ghlacadh i gcomhar praiticiúil le tíortha AE+ sna gníomhaíochtaí uile a bhaineann leis an obair ar phróisis tearmainn, lenar áiríodh trí obair Líonra EASO um Próisis Tearmainn. Eagraíodh dhá chruinniú théamacha de chuid na bpointí teagmhála náisiúnta sa bhliain 2019. Cuireadh ar siúl i Málta an 11-12 Aibreán 2019 an cruinniú téamach ar *Chosaint idirnáisiúnta a tharraingt siar, agus díriú á leagan ar chúrsaí geografacha*. Le linn an chruinnithe sin, chaith na rannpháirtithe a lán ama i mbun plé ar chlásail scoir a chur i bhfeidhm maidir le himthosca scortha. Ag teacht sna shála ar phlé a rinneadh i mBord Bainistíochta EASO, eagraíodh cruinniú téamach eile ar *Bhainistíocht Riaráiste* san Aithin i mí Dheireadh Fómhair 2019. Le linn an chruinnithe sin, leagadh béim ar bhuntáistí agus lochtanna na gcóras difriúil "rianaithe" agus ar chórais éifeachtacha faireacháin.

I mí na Samhna 2019, tháinig Líonra EASO um Próisis Tearmainn le chéile sa Bhruiséil le haghaidh a chruinnithe bhliantúil, áit ar pléadh ráthaíochtaí d'iarratasóirí i nósanna imeachta speisialta. Seoladh an ócáid sin agus Fóram Comhchomhairleach EASO ceann i ndiaidh a chéile.

Rinneadh forbairt agus foilsiú sa bhliain 2019 ar dhá tháirge a bhaineann le próisis tearmainn. Foilsíodh Treoir Phraiticiúil EASO: *Caighdeáin Oibríochtúla agus Táscairí Oibríochtúla don Nós Imeachta Tearmainn* i mí Mheán Fómhair 2019, ag teacht sna shála ar ghlacadh na treorach ag Bord Bainistíochta EASO. Tá sé mar aidhm leis an treoir bheith ina huirlis lena ndéanfar nósanna imeachta tearmainn náisiúnta a neartú nó a fhorbairt tuilleadh, lena n-áiritheofar go gcuirfear príomhfhorálacha Threoir 2013/32/AE an 26 Meitheamh 2013 chun feidhme agus lena dtacófar le tionscnaimh feabhsaithe próisis. De bhreis air sin, is féidir an treoir a úsáid mar áis tagartha le haghaidh creataí faireacháin a fhorbairt agus le haghaidh féinmheasúnuithe a dhéanamh ar nósanna imeachta náisiúnta maidir le cáilíocht na gcóras um nósanna imeachta tearmainn.




Anuas air sin, sheol EASO an aip uaidh ar na príomhthreoracha praiticiúla: agallamh pearsanta, measúnú fianaise, agus cáilitheacht do chosaint idirnáisiúnta.

Foilsíodh dhá thuarascáil théamacha Maitrís Cháilíochta: ceann amháin ar *Bhainistíocht Cáilíochta* agus ceann ar *Chosaint idirnáisiúnta a tharraingt siar*. Cuireadh tús leis an tuarascáil Maitrís Cháilíochta ar agallamh pearsanta a nuashonrú. Tá sé beartaithe í a fhoilsiú sa bhliain 2020.

Chomh maith leis sin, cuireadh tús le *Treoir EASO maidir le húsáid na faisnéise faoin tír thionscnaimh ag cásoifigigh* a chur le chéile. Áiríodh leis sin forbairt a dhéanamh ar Uirlis phraiticiúil EASO ar chlárú (iarratais ar chosaint idirnáisiúnta a thaisceadh). Maidir leis na gníomhaíochtaí a bhaineann le bainistíocht cáilíochta, thug EASO láithreoireacht ar Uirlis Dearbhaithe Cáilíochta EASO d'údaráis tearmainn na hIodáile agus d'Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe.

## 5.2 Líonraí comhair phraiticiúil

**Malartú saineolais a chur chun cinn i measc na mBallstát**

- Tacú le comhar praiticiúil i measc na mBallstát trí obair Líonra EASO um Údaráis Ghlactha, obair an Líonra um Aonaid Bhaile Átha Cliath agus obair an Líonra um Shaineolaithe Leochaileachta.
- Cruinnithe téamacha saineolaithe maidir le saincheisteanna tráthúla i réimse an Ghlactha, i réimse Rialachán Bhaile Átha Cliath agus i réimse na Leochaileachta.
- Uirlisí praiticiúla chun cabhrú leis na Ballstáit an Comhchóras Eorpach Tearmainn a chur chun feidhme

I gcomhréir leis an gcuspóir foriomlán atá aige tacú leis na Ballstáit feabhas a chur ar a n-acmhainneacht chun an Comhchóras Eorpach Tearmainn a chur chun feidhme agus cóineasú a bhaint amach sa dóigh a gcuirtear caighdeáin choiteanna i bhfeidhm, lean EASO le tacú le comhar praiticiúil na mBallstát trí obair Líonra EASO um Údaráis Ghlactha, obair an Líonra um Chinn Aonaid Bhaile Átha Cliath agus obair an Líonra um Shaineolaithe Leochaileachta. Bunaithe ar na tosaíochtaí a sainaithníodh le linn na gcruinnithe leathbhliantúla líonra sin sa bhliain 2019, rinne EASO forbairt agus foilsiú ar sheacht n-uirlis phraiticiúla a bhfuil mar aidhm leo tacú le hoifigigh ghlactha, le hoifigigh Aonad Bhaile Átha Cliath agus le hoifigigh leochaileachta ina gcuid oibre.

Leis na huirlisí sin, tugtar treoir maidir leis na topaicí seo, mar shampla: leas an linbh; an próiseas um measúnú aoise; tuarascáil ar nósanna imeachta tearmainn do leanaí; treoir phraiticiúil maidir le Rialachán Bhaile Átha Cliath – agallamh agus measúnú fianaise; forbairt na treorach maidir le nós imeachta Bhaile Átha Cliath; caighdeáin oibríochtúla agus táscairí oibríochtúla; seoladh agallamh pearsanta agus measúnú fianaise; agus Rialachán Bhaile Átha Cliath III. Tugtar moltaí leo freisin maidir le haistrithe faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath.

Sa bhliain 2019, spreagadh gníomhaíochtaí comhair phraiticiúil trí chruinnithe téamacha éagsúla a eagrú ar na topaicí seo: measúnú aoise; gáinneáil ar dhaoine agus cosaint idirnáisiúnta; leanaí faoi nós imeachta Bhaile Átha Cliath; úsáid DubliNet; soláthar faisnéise i réimse an ghlactha; agus an tionchar atá ag tréimhsí fanachta fada in ionaid ghlactha. Ba é an toradh a bhí ar na cruinnithe téamacha gur sainaithníodh an dea-chleachtas agus dúshláin choiteanna atá ann cheana agus gur cuíchóiríodh na hiarrachtaí atá ar bun chun feabhas a chur ar chleachtais ar fud thíortha AE+.

Eagraíodh cláir mhalartúcháin i réimse an ghlactha agus Rialachán Bhaile Átha Cliath trí chúig chuairt staidéir. Le linn na gcuairteanna sin, malartaíodh eolas praiticiúil agus rinneadh athbhreithniú carad chriticiúil i measc piaraí, a chuir a n-eispéiris in iúl i measc 29 duine d'ionadaithe d'Aonaid Bhaile Átha Cliath agus d'ionadaithe d'údaráis ghlactha ó 10 gcinn de thíortha AE+. Ba iad Leanaí faoi Nós Imeachta Bhaile Átha Cliath, an cur chuige comhtháite in ionaid teachta agus an tionchar atá ag tréimhsí fanachta fada in ionaid ghlactha na topaicí a pléadh le linn na gcuairteanna staidéir.

Comhroinneadh nuachtlitreacha tréimhsiúla ráithiúla leis an Líonra um Údaráis Ghlactha agus leis an Líonra um Aonaid Bhaile Átha Cliath. Sna nuachtlitreacha sin, tugadh eolas tráthúil ar athruithe sa reachtaíocht agus sa chásdlí, ar nithe eagraíochta, agus ar anailís sonraí i réimse an ghlactha agus ar chur chun feidhme Rialachán Bhaile Átha Cliath.

### 5.2.1 Líonra EASO um Ghrúpaí Leochaileacha

**Iarrachtaí comhdhlúite leochaileacht a phríomhshruthú i réimse an tearmainn:**

- Cruinnithe de chuid Líonra EASO um Shaineolaithe Leochaileachta.
- Cruinnithe téamacha saineolaithe ar mheasúnú aoise agus ar na riachtanais chosanta idirnáisiúnta a shainaithint agus a mheasúnú i gcásanna íospartaigh na gáinneála ar dhaoine.
- Uirlisí praiticiúla chun cabhrú leis na Ballstáit an Comhchóras Eorpach Tearmainn a chur chun feidhme

Ón uair a bunaíodh é ar aghaidh, tá EASO ag tacú leis na Ballstáit leochaileacht a phríomhshruthú ar fud an tslabhra tearmainn ina iomláine chun cóineasú chaighdeáin an Aontais a chothú maidir le hiarratasóirí a bhfuil riachtanais speisialta acu a shainaithint agus maidir le tacaíocht a thabhairt dóibh. Maidir le gníomhartha amhail sainaithint, measúnú riachtanas speisialta agus freagairtí trí tharchur, príomhshruthaíodh iad i ngach réimse gníomhaíochta de chuid EASO, amhail oiliúint, tacaíocht cháilíochta, faisnéis faoin tír thionscnaimh, agus oibríochtaí.

Sa bhliain 2019, lean EASO lena ghníomhaíochtaí a dhíriú ar leanaí, lena n-áirítear leanaí

neamhthionlactha, agus béim á leagan aige ar an mbaint idir tearmann agus gáinneáil ar dhaoine. Chomh maith leis sin, shainaithin sé réimsí nua gníomhaíochta amhail meabhairshláinte agus leas foirne i réimse an tearmainn agus i réimse an ghlactha. Agus an méid sin á dhéanamh aige, lean EASO lena chomhar leis an gCoimisiún Eorpach agus le comhghníomhaireachtaí, lena n-áirítear CEPOL, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha agus Frontex, agus le hOifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe agus leis an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce, i measc gníomhaireachtaí eile, i dtaca le hiarratasóirí leochaileacha.

Bunaíodh Líonra EASO um Shaineolaithe Leochaileachta sa bhliain 2018. Is amhlaidh anois go bhfuil sé ina uirlis thábhachtach chun an saineolas atá ag na Ballstáit a chuíchóiriú, agus é mar aidhm leis tosaíochtaí a shainaithint agus cuspóirí a shocrú i leith aghaidh a thabhairt ar leochaileacht i réimse an tearmainn. Tá an Líonra um Shaineolaithe Leochaileachta comhdhéanta d’ionadaithe do thíortha AE+, don Choimisiún Eorpach, do ghníomhaireachtaí an Aontais, d’eagraíochtaí idirnáisiúnta agus don tsochaí shibhialta. Is ardán uathúil é ar ar féidir le geallsealbhóirí a bhfuil sainorduithe difriúla acu agus a bhfuil freagrachtaí difriúla orthu dúshláin a phlé agus dea-chleachtas a mhalartú. Cuireadh cruinniú de chuid Ghrúpa Comhairleach an Líonra um Shaineolaithe Leochaileachta ar siúl i mí Mheán Fómhair 2019. Maidir leis na tosaíochtaí a chuir an Grúpa Comhairleach ar aghaidh, pléadh iad le linn an dara Comhdháil Bhliantúil de chuid an Líonra, a bhí ar siúl i Málta i mí Dheireadh Fómhair 2019. Cuíchóiríodh na tosaíochtaí sin isteach ina réimsí téamacha sonracha a ndíreofaí orthu in obair na bliana 2020. Le linn cruinniú de chuid ghrúpa stiúrtha an Líonra um Shaineolaithe Leochaileachta, a bhí ar siúl le taobh Chomhdháil Bhliantúil an Líonra, cinneadh na réimsí tosaíochta agus na gníomhaíochtaí a dtabharfaí aghaidh orthu i bplean bliantúil an Líonra don bhliain 2020.

Sa bhliain 2019, cuireadh dhá chruinniú théamacha ar siúl i réimse na leochaileachta. I gcomhar le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA), chuir EASO cruinniú téamach ar mheasúnú aoise ar siúl sa Spáinn i mí Feabhra 2019. B’ardán é sin ar a raibh na Ballstáit agus gníomhaithe ábhartha de chuid an Aontais in ann plé a dhéanamh ar na dúshláin agus an dea-chleachtas a bhaineann le measúnú aoise. Cuireadh dara cruinniú téamach ar an mbaint idir gáinneáil ar dhaoine agus cosaint idirnáisiúnta ar siúl i Málta i mí Aibreáin 2019. Cuireadh sraith moltaí ar aghaidh ag an gcruinniú chun feabhas a chur ar an dóigh a ndéantar riachtanais chosanta idirnáisiúnta a shainaithint agus a mheasúnú i gcásanna íospartaigh na gáinneála.

Sa bhliain 2019, d’fhorbair EASO trí uirlis phraiticiúla tacaíochta i réimse na leochaileachta. Foilsíodh *Treoir Phraiticiúil EASO maidir le Leas an Linbh i nósanna imeachta tearmainn* i mí Feabhra 2019 chun tacú le húdaráis inniúla na mBallstát prionsabal leas an linbh a chur i bhfeidhm agus na ráthaíochtaí laistigh de nósanna imeachta tearmainn do leanaí a bhreisiú. Chun an treoir a chomhlánú, tugtar forbhreathnú ar an téarmaíocht, seicliosta cuimsitheach agus doiciméid ábhartha bheartais, treorach agus chreata dlí. Chun tacú le tíortha AE+ saincheisteanna leanaí a phríomhshruthú sna nósanna imeachta tearmainn, d’fhoilsigh EASO an *Tuarascáil ar Nósanna Imeachta Tearmainn do Leanaí*. Sa tuarascáil sin, cuirtear cleachtais agus beartais náisiúnta sa réimse sin i láthair, sainaithnítear bearnaí agus dea-chleachtas ar thíortha AE+ agus tugtar moltaí tábhachtacha a bhfuil mar aidhm leo cosaint leanaí i gcríoch an Aontais a neartú. Is é atá i *mBeochan EASO ar mheasúnú aoise* uirlis amhairc is féidir le húdaráis thíortha AE+ a úsáid chun cur chun feidhme phrionsabal leas an linbh a threorú le linn dóibh measúnú a dhéanamh ar an ngá le scrúdú aoise agus le linn dóibh measúnú aoise a dhearadh agus a dhéanamh.




Mar fhreagairt don tosaíocht nua ar shocraigh an Líonra um Shaineolaithe Leochaileachta í chun tacú le leas foirne i réimse an tearmainn agus an ghlactha, tháirg EASO an *Tuarascáil Mapála ar Thionscnaimh Leasa Foirne arna dTabhairt Isteach ag Gníomhaireachtaí a Oibríonn i Réimse an Tearmainn san Eoraip agus Níos Faide Anonn*. Sa tuarascáil sin, mapáiltear dea-chleachtas agus bearnaí sa réimse ar fud thíortha AE+ chun a shainaithint conas is féidir le EASO cabhrú le húdaráis tacú lena bhfoireann ar bhealach níos éifeachtúla.

### 5.2.2 Líonra EASO um Aonaid Bhaile Átha Cliath

**Tacaíocht do na Ballstáit maidir le Rialachán Bhaile Átha III a chur chun feidhme chun a áirithiú go gcomhlíonfar an Comhchóras Eorpach Tearmainn ar bhealach níos fearr:**

- Cruinnithe Grúpa Stiúrtha de chuid Líonra EASO um Aonaid Bhaile Átha Cliath.
- Cruinnithe téamacha saineolaithe ar Leanaí faoi nós imeachta Bhaile Átha Cliath agus ar DubliNet i gcomhar le eu-LISA.
- Clár malartúcháin, lenar áiríodh cuairteanna a eagraíodh ar an topaic um leanaí faoi nós imeachta Bhaile Átha Cliath.
- Comhroinneadh nuachtlitreacha tréimhsiúla le baill den Líonra um Aonaid Bhaile Átha Cliath.

De bhun an chláir oibre Eorpaigh maidir leis an imirce, tá EASO ag tabhairt tacaíocht do na Ballstáit den Aontas maidir le Rialachán Bhaile Átha Cliath III a chur chun feidhme. Tá sé ag déanamh amhlaidh chun an líon aistrithe faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath a mhéadú, moilleanna ar an bpróiseas aistrithe a laghdú, na clásail dhlíthiúla a bhaineann le hathaontú teaghlaigh a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach agus úsáid níos leithne agus níos rialta a bhaint as na clásail lánroghnacha a bhfuil mar aidhm leo an brú ar na Ballstáit atá lonnaithe ag teorainn sheachtrach an Aontais a mhaolú.

Go dtí seo, is é **Líonra EASO um Aonaid Bhaile Átha Cliath**, a cuireadh ar bun sa bhliain 2016, an phríomhuirlis le haghaidh fóram a sholáthar trínar féidir le hAonaid náisiúnta Bhaile Átha Cliath dul i mbun comhar praiticiúil agus cumarsáid phraiticiúil agus trínar féidir plé a dhéanamh ar na riachtanais reatha agus na tosaíochtaí reatha laistigh de chomhthéacs Rialachán Bhaile Átha Cliath. Agus é ag comhlíonadh a chláir oibre don bhliain 2019, lean an líonra le plé a eagrú ar leibhéal sinsearach agus ar leibhéal saineolaithe agus d'eisigh sé ceithre thuarascáil ráithiúla laistigh den líonra chun an t-eolas is deireanaí a thabhairt. Chomh maith leis, chabhraigh sé le ceisteanna sonracha a bhain le Rialachán Bhaile Átha Cliath a chur in iúl trí ríomh-ardán tiomnaithe an líonra. Lean an líonra le treoracha praiticiúla a sholáthar chun tacú leis na Ballstáit.

Tionóladh dhá chruinniú grúpa stiúrtha de chuid Líonra EASO um Aonaid Bhaile Átha Cliath sa bhliain 2019. Bhí siad ina bhfóram trína rabhthas in ann faisnéis a mhalartú faoi na dúshláin phraiticiúla a mbíonn na Ballstáit ag déileáil leo agus iad ag iarraidh Rialachán Bhaile Átha Cliath III a chur chun feidhme. Cuireadh an séú cruinniú grúpa stiúrtha ar siúl sa Bhruiséil i mí an Mhárta 2019. Phléigh ionadaithe do thíortha AE+ cleachtais maidir le gnéithe sonracha de Rialachán Bhaile Átha Cliath III a chur chun feidhme, amhail an chuingriail, iarratais ar fhaisnéis, agus iarratais ar athscrúdú. Tionóladh an seachtú cruinniú grúpa stiúrtha i Málta i mí Dheireadh Fómhair 2019. D'fhreastail ionadaithe do thíortha AE+, don Choimisiún Eorpach, do eu-LISA agus d'Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe ar an gcruinniú sin. Díríodh sa phlé ar chleachtais a bhaineann le díbhordálacha *ad hoc*, ar iarratais ar athscrúdú agus ar fhaisnéis, agus ar dhea-eispéiris maidir le socruithe déthaobhacha riaracháin agus le hoifigigh idirchaidrimh a tharmligean chuig na Ballstáit eile.



An seachtú Cruinniú Grúpa Stiúrtha de chuid Líonra EASO um Aonaid Bhaile Átha Cliath an 14-15 Deireadh Fómhair 2019, Málta

Tionóladh cruinniú téamach saineolaithe ar *Leanaí faoi Nós Imeachta Bhaile Átha Cliath* i Málta i mí na Bealtaine 2019. Ba é an toradh a bhí air gur sainaithníodh na príomhdhúshláin a mbíonn cásoibrithe ag déileáil leo sa mheasúnú aoise, sa rianú teaghlaigh agus sa mheasúnú fianaise agus gur cuireadh moltaí ar aghaidh maidir le conas a d'fhéadfaí aghaidh a thabhairt orthu. Bhí cruinniú téamach saineolaithe eile ar DubliNet ar siúl i gcomhar le eu-LISA sa Bhruiséil i mí Mheán Fómhair 2019. Ba é an toradh a bhí ar an bplé ar na dúshláin phraiticiúla agus theicniúla atá i gceist le hoibriú DubliNet agus ar na córais theicniúla a bhaineann le nós imeachta Bhaile Átha Cliath gur tugadh an t-eolas is deireanaí ar na forbairtí is déanaí maidir le DubliNet ar leibhéal beartais, ar an leibhéal teicniúil agus ar an leibhéal oibriochtúil.

Triaileadh Clár Malartúcháin Aonaid Bhaile Átha Cliath sa bhliain 2019 mar uirlis phraiticiúil lena n-éascófaí comhroinnt eolais agus taithí i measc údaráis na dtíortha AE+. Ba é a bhí i gceist leis an gclár malartúcháin dhá chuairt a thug deichniúr saineolaithe rannpháirteacha san iomlán ar Aonaid Bhaile Átha Cliath de chuid na dtíortha óstacha ar an Ísiltír (an 6-7 Samhain) agus ar an nGréig (an 13-14 Samhain). Ba as na tíortha óstacha, as an Danmhairg, as an Rómáin agus as an Spáinn do na saineolaithe sin. Ba é *Leanaí faoi Nós Imeachta Bhaile Átha Cliath: dea-chleachtas maidir le leas an linbh a chumhdach* topaic na gcuairteanna malartúcháin sa bhliain 2019. Mheas na rannpháirtithe gur éirigh leis an dá chuairt tuiscint níos fearr a thabhairt dóibh ar thionscadail, cleachtais agus tionscnaimh ar an láthair, bunaithe ar idirghníomhaíocht leis na príomh-gheallsealbhóirí sna Ballstáit ar tugadh cuairt orthu.

**Uirlisí praiticiúla EASO a forbraíodh sa bhliain 2019:**

- Treoir Phraiticiúil EASO maidir le Rialachán Bhaile Átha Cliath III a Chur Chun Feidhme: Agallamh Pearsanta agus Measúnú Fianaise.
- Moltaí ó Líonra EASO um Aonaid Bhaile Átha Cliath agus um Aistrithe faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath.
- Treoir Phraiticiúil EASO maidir le Rialachán Bhaile Átha Cliath – Agallamh agus Measúnú Fianaise.
- Treoir EASO maidir le Nós Imeachta Bhaile Átha Cliath: Caighdeáin Oibríochtúla agus Táscairí Oibríochtúla.

Chomh maith leis sin, thug EASO ceithre uirlis phraiticiúla chun críche i réimse Rialachán Bhaile Átha Cliath. Chun tacú le cleachtóirí Rialachán Bhaile Átha Cliath an Rialachán a chur chun feidhme ina ngnáthobair laethúil, d'fhoilsigh EASO *Treoir Phraiticiúil maidir le Rialachán Bhaile Átha Cliath III a Chur Chun Feidhme: Agallamh Pearsanta agus Measúnú Fianaise*. San uirlis sin, tugtar treoir maidir leis na gnéithe difriúla d'agallamh pearsanta agus measúnú fianaise a sheoladh i gcomhthéacs nós imeachta Bhaile Átha Cliath. Tagraítear do reachtaíocht, do chásdlí ábhartha agus d'fhoinsí breise inti freisin. Le *Treoir EASO maidir le Nós Imeachta Bhaile Átha Cliath: Caighdeáin Oibríochtúla agus Táscairí Oibríochtúla*, tacaítear le hoibriú teicniúil Aonaid Bhaile Átha Cliath trí na forálacha dlíthiúla atá ann cheana de Rialachán Bhaile Átha Cliath III a oibríochtú agus trí chreat féinmheasúnaithe a shocrú. De bhreis air sin, comhroinneadh ceithre nuachtlitir thréimhsiúla leis an Líonra um Aonaid Bhaile Átha Cliath. Sna nuachtlitreacha sin, tugadh eolas tráthúil ar athruithe sa reachtaíocht agus sa chásdlí, ar nithe eagraíochta, agus ar anailís sonraí ar chur chun feidhme Rialachán Bhaile Átha Cliath.

### 5.2.3 Líonra EASO um Údaráis Ghlactha

**Feabhas a chur ar cháilíocht na gcóras glactha i dtíortha AE+ trí thógáil ar an taithí shaibhir atá ag na baill den Líonra um Údaráis Ghlactha:**

- Cruinnithe de chuid Líonra EASO um Údaráis Ghlactha.
- Cruinnithe téamacha saineolaithe ar Sholáthar Faisnéise i réimse an Ghlactha agus ar an Tionchar atá ag tréimhsí fanachta fada in ionaid ghlactha.
- Cláir mhalartúcháin, lenar áiríodh cuairteanna eagraithe.
- Comhroinneadh nuachtlitreacha tréimhsiúla le baill den Líonra um Údaráis Ghlactha.

Ar aon dul leis an gclár oibre Eorpach maidir leis an imirce, lean EASO sa bhliain 2019 lena chuid oibre i réimse an ghlactha maidir le tacaíocht a thabhairt do thíortha AE+ trí fheabhas a chur ar chaighdeáin na gcoinníollacha glactha, le linn dó cearta bunúsacha na n-iarrthóirí tearmainn a threisiú agus aird a thabhairt ar na riachtanais atá ag grúpaí leochaileacha. Tríd an Líonra um Údaráis Ghlactha, lean EASO le malartú faisnéise, eispéireas agus dea-chleachtas i gcórais ghlactha a chothú, le saineolas a chomhchruinniú agus le huirlisí sonracha agus treoir shonrach a fhorbairt,

lena n-áirítear bailiú sonraí níos fearr i réimse an ghlactha, ag obair dó faoi chuimsiú chreat an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn.

Tháinig Líonra EASO um Údaráis Ghlactha le chéile i Málta i mí an Mheithimh 2019 chun plé a dhéanamh ar na forbairtí is déanaí ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais i réimse an tsoláthair faisnéise sa ghlacadh, i gcleachtais ghlactha céadlíne agus dara líne agus san aistriú i dtreo imeascadh, lena n-áirítear obair le "cónaitheoirí dúshlánacha".

Bhí an dara cruinniú de chuid Líonra EASO um Údaráis Ghlactha ar siúl sa Háig i mí na Nollag 2019. D'fhreastail ionadaithe ardleibhéil don Ghníomhaireacht Lárnach um Ghlacadh Iarrthóirí Tearmainn san Ísiltír ar an gcruinniú ar ócáid chomóradh 25 bliana na Gníomhaireachta. De bhreis ar phlé a dhéanamh ar na forbairtí is déanaí i réimse an ghlactha ar fud thíortha AE+ agus ar thosaíochtaí an líonra don bhliain 2020, tugadh eolas do rannpháirtithe ar chur chuige comhtháite na hÍsiltíre in ionaid teachta d'iarrthóirí tearmainn, rud a cuireadh i láthair mar dhea-shamhail don Eoraip.



An dara Cruinniú de chuid Líonra EASO um Údaráis Ghlactha, an 3-4 Nollaig 2019, an Ísiltír.

Eagraíodh dhá cheardlann théamacha leithleacha – ceann amháin ar sholáthar faisnéise i réimse an ghlactha, a bhí ar siúl in Seville, an Spáinn, i mí na Bealtaine 2019 agus ceann eile ar an tionchar atá ag tréimhsí fanachta fada in ionaid ghlactha, a cuireadh ar siúl in Brno, an tSeicia, i mí Dheireadh Fómhair 2019. Rinne rannpháirtithe sa dá cheardlann plé ar an dea-chleachtas agus na dúshláin sna réimsí glactha faoi seach, ar bhealaí inar féidir feabhas a chothú agus ar an ról a d'fhéadfadh EASO a imirt sa phróiseas sin.

D'eagraigh EASO trí chuairt malartúcháin do rannpháirtithe ó údaráis ghlactha ocht mBallstát den Aontas chun malartú pearsanta eolais agus taithí a éascú ina measc. Sna cuairteanna staidéir a tugadh ar an tSlóvaic i mí Aibreáin 2019 (Ionad Teachta Humenne) agus ar an Ísiltír i mí Aibreáin 2019 (Ionad Teachta Ter Apel), díríodh ar an *gcur chuige comhtháite in ionaid teachta*. Díríodh sa chuairt a tugadh ar an Iorua i mí na Samhna 2019 (Ionad Glactha Nannestad Saerbol agus Ionad Glactha Hobol) ar an *tionchar atá ag tréimhsí fanachta fada in ionaid ghlactha.*

De bhreis air sin, comhroinneadh ceithre nuachtlitir thréimhsiúla leis an Líonra um Údaráis Ghlactha. Sna nuachtlitreacha sin, tugadh eolas tráthúil ar athruithe sa reachtaíocht agus sa chásdlí, ar nithe eagraíochta agus ar anailís ar shonraí a bhaineann le glacadh.

Ghlac foireann glactha EASO páirt ghníomhach freisin i dtacú le hoibríochtaí agus gníomhaíochtaí gné seachtraí EASO. Rinne sí amhlaidh, mar shampla, trí ghníomhaíochtaí tiomnaithe for-rochtana (pleanáil theagmhasach sa Tuirc agus sa Chipir; treoir maidir le coinníollacha glactha, lena n-áirítear do mhionaoisigh neamhthionlactha, d'údaráis na Cipire, na Gréige agus na hIodáile; agus treoir d'údaráis na hÉireann maidir leis an dea-chleachtas glactha) nó trí chuairteanna breathnóireachta ar riachtanais ghlactha agus leochaileachta sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin.

### 5.2.4 Líonra EASO um Eisiamh

**Tugann Líonra EASO um Eisiamh pointí teagmhála Stáit AE+ le chéile, ar daoine iad a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí EASO ar nithe a bhaineann le heisiaimh ó chosaint idirnáisiúnta.**

| Cruinniú bliantúil Líonra EASO um Eisiamh ar an tSiria.

| Cruinniú téamach de chuid an Líonra um Eisiamh ar na Meáin shóisialta agus Eisiamh.

| Foilsíodh uirlis scagtha Eisiaimh EASO ar an Afganastáin (teoranta).

Tionóladh cruinniú téamach saineolaithe ar na *Meáin Shóisialta agus Eisiamh* sa Bhruiséil i mí an Mhárta 2019. Cuireadh cruinniú de chuid phointí teagmhála náisiúnta Líonra EASO um Eisiamh ar siúl i Málta i mí na Samhna 2019. Ba ar an tSiria a bhí béim théamach an chruinnithe.

Eisíodh sa bhliain 2019 ceithre nuachtlitir thréimhsiúla inar tugadh an t-eolas is déanaí agus staitisticí ar chleachtais náisiúnta.

De bhreis air sin, rinne EASO forbairt agus foilsiú ar *Uirlis Scagtha Eisiaimh don Afganastáin* agus d'ullmhaigh sé *Uirlis Scagtha Eisiamh don Iaráic*, atá le seoladh sa bhliain 2020.

Sa bhliain 2019, threisigh EASO an comhar atá ar bun aige leis an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta agus le Eurojust trí pháirt a ghlacadh i gcruinnithe agus trí láithreoireachtaí a thabhairt iontu. Tar éis tabhairt faoi mhisean chun na hAlbáine i gcomhar le Frontex i mí na Nollag 2019, tugadh cuireadh do na hoifigigh de chuid Frontex a raibh freagracht orthu as Fóram Comhchomhairleach Frontex páirt a ghlacadh sa chéad líonra eisiaimh eile, ag teacht sna sála ar phlé ar nasc a chruthú idir an dá líonra.

## 5.3 Comhar le comhaltaí na gcúirteanna agus na mbinsí


**An tacaíocht a thug EASO do chomhaltaí na gcúirteanna agus na mbinsí agus an dóigh ar oibrigh sé i gcomhar leo**

| An t-ochtú Cruinniú Bliantúil Comhordúcháin agus Pleanála

| Forbraíodh foilseachán mar chuid den tSraith Forbartha Gairmiúla ar Chaighdeáin dhlíthiúla le haghaidh glacadh iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta.

| Seoladh an Chéad Cheardlann Réigiúnach de chuid EASO sa Ghearmáinis riamh.

Tacaíonn EASO le comhaltaí na gcúirteanna agus na mbinsí maidir le caighdeáin cháilíochta a bhreisiú agus féachann sé le feabhas a chur ar chomhsheasmhacht sa dóigh a gcuirtear ionstraimí dlíthiúla an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn chun feidhme. Chuige sin, cuireadh Líonra EASO um Chúirteanna agus Binsí ar bun agus rinneadh ábhair agus gníomhaíochtaí don tsraith forbartha gairmiúla a fhorbairt nó a chur chun feidhme ón mbliain 2013 amach do chomhaltaí na gcúirteanna agus na mbinsí, agus aird iomlán á tabhairt ar phrionsabal an neamhspleáchais bhreithiúnaigh (Airteagal 6 de Rialachán EASO).
I measc nithe eile, cuimsítear leis an gcomhar ábhair don tsraith forbartha gairmiúla le haghaidh gníomhaíochtaí oiliúna breithiúnaí a chur chun cinn ina dhiaidh sin, dlí-eolaíocht a bhailiú agus a mhalartú, tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit laistigh de chomhthéacs na tacaíochta d'oibríochtaí, agus bearta eile a dhéanamh de réir mar is gá ar bhonn *ad hoc*.




Tá an líonra ag rannchuidiú go dearfach le sraith forbartha gairmiúla EASO a fhorbairt do chomhaltaí na gcúirteanna agus na mbinsí. De bhreis air sin, bíonn líon méadaitheach ceardlann forbartha gairmiúla de chuid EASO á eagrú de réir mar a chuirtear ábhair ar raon níos leithne topaicí ar fáil. Is an-ard ar an iomlán atá an ráta sástachta i measc rannpháirtithe. Ón mbliain 2013 amach, tá an líonra ag teacht le chéile gach bliain ag Ceanncheathrú EASO i Málta le haghaidh a Chruinnithe Bhliantúil Comhordúcháin agus Pleanála chun saincheisteanna straitéiseacha agus téamacha a phlé.

Ar an 23 agus an 24 Eanáir 2020, rinne Líonra EASO um Chomhaltaí na gCúirteanna agus na mBinsí an t-ochtú Cruinniú Bliantúil Comhordúcháin agus Pleanála dá chuid a chur ar siúl i Málta. Le linn an chruinnithe sin, rinne sé machnamh ar a éachtaí sa bhliain 2019 agus leag sé amach a phlean oibre don bhliain 2020. Tá Líonra EASO um Chomhaltaí na gCúirteanna agus na mBinsí comhdhéanta de bhreithiúna agus d'ionadaithe do chúirteanna agus do bhinsí ó gach ceann de thíortha AE+, do Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus don Chúirt Eorpach um Chearta an Duine. Tá sé comhdhéanta freisin d'ionadaithe do Chumann na mBreithiúna Riaracháin Eorpacha, do Chumann Idirnáisiúnta na mBreithiúna Dlí Dídeanaithe agus Imirce, don Ghréasán Eorpach um Oiliúint Bhreithiúnach, d'Acadamh an Dlí Eorpaigh, don Institiúid Eorpach um Dhlí agus d'Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe.

Ar aon dul leis an modheolaíocht a comhaontaíodh le geallsealbhóirí ábhartha, go háirithe le comhaltaí na gcúirteanna náisiúnta agus na mbinsí náisiúnta sa bhliain 2015 (rud a leasaíodh ó shin i leith), lean EASO le comhullmhú na sraithe forbartha gairmiúla a chur ar aghaidh sa bhliain 2019 agus leis an tsraith sin a scaipeadh ina dhiaidh sin ar chomhpháirtithe ábhartha. Agus é i mbun a a chuid oibre sa réimse sin, leanadh le hiarrachtaí ábhair a fhorbairt agus a chur chun cinn lena n-úsáid i ngníomhaíochtaí forbartha gairmiúla do chomhaltaí na gcúirteanna agus na mbinsí. Tugadh foilseachán amháin chun críche le linn na bliana 2019 mar chuid de shraith forbartha gairmiúla EASO. Rinneadh anailís bhreithiúnach, Nóta Treorach ó Oiliúnóir Breithiúnach agus Cnuasach Dlí-eolaíochta ar *Chaighdeáin dhlíthiúla le haghaidh glacadh iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta* a chur i gcrích sa bhliain 2019 (le foilsiú fós). Tá sé mar aidhm leis an anailís bhreithiúnach sin uirlis phraiticiúil a sholáthar do chomhaltaí na gcúirteanna agus na mbinsí chun cabhrú leo tuiscint a fháil ar fhorálacha Threoir 2013/33/AE maidir le Coinníollacha Glactha (athmhúnlaithe). Tá sé mar aidhm leis an Treoir sin cóineasú a bhaint amach ar fud Bhallstáit an Aontais Eorpaigh trí chaighdeáin choiteanna a leagan síos le haghaidh glacadh iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta. Tá an anailís bhreithiúnach sin lena húsáid go príomha ag comhaltaí na gcúirteanna agus na mbinsí i mBallstáit an Aontais a bhfuil de chúram orthu achomhairc a éisteacht nó athbhreithniú a dhéanamh ar bhreitheanna ar shaincheisteanna a bhaineann le glacadh iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta. De bhreis air sin, is amhlaidh, faoi théarmaí an chonartha a tugadh i gcrích le Cumann Idirnáisiúnta na mBreithiúna Dlí Dídeanaithe, go ndearnadh anailís bhreithiúnach ar *Eisiamh ó chosaint idirnáisiúnta* a athbhreithniú agus a nuashonrú agus gur athbhreithníodh *Anailís Bhreithiúnach ar Airteagal 15(c) den Treoir maidir le Cáilitheacht*.

Sa bhliain 2019, ghlac 461 duine de chomhaltaí na gcúirteanna agus na mbinsí páirt i ngníomhaíochtaí forbartha gairmiúla EASO, i gcomparáid le 264 duine díobh sa bhliain roimhe. Áiríodh leis na gníomhaíochtaí sin dhá ghníomhaíocht gné seachtraí, ocht n-ócáid

oibríochtúla agus trí cinn déag de chruinnithe forbartha gairmiúla inar pléadh na topaicí seo a leanas:

- Coinneáil iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta, treoirsheisiún (Márta 2019).
- Tús eolais ar an gComhchóras Eorpach Tearmainn (Márta 2019).
- Faisnéis faoin Tír Thionscnaimh (Aibreán 2019).
- Cáilitheacht do Chosaint Idirnáisiúnta (Bealtaine 2019).
- Nósanna imeachta tearmainn agus prionsabal an *non-refoulement* (Meitheamh 2019).
- Coinneáil iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta (Meitheamh 2019).
- Measúnú Fianaise agus Creidiúnachta (Iúil 2019).
- Ceardlann réigiúnach sa Ghearmáinis, Leipzig (Meán Fómhair 2019).
- Deireadh a Chur le Cosaint Idirnáisiúnta (Meán Fómhair 2019).
- Eisiamh ó chosaint idirnáisiúnta (Deireadh Fómhair 2019).
- Cáilitheacht do Chosaint Idirnáisiúnta (Samhain 2019).
- Ceardlann réigiúnach san Iodáilis do bhreithiúna na hIodáile (Samhain 2019).
- Measúnú fianaise agus creidiúnachta do bhreithiúna na Cúirte Riaracháin um Chosaint Idirnáisiúnta sa Chipir (Samhain 2019).



I mí Mheán Fómhair 2019, d’eagraigh EASO Ceardlann Réigiúnach ag Cúirt Riaracháin Chónaidhme na Gearmáine in Leipzig. Ba í sin an chéad uair riamh ar tionóladh Ceardlann Réigiúnach sa Ghearmáinis. Ghlac comhaltaí de chúirteanna agus de bhinsí ón nGearmáin, ón Ostair agus ó Bhallstáit eile den Aontas páirt sa cheardlann sin, áit ar phléigh siad na dúshláin atá os comhair an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn faoi láthair, agus úsáid á baint acu as samplaí ó chleachtas na Gearmáine agus ó chleachtas na hOstaire. Le linn na ceardlainne, pléadh topaicí amhail an difríocht idir cosaint dídeanaithe agus cosaint choimhdeach, ballraíocht de ghrúpa sóisialta ar leith mar údar le géarleanúint, measúnú creidiúnachta i gcásanna tiontaithe reiligiúnaigh agus homaighnéasachta, an fhéidearthacht um eitilt laistigh den tír, agus gluaiseachtaí tánaisteacha dídeanaithe.

Trí láithreoireacht a bhí faoi stiúir ag saineolaí de chuid EASO ar fhaisnéis faoin tír thionscnaimh, tugadh do na rannpháirtithe ábhar ó shraith forbartha gairmiúla EASO a bhain leis na topaicí a pléadh agus ábhar EASO ar an Afganastáin.

Seoladh an dara gairm léirithe spéise le haghaidh Dhíorma Oiliúnóirí Breithiúnacha EASO i mí an Mheithimh 2019. Fuarthas 64 iarratas ó chomhaltaí na gcúirteanna agus na mbinsí i dtíortha AE+ ar an ngairm sin. Bhí an dara cruinniú de chuid an Choiste Roghnúcháin ar siúl i mí Dheireadh Fómhair 2019, ar lena linn a tugadh 37 oiliúnóir breithiúnach nua isteach sa díorma. Agus an méid seo á scríobh, tá 84 Oiliúnóir Breithiúnach de chuid EASO i nDíorma Oiliúnóirí Breithiúnacha EASO, i gcomparáid le 47 Oiliúnóir Breithiúnach an bhliain roimhe.

# 6. Gníomhaíochtaí cothrománacha

## 6.1 An fóram comhchomhairleach agus an tsochaí shibhialta

**Cruinnithe de chuid an fhóraim chomhchomhairligh:**

| Cruinniú téamach ar Ghéarleanúint ar bhonn inscne (Iúil 2019).

| Cruinniú Iomlánach Bliantúil an Fhóraim Chomhchomhairligh ar na Céimeanna tosaigh den Nós Imeachta Tearmainn (Samhain 2019).

Lean EASO le dlúth-idirphlé a choinneáil ar bun leis an tsochaí shibhialta trína fhóram comhchomhairleach, tríd an ardán sochaí sibhialta de chuid EASO agus trí ríomhchomhairliúcháin inar pléadh doiciméid thábhachtacha ó EASO.

Tháinig an fóram comhchomhairleach le chéile dhá uair sa bhliain 2019. Cuireadh cruinniú téamach ar Ghéarleanúint ar bhonn inscne ar siúl i mí Iúil. Ina dhiaidh sin, óstáladh sa Bhruiséil, ar an 12 Samhain 2019, cruinniú iomlánach an fhóraim chomhchomhairligh ar na céimeanna tosaigh den nós imeachta tearmainn. D'imir eagraíochtaí sochaí sibhialta páirt lárnach sa dá ócáid a ullmhú. Chuir siad a n-ionchur isteach trí shuirbhé poiblí a rinneadh ar gach duine de chomhaltaí an fhóraim chomhchomhairligh agus trí chomhairliúcháin aghaidh ar aghaidh a seoladh le roinnt eagraíochtaí sochaí sibhialta a bhfuil saineolas acu ar thopaicí sainaitheanta. Difríocht mhór idir an bhliain seo agus blianta eile ba ea an leibhéal aschuir a fuarthas ón dá chruinniú, a ndearna rannpháirtithe na moltaí a phlé agus a chur in ord tosaíochta lena linn.

Eagraíodh sraith ceardlann sa bhliain freisin. Le linn na gceardlann sin, bhí deis ag meithleacha machnaimh, an lucht léinn, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus eagraíochtaí sochaí sibhialta teacht le chéile agus rannchuidiú le Tuarascáil Bhliantúil EASO ar Staid an Tearmainn san Aontas a chur le chéile agus príomhthreochtaí i réimse an tearmainn a phlé.

Fuarthas 122 aighneacht ó eagraíochtaí sochaí sibhialta mar fhreagra ar chomhairliúcháin ar sheol EASO iad ar dhoiciméid thábhachtacha. Áiríodh leis na doiciméid sin: an tuarascáil bhliantúil ar staid an tearmainn 2018; dréachtchlár oibre EASO don bhliain 2020; tuarascáil ghinearálta bhliantúil EASO 2018; agus an anailís bhreithiúnach ar chaighdeáin dhlíthiúla le haghaidh glacadh iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta.

Chomh maith leis sin, ghlac eagraíochtaí sochaí sibhialta roghnaithe páirt i ngrúpaí tagartha ar uirlisí oiliúna agus praiticiúla. Ghlac níos mó ná 30 eagraíocht sochaí sibhialta páirt i ngrúpa comhairleach Líonra EASO um Shaineolaithe Leochaileachta. Chomh maith leis sin, ghlac roinnt saineolaithe eile ó eagraíochtaí sochaí sibhialta páirt i gcruinnithe, ceardlanna agus comhdhálacha inar pléadh faisnéis faoin tír thionscnaimh agus chuir siad ábhar saineolaíoch le tuarascálacha ar fhaisnéis faoin tír thionscnaimh.

Ghlac EASO é féin páirt i líonraí sochaí sibhialta. Áiríodh leo sin: Fóram Comhchomhairleach Frontex; an Líonra Cleachtóirí um Idirphlé Sochaí Sibhialta, rud ar eagraigh Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa é; Fóram Imirce na hEorpa; agus an Grúpa Teagmhála um Fhothú Acmhainneachta agus um Thacú le Cosantóirí Chearta an Duine, rud ar eagraigh FRA agus an Oifig um Institiúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine de chuid na hEagraíochta um Shlándáil agus Comhar san Eoraip é.

## 6.2 Cumarsáid agus ócáidí EASO

**Clúdach Meán Sóisialta**
Lean láithreacht EASO sna meáin shóisialta ar aghaidh ag fás. Tuairiscíodh méadú mór sa chlúdach Meán Sóisialta. Is féidir é sin a fheiceáil sa líon daoine is féidir a shroicheadh ar ardán Twitter, atá cothrom le 8.4 milliún duine (+600 % ón mbliain 2018; +976 % ón mbliain 2017).

Trí chur chuige níos spriocdhírithe a ghlacadh i leith a ghníomhaíochtaí cumarsáide, leanann EASO lena theachtaireacht a chur in oiriúint do mhórfhorbairtí beartais idirnáisiúnta chun go mbeidh EASO níos ábhartha do dhioscúrsa an phobail. Trí úsáid mhór a bhaint as inneachar closamhairc agus inneachar gonta sothuigthe (chun aistriú amach ó inneachar teicniúil agus nideoige) agus trí úsáid chomh mór céanna a bhaint as na meáin shóisialta agus na meáin ollchumarsáide (sreangscéalta nuachta go háirithe) mar uirlisí chun spriocphobal níos mó a shroicheadh, thaifead EASO feabhas mór ar chlúdach a tháirgí

cumarsáide. Ba í seo an dara bliain den aistriú ó chumarsáid speisialaithe teicniúil go straitéis lena ndírítear ar na gníomhaíochtaí is “ábhartha” de chuid EASO, arb iad na gníomhaíochtaí lena méadaítear ábharthacht na Gníomhaireachta do spriocphobal níos leithne iad. Áirítear leo sin oibríochtaí EASO agus a chuid treochtaí tearmainn/táirgí sonraí. Ba é an toradh a bhí air sin gur tugadh straitéis nua cumarsáide EASO chun críche ag deireadh na bliana, le teacht in éifeacht go hoifigiúil sa bhliain 2020.

De bhreis ar an méadú suntasach ar chlúdach, bhíothas in ann an t-aitheantas méadaitheach do EASO a fheiceáil sa mhéadú a bhí ar an líon iarrataí a rinne an preas, ar an líon ceisteanna a chuir an pobal i gcoitinne, agus ar an líon cuairteanna fisiciúla a tugadh ar EASO é féin. Chomh maith leis sin, ghlac EASO páirt lárnach ina chumarsáid a chomhordú le Gníomhaireachtaí eile Ceartais agus Gnóthaí Baile (CGB) agus leis an gCoimisiún Eorpach chun teachtaireachtaí sineirgisteacha a áirithiú.

De réir mar a leanann EASO ar aghaidh ag fás, leanann an líon ócáidí a bhíonn á mbainistiú ag EASO ag fás freisin. Chun an t-ualach riaracháin a mhaolú agus chun a áirithiú go bhfreagraítear do na riachtanais a bhíonn ag méadú, táthar ag smaoineamh ar uirlisí nua a thabhairt isteach chun cabhrú le hócáidí amach anseo a bhainistiú.

## 6.3 Caidreamh le geallsealbhóirí

**Rannpháirteachas le geallsealbhóirí**
Choinnigh EASO dlúthchaidreamh ar bun lena gheallsealbhóirí chun an méid is airde comhair, comhordúcháin agus sreabhadh faisnéise cuí is féidir a áirithiú. Cuireadh cruinnithe ar siúl le príomh-gheallsealbhóirí. Áiríodh leo cruinnithe déthaobhacha le hAirí agus cruinnithe ar eagraigh Institiúidí an Aontais, Gníomhaireachtaí an Aontais, Líonra na nGníomhaireachtaí CGB nó Líonra Ghníomhaireachtaí an Aontais iad. Cuireadh cruinnithe ar siúl le hEagraíochtaí Idirnáisiúnta freisin. Áiríodh leo Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe, an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce, na Comhairliúcháin Idir-Rialtasacha maidir le Beartais a bhaineann le Tearmann, le Dídeanaithe agus le hInimirce, agus an Lárionad Idirnáisiúnta um Fhorbairt Beartas Imirce.

D’óstáil EASO cuairteanna éagsúla ar a cheanncheathrú i Málta. Áiríodh leo sin cuairteanna ó thoscaireachtaí ardleibhéil, cruinnithe de chuid Bhord Bainistíochta EASO, cuairteanna ó ionadaithe d’eagraíochtaí sochaí sibhialta, cruinnithe de chuid pointí teagmhála náisiúnta, agus cuairteanna staidéir, i measc nithe eile.

Trí líon méadaitheach ócáidí straitéiseacha agus cruinnithe déthaobhacha le geallsealbhóirí ar gach leibhéal a eagrú agus trí pháirt a ghlacadh iontu sin, d’éirigh le EASO infheictheacht EASO agus a chuid oibre a leathnú, feasacht a mhéadú ar na riachtanais agus na dúshláin a mbítear ag déileáil leo, eolas agus saineolas a thabhairt le haghaidh beartais agus cinntí a dhéanamh ar bhonn fianaise, agus creidiúnacht EASO a neartú. Ag an am céanna, d’éirigh leis an caidreamh reatha le príomh-gheallsealbhóirí a chomhdhlúthú agus caidreamh nua a chothú.

Anuas ar an bpáirt ghníomhach a ghlac sé i gcruinnithe de chuid Líonra na nGníomhaireachtaí CGB agus Líonra Ghníomhaireachtaí an Aontais, ar lena linn a bhíothas in ann an dea-chleachtas a chomhroinnt i roinnt earnálacha, i measc nithe eile, lean EASO lena chomhoibriú gníomhach le Gníomhaireachtaí eile CGB trí chomhairliúcháin a sheoladh agus ionchur a sholáthar maidir le doiciméid, le tuarascálacha agus le táirgí. Áiríodh leis sin modúil oiliúna, treoracha praiticiúla agus comhthuarascálacha a chur le chéile.

Leanadh le cruinnithe rialta a thionól le hoifig idirchaidrimh Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe do EASO i Málta. Leanadh freisin le faisnéis a mhalartú ar bhonn rialta. Chuathas i gcomhairle le hOifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe maidir le táirgí éagsúla ó EASO, i gcomhréir le Rialachán EASO agus leis an Socrú Oibre idir EASO agus Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe. I mí na Nollag 2019, ghlac EASO páirt ghníomhach san Fhóram Domhanda Dídeanaithe.




Chomh maith leis sin, lean EASO lena láithreacht laistigh de Ghréasán Imirce na hEorpa a mhéadú trí rannpháirtíocht chomhsheasmhach agus rannpháirteachas gníomhach sna pointí teagmhála

náisiúnta, na Cruinnithe Boird Stiúrtha agus na próisis chomhairliúcháin de chuid Ghréasán Imirce na hEorpa.

**Comhar a chur ar bhonn foirmiúil:**

- Síníodh Comhaontú Óstála idir EASO agus údaráis na Cipire ar an 19 Meán Fómhair 2019, rud lena dtugtar soiléire dhlíthiúil maidir leis an stádas atá ag EASO sa Chipir, lena n-áirítear an stádas atá ag a chuid ball foirne agus pearsanra.

- Rinneadh ardphlé ar Chomhaontú Óstála a thabhairt chun críche le haghaidh Oifig Oibríochtúil de chuid EASO sa Ghréig (a síníodh ar an 28 Eanáir 2020).

- Síníodh socrú oibre idir EASO agus an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce d'fhonn creat comhair a chur ar bun ar réimsí ábhartha oibre frithpháirtí agus leasa fhrithpháirtigh.

- Síníodh an Plean Comhair idir EASO agus Frontex don tréimhse 2019-2021 i Heilsincí ar an 18 Iúil 2019. Leis an bPlean, leasaíodh an Plean Comhair roimhe sin a bhí bunaithe ar an Socrú Oibre idir EASO agus Frontex don bhliain 2012. Leagadh amach ann roinnt príomhghníomhartha féideartha i réimsí comhair, amhail oibríochtaí, faisnéis agus anailís agus fothú acmhainneachta (oiliúint), mar aon le comhar cothrománach i réimsí amhail cearta bunúsacha, earcaíocht, soláthar agus lóistíocht.

# 7. Rialachas

Le linn an 31ú cruinniú dá chuid, a bhí ar siúl i mí Feabhra 2019, cheap Bord Bainistíochta EASO Nina Gregori Uas. mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin nua ar EASO. Chuaigh Nina Gregori Uas. i mbun oifige i mí an Mheithimh 2019. Le linn an chruinnithe chéanna, rinne an Bord an Dr David Costello, ar Comhalta Boird as Éirinn é, a thoghadh mar Chathaoirleach nua. Chomh maith leis sin, rinne an Bord Mikael Ribbenvik, ar Comhalta Boird as an tSualainn é, a thoghadh mar Leas-Chathaoirleach.

Chun féachaint le próisis rialachais EASO a neartú tuilleadh, chuir Nina Gregori Uas., Stiúrthóir Feidhmiúcháin EASO, **cairt eagrúcháin nua ("eagraghram") do EASO** i láthair an Bhoird Bhainistíochta ar an 26 Samhain 2019 lena cheadú. Tháinig an struchtúr nua i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2020 (féach Iarscríbhinn A.I. thíos).

Bhí sé mar aidhm leis an athstruchtúrú trí réimse tosaíochta a sainaithníodh do EASO a léiriú, mar atá: ról oibríochtúil EASO a neartú; géarú ar na gníomhaíochtaí oiliúna agus ar an bhforbairt ghairmiúil a sholáthraíonn sé do shaineolaithe tearmainn; agus an ról atá ag EASO mar fhíor-lárionad eolais agus saineolais ar chúrsaí tearmainn a chruthú trí uirlisí treorach a tháirgeadh agus trí obair bhreisithe staidrimh, anailíse agus taighde a dhéanamh.

Tá na trí phríomhghníomhaíocht curtha isteach i dtrí lárionad leithleacha saineolais, eolais agus forbartha, mar atá: lárionad tacaíochta oibríochtúla (C1); lárionad oiliúna agus forbartha gairmiúla (C2); agus lárionad eolais tearmainn (C3).

Tá sé mar aidhm leis an struchtúr eagrúcháin nua freisin neartú a dhéanamh ar an Oifig Feidhmiúcháin agus ar na freagrachtaí atá uirthi, lena n-áirítear pleanáil chorparáideach agus tuairisciú corparáideach, gnóthaí dlí agus cosaint sonraí, rialú inmheánach, bainistíocht riosca, agus bainistíocht cáilíochta.

Beart tábhachtach ar cuireadh fáilte roimhe sa bhliain 2019 ba ea an *fheidhm dlí* a athbhunú laistigh de EASO. Tá sé beartaithe an fheidhm sin a neartú tuilleadh sa bhliain 2020 trí acmhainní breise a sholáthar. Rinneadh bearta freisin chun comhlíonadh an Rialacháin Ghinearálta maidir le *Cosaint Sonraí* a áirithiú. Chun a áirithiú go gcomhlíonfar prionsabail chosanta sonraí, beidh seiceálacha breise (i gcomparáid le Rialachán EASO atá ann cheana) ag teastáil ó na próisis nua chosanta sonraí a bheartaítear faoi Rialachán EUAA sa todhchaí.

Leanann EASO le dianiarracht a dhéanamh na prionsabail *rialaithe inmheánaigh* a chomhlíonadh ina n-iomláine, agus déanann sé measúnuithe ar bhonn rialta chun éifeachtacht a chórais rialaithe inmheánaigh a thomhas agus chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht an chórais sin arís eile. Treisítear cur chun feidhme an chreata rialaithe inmheánaigh leis an bhfeidhm rialuithe *ex post*. Rannchuidíonn an fheidhm sin le héifeachtacht fhoriomlán an chreata rialaithe inmheánaigh trí fhéinmheasúnuithe agus athbhreithnithe bliantúla a dhéanamh, rud a dtugtar tosaíocht dó sa chlár bliantúil rialuithe *ex post*. Chun an t-ionchas ón gcreat rialaithe inmheánaigh a chomhlíonadh, d'fhorbair EASO nós imeachta maidir le *bainistíocht riosca* freisin chun sainaithint agus measúnú a dhéanamh ar shaincheisteanna féideartha a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chur i gcrích ghníomhaíochtaí EASO agus do bhaint amach a chuspóirí agus chun freagairt do na saincheisteanna féideartha sin.

Agus béim á leagan ar *bhainistíocht cáilíochta* a phríomhshruthú ar fud ghníomhaíochtaí EASO, tugadh bearta isteach mar fhreagairt do na riachtanais agus na prionsabail a eascraíonn as an gcreat is infheidhme, agus rinneadh amhlaidh ar aon dul le prionsabail rialaithe inmheánaigh.

Leanann EASO le hobair a dhéanamh ar ghníomhartha a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar *fhionnachtana ó iniúchtaí* ar sheol an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach de chuid an Choimisiúin Eorpaigh iad. Leanann sé freisin le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na moltaí faoi na spriocdhátaí comhaontaithe agus le tuairisc a thabhairt ar an gcur chun feidhme sin. Tugtar tosaíocht freisin *d'inniúlachtaí ó thaobh na pleanála corparáidí, an fhaireacháin agus an tuairiscithe de,* lena n-áirítear cleachtaí réamhaisnéisithe, cleachtaí beartú tosaíochta agus cleachtaí pleanála teagmhasaí. Chomh maith leis sin, cuirfear gné slándála corparáidí chun feidhme sa bhliain 2020.

Lean EASO le hobair i ndlúthchomhar lena Bhord Bainistíochta ar fud na bliana, lena n-áirítear trí bhearta a thabhairt isteach a bhfuil mar aidhm leo cainéil chumarsáide a threisiú. I mí an Mheithimh 2019, bunaíodh nós imeachta le haghaidh tuairisciú ráithiúil don Bhord Bainistíochta chun a rianú cén dul chun cinn atá á dhéanamh ar chuspóirí réamhshainithe a chomhlíonadh ar fud réimsí rialachais, agus ar fud na réimsí seo go sonrach: cur chun feidhme Chlár Oibre EASO; Acmhainní Daonna; Rannpháirteachas leis an bhFoireann; Rialú Inmheánach; Soláthar; agus Buiséad

agus Airgeadas. Cuireadh an chéad tuarascáil den sórt sin faoi bhráid an Bhoird Bhainistíochta i mí Dheireadh Fómhair 2019, ar aon dul le Cinneadh Uimh. 53 ón mBord Bainistíochta, a aisghaireadh ina dhiaidh sin le Cinneadh 60 ón mBord Bainistíochta.


Ag obair di i ndlúthchomhairle le Cathaoirleach agus comhaltaí Bhord Bainistíochta EASO, rinne an Stiúrthóir Feidhmiúcháin ionadaíocht do EASO le linn plé le Parlaimint na hEorpa, leis an gCoimisiún Eorpach agus leis an gComhairle i gcomhthéacs na ndíospóireachtaí a bhí ar bun ar an urscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad EASO don bhliain airgeadais 2018. Sa tréimhse roimh an gcinneadh a rinne Parlaimint na hEorpa i mí na Bealtaine 2020, chuaigh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin i mbun teagmháil oscailte le Feisirí de Pharlaimint na hEorpa maidir le bearta ceartaitheacha a rinne EASO chun gníomh leantach a dhéanamh ar urscaoileadh na bliana 2017 agus chun tuairisc a thabhairt ar an gcur chun feidhme agus an dul chun cinn a bhíothas ag déanamh ar mholadh a d’eascair as an tuarascáil ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa don bhliain airgeadais 2018.

*** Agus an méid seo á scríobh, chinn Parlaimint na hEorpa le linn a cruinnithe ar an 14 Bealtaine 2020 urscaoileadh a dheonú do EASO i leith a bhuiséid don bhliain 2018.*

# Iarscríbhinní

## A.I.: Cairt eagrúcháin EASO

Léirítear sa chairt eagrúcháin thíos an struchtúr nua a cheadaigh Bord Bainistíochta EASO ar an 26 Samhain 2019 agus a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 2020.



# A.II.: Buiséad EASO sa bhliain 2019

### Tábla A.1: Feidhmiú buiséid na Leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí (CA) de réir foinse ciste

| Teideal buiséid | Foinse ciste | CA a buiséadaíodh (€) | CA a cuireadh chun feidhme (€) | CA (%) |
|---|---|---|---|---|
| Teideal 1 – Caiteachas foirne | C1 | 27 285 300.00 | 24 816 895.67 | 90.95 |
| | C4 | 5 219.75 | 2 233.02 | 42.78 |
| | C5 | 4 266.30 | 2 124.80 | 49.80 |
| | C8 | 1 376 859.78 | 1 102 394.07 | 80.07 |
| Iomlán Theideal 1 | | 28 671 645.83 | 25 923 647.56 | 90.42 |
| Teideal 2 – Caiteachas bonneagair agus oibriúcháin | C1 | 12 897 200.00 | 12 077 824.53 | 93.65 |
| | C5 | 4 135.43 | 2 903.96 | 70.22 |
| | C8 | 4 153 515.45 | 3 784 382.55 | 91.11 |
| | R0 | 10 213.40 | 698 192.85 | 0.00 |
| Iomlán Theideal 2 | | 17 065 064.28 | 15 865 111.04 | 92.97 |
| Teideal 3 – Caiteachas oibríochtúil | C1 | 56 503 500.00 | 55 167 741.33 | 97.64 |
| | C4 | 7 631.33 | - | 0.00 |
| | C5 | 21 082.00 | 17 818.59 | 84.52 |
| | C8 | 20 217 720.39 | 18 109 592.38 | 89.57 |
| | R0 | 14 412 811.42 | 5 149 194.56 | 35.73 |
| Iomlán Theideal 3 | | 91 162 745.14 | 78 444 346.86 | 86.05 |
| Teideal 4 – Tionscadail sheachtracha eile | R0 | 941 530.00 | 564 865.58 | 59.99 |
| Iomlán Theideal 4 | | 941 530.00 | 564 865.58 | 59.99 |
| Iomlán CA | | 137 840 985.25 | 120 797 971.04 | 87.64 |


### Tábla A.2: Feidhmiú buiséid na Leithreasaí faoi chomhair Íocaíochtaí (PA) de réir foinse ciste

| Teideal buiséid | Foinse ciste | PA a buiséadaíodh (€) | PA a caitheadh (€) | PA (%) |
|---|---|---|---|---|
| Teideal 1 – Caiteachas foirne | C1 | 27 285 300.00 | 22 866 865.65 | 83.81 |
| | C4 | 5 219.75 | 2 233.02 | 42.78 |
| | C5 | 4 266.30 | 2 124.80 | 49.80 |
| | C8 | 1 376 859.78 | 1 102 394.07 | 80.07 |
| Iomlán Theideal 1 | | 28 671 645.83 | 23 973 617.54 | 83.61 |
| Teideal 2 – Caiteachas bonneagair agus oibriúcháin | C1 | 12 897 200.00 | 7 883 835.19 | 61.13 |
| | C5 | 4 135.43 | 2 903.96 | 70.22 |
| | C8 | 4 153 515.45 | 3 784 382.55 | 91.11 |
| | R0 | 10 213.40 | 698 192.85 | 0.00 |
| Iomlán Theideal 2 | | 17 065 064.28 | 11 671 121.70 | 68.39 |
| Teideal 3 – Caiteachas oibríochtúil | C1 | 56 503 500.00 | 56 130 198.64 | 99.34 |
| | C4 | 7 631.33 | | 0.00 |
| | C5 | 21 082.00 | 21 082.00 | 100.00 |
| | R0 | 14 412 811.42 | 3 599 471.97 | 24.97 |
| Iomlán Theideal 3 | | 70 945 024.75 | 59 750 752.61 | 84.22 |
| Teideal 4 – Tionscadail sheachtracha eile | R0 | 941 530.00 | 344 533.48 | 36.59 |
| Iomlán Theideal 4 | | 941 530.00 | 344 533.48 | 36.59 |
| Iomlán PA | | 117 623 264.86 | 95 740 025.33 | 81.40 |


# A.III. Foireann EASO


## Graf A.1: Dáileadh geografach fhoireann EASO amhail an 31.12.2019

Rinneadh ionadaíocht do 28 náisiúntacht amhail an 31.12.2019.




## Graf A.2: Dáileadh fhoireann EASO de réir inscne amhail an 31.12.2019



## Teagmháil a dhéanamh le hinstitiúidí an Aontais Eorpaigh

### Dul ann tú féin

Tá na céadta Ionad Eolais "Europe Direct" ann ar fud an Aontais Eorpaigh. Is féidir leat seoladh an ionaid is gaire duit a fháil anseo: https://europa.eu/european-union/contact_ga

### Ar an bhfón nó le ríomhphost

Seirbhís is ea Europe Direct a thabharfaidh freagra duit ar cheisteanna faoin Aontas Eorpach: Is féidir leat dul i dteagmháil leis an tseirbhís sin:

— ag uimhir shaorghlao: 00 800 6 7 8 9 10 11 (d'fhéadfadh oibreoirí áirithe táille a ghearradh as na glaonna sin),
— ag an ngnáthuimhir seo a leanas: +32 22999696, nó
— le ríomhphost, tríd an suíomh: https://europa.eu/european-union/contact_ga

## Eolas a fháil faoin Aontas Eorpach

### Ar líne

Tá eolas faoin Aontas Eorpach ar fáil i ngach ceann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh ar an suíomh gréasáin Europa ag: https://europa.eu/european-union/index_ga

### Foilseacháin de chuid an Aontais

Is féidir leat foilseacháin de chuid an Aontais Eorpaigh, idir chinn saor in aisce agus chinn a bhfuil praghas orthu, a íoslódáil nó a ordú ag: https://op.europa.eu/ga/publications. Más mian leat a lán cóipeanna de na foilseacháin saor in aisce a fháil, is féidir dul i dteagmháil le Europe Direct nó le d'ionad eolais áitiúil chun é sin a dhéanamh (féach https://europa.eu/european-union/contact_ga).

### Dlí an Aontais Eorpaigh agus doiciméid ghaolmhara

Chun teacht ar eolas dlíthiúil ón Aontas Eorpach, dlí an Aontais Eorpaigh ón mbliain 1952 ar aghaidh sna teangacha oifigiúla san áireamh, téigh chuig EUR-Lex ag: http://eur-lex.europa.eu

### Sonraí oscailte ón Aontas Eorpach

Is féidir teacht ar thacair shonraí ón Aontas Eorpach ag Tairseach Sonraí Oscailte an Aontais (http://data.europa.eu/euodp/ga). Is féidir sonraí a íoslódáil agus a athúsáid saor in aisce, ar bhonn tráchtála nó ar bhonn neamhthráchtála.

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh